



Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
2019



Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2019

Dáta Foilsithe: Samhain 2020

Ábhar

Ráiteas an Chathaoirligh	1
Léargas Ginearálta ar an bPolasaí agus Comhthéacs an Pholasaí.....	4
Tosaíocht Straitéiseach 1:	8
Tosaíocht Straitéiseach 2:	26
Tosaíocht Straitéiseach 3	31
Tosaíocht Straitéiseach 4:	39
Tosaíocht Straitéiseach 5:	53
Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019	63
Faisnéis Ghinearálta	101
Aguisín 1: An tÚdarás agus coistí eile in 2019.....	102
Aguisín 2: Ionadaíocht ar chomhlachtaí seachtracha in 2019	104
Aguisín 3: Foilseacháin 2019	106
Aguisín 4: Páipéir ar chomhairle i dtaobh polasaí in 2019.....	107

Ráiteas an Chathaoirligh

Is mór an pléisiúr dom tuarascáil bhliantúil an Údaráis Náisiúnta Míchumais (an ÚNM) 2019 a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Sa tuarascáil seo, tá breac-chuntas déanta ar ghníomhaíochtaí agus ar aschuir an ÚNM a bhaineann leis an gcéad bhliain den Phlean Straitéiseach trí-bliana atá againn don tréimhse 2019-2021.

Leanamar ar aghaidh leis an tiomantas atá againn mar chomhlacht reachtúil faisnéis agus comhairle neamhspleách atá bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil don Rialtas agus d'fheidhmeannaigh san earnáil phoiblí a oibríonn leis an mbeartas agus leis an gcleachtas chun an fhís straitéiseach atá againn do Shochaí na hÉireann a thabhairt chun críche. Is í an fhís atá againn ná go mbeadh Éire mar thír ina mbeadh daoine faoi chumas in ann a gcearta sibhialta agus polaitíochta a bhaint amach; ina mbeadh deiseanna comhionannais acu chun páirt a ghlacadh sa saol eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha; ina mbeadh rogha agus smacht acu ar an dóigh a chaitheann siad a saol; agus ina mbainfeadh siad barr a gcumas i sochaí agus timpeallacht a ghlacann leis an lánéagsúlacht dhaonna agus chumais atá ann, agus ina n-aithneofaí an éagsúlacht sin. Aithnímid go mbeidh gá le cur chuige uile-rialtais chun an cuspóir sin a chur i gcrích, cur chuige a mbeidh go leor ranna agus gníomhaireachtaí rialtais páirteach ann agus ag obair as lámh a chéile, agus leanamar ar aghaidh ag obair i gcomhar a chéile leo go léir i rith 2019 chun na críche seo. Tá ár gcomhairle bunaithe ar thaighde, ar anailís sonraí agus ar athbhreithniú ar an dea-chleachtas, chomh maith le faisnéis agus foghlaim ón taithí beatha atá ag daoine faoi mhíchumas.

Lean an ÚNM ar aghaidh leis an obair chun an Dearadh Uilíoch a chur chun cinn. Is éard atá i gceist leis an Dearadh Uilíoch ná dearadh agus forbairt na timpeallachta ionas gur féidir le cách rochtain agus tuiscint a bheith acu uirthi, beag beann ar aois, méid, náisiúntacht, cumas nó míchumas. Bhíomar sásta leis an rannpháirtíocht a bhí ag comhlachtaí oideachais in 2019 i dtaca le tuilleadh forbartha agus daingnithe maidir leis an Dearadh Uilíoch i gcúrsaí oideachais le haghaidh na daoine siúd atá a bhfuil páirteach san iarracht táirgí, seirbhísí, TFC agus an timpeallacht thógtha a dhearadh. Leanamar orainn ag obair le hearnáil na tionsclaíochta, le comhlachtaí caighdeáin agus le comhlachtaí gairmiúla, gur léir é go bhfuil siad ag taispeáint feasachta ar Dhearadh Uilíoch agus lena chur i bhfeidhm go praiticiúil maidir leis na caighdeáin nua agus na caighdeán rannpháirtíochta sa chlár dámhachtana.

Le linn 2019, leanadh leis go raibh Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD) i gcroílár an obair a dhéantar san ÚNM, agus déanaimid suntas de go bhfuil Éire le cur a chéad tuarascáil ar an fheidhmíocht i ndáil leis an gCoinbhinsiún faoi bhráid na Náisiún Aontaithe in 2020.

An Fhostaíocht do Dhaoine faoi Míchumas

Lean an ÚNM leis ag glacadh an ról atá aige comhairle agus faisnéise a chur ar fáil chun tacú le feidhmiú na Straitéise Cuimsithí Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas (2015-2024) agus leis an gcéad phlean gníomhaíochta trí bliana dá chuid le haghaidh bhunchéim na Straitéise. Thugamar comhairle don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais freisin ar conas an dara plean gníomhaíochta trí bliana a fhorbairt, a fhoilsíodh in 2019 agus a bheidh mar bhonn agus taca leis an gníomh a bheidh a dhéanamh ag a lán ranna agus gníomhaireachtaí rialtais suas go dtí deireadh 2021.

In 2019, chríochnaíomar taighde agus d'fhoilsíomar tuarascáil ar an dea-chleachtas maidir le conas an cóiríocht réasúnach a sholáthar d'fhostaithe atá faoi mhíchumas, toisc go bhfuil sé sin aitheanta againn mar ábhar imní do dhaoine faoi mhíchumas agus d'fhostóirí araon, maidir le conas an cóiríocht réasúnta a bhaint amach agus a chur ar fáil. Sa taighde seo, tá saincheisteanna praiticiúla nocht a mheasann an ÚNM gur féidir aghaidh a thabhairt orthu ach treoir a thabhairt d'fhostóirí maidir leis an

gcóiríocht réasúnach a théann níos faide ná na híosccheanglais reachtacha.

Leanamar leis an obair atá déanta againn chun monatóireacht a dhéanamh ar dhaoine faoi mhíchumas a fhostú sa tseirbhís phoiblí, agus suntas déanta againn de gur tháinig laghdú ar líon foriomlán na foirne a thuairiscigh go raibh siad faoi mhíchumas in 2018, in ainneoin méadú foriomlán a bheith tagtha ar líon iomlán na bhfostaithe san earnáil phoiblí. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú ar chéatadán na bhfostaithe a thuairiscigh go raibh siad faoi mhíchumas síos ó 3.5% in 2017 go 3.3% in 2018. Cé gur sháraigh go leor ranna rialtais agus comhlachtaí poiblí an sprioc, leanamar orainn ag spreagadh daoine eile chun pleananna gníomhaíochta a fhorbairt, agus ag tabhairt comhairle dóibh ina leith sin, chun an sprioc a bhaint amach agus a shárú, trí ionaid oibre uilechuimsitheacha a chur i mbun agus trí ghníomhú chun baill foirne faoi mhíchumas a mhealladh agus a choinneáil. Beidh tábhacht ar leith ag baint leis seo toisc go mbeidh 6% ar a laghad ag teastáil faoin mbliain 2024.

Saolta a Bhunathrú chun Feabhais

Trí thaighde a dhéanamh agus comhairle a thabhairt agus trí thacú le forbairt caighdeán agus creataí, lean an ÚNM ag tacú leis na tionscnaimh atá deartha chun seirbhísí míchumais a athrú ó bhonn ar mhaithe le chuige sainoiriúnaithe don duine ar leith a bhaint amach maidir le tacaíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas chun an cineál saol atá á iarraidh acu a bhaint amach. In 2019, chuireamar le tionscnaimh a chuir ar chumas rolladh amach na gCaighdeán Eatramhach do Threonna Nua, chun cur chuige atá dírithe ar an duine a bhaint amach. Chuireamar ionchur le Modúl r-Fhoghlama an FSS “Gnáthsaol a Bheith Agat i nGnáth-Áit”, a seoladh in 2019, a bhfuil breac-chuntas tugtha ann ar conas Treonna Nua a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhísí sláinte agus na seirbhísí cúraim shóisialta.

Buiséid Phearsantaithe

Tar éis tuarascáil an Tascfhórsa ar Bhuiséid Phearsantaithe a bheith foilsithe in 2018, in 2019, d’oibrigh an ÚNM chun comhairle a thabhairt don Roinn Sláinte agus don FSS maidir leis an dearadh agus an cur chuige chun meastóireacht a dhéanamh ar thionscadail taispeána. Is éard a bheidh i gceist leis seo ná tástáil a dhéanamh ar riarachán agus seachadadh na mbuiséad pearsantaithe, agus taithí na rannpháirtithe aonair a thástáil d’fhonn rolladh amach níos leithne na samhlacha íocaíochta atá i gceist a threorú. Ghlac an ÚNM páirt mar chomhlacht comhairleach neamhspleách ar an nGrúpa Maoirseachta le haghaidh na tionscadail taispeána i gcomhar le hoifigigh éagsúla. Beidh an ÚNM ag glacadh an cheannaireacht i ndáil leis an ngné measúnaithe de freisin. Táimid ag tnúth leis an méid a bheidh foghlamtha againn ón tionscnamh seo.

An Dearadh Uilíoch

Mar chuid den obair a dhéantar san Ionad Barr Feabhais sa Dearadh Uilíoch atá againn, cuirtear tionchar i bhfeidhm ar chaighdeán ar an mbonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Bhí an-áthas orainn gur ceadaíodh an Caighdeán Éireannach ar Chumarsáid Custaiméirí maidir le Fónais nua- cur chuige maidir leis an Dearadh Uilíoch- a bheith foilsithe le linn 2019 nuair a vótáil an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta Éireann go ndéanfar amhlaidh. Sa chaighdeán seo, tá na ceanglais agus na moltaí leagtha amach maidir le cumarsáid soláthraithe fuinnimh le custaiméirí tí lena gceanglaítear orthu prionsabail an Deartha Uilíoch a chur i bhfeidhm ar an gcumarsáid a dhéanann siad lena gcustaiméirí faoi IR 463 de 2011.

B’údar áthais dúinn é chomh maith Caighdeán nua an AE maidir leis an inrochtaineacht ar tháirgí agus seirbhísí a sheoladh agus a fhoilsiú go hoifigiúil le linn 2019. Tá ceanglais leagtha amach sa Chaighdeán seo lena gcuirtear ar a gcumas eagraíochta táirgí, earraí agus seirbhísí a dhearadh, a fhorbairt agus a sholáthar ar féidir leis an raon is leithne úsáideoirí iad a rochtain, a úsáid agus a thuiscint. Is obair thábhachtach í mar tá feidhm reachtúil faoi leith ag an Lárionad an Dearadh Uilíoch a chur chun cinn sa timpeallacht thógtha, agus i bhforbairt táirgí agus seirbhísí.

Reáchtáil ár nIonad Barr Feabhais sa Dearadh Uilíoch Mórdhúshlán an Dearaidh Uilíoch in 2019, a raibh an-rath air den athuair, agus chonacthas an líon is mó iontrálacha ann go dtí seo, ón tráth ar bunaíodh an Mórdhúshlán, agus réimse leathan dearaí ann i dtrí chatagóir lena n-áirítear an timpeallacht thógtha, táirgí agus an Chumarsáid Faisnéise Teicneolaíocht (TFC).

Tríd an obair atá déanta againn chun an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ) a threorú, thacaíomar le forbairt Treoirínte Dearaidh Uilíoch do Thimpeallachtaí Fhoghlaim agus Chúram Luathbhlianta, agus foilsíodh iad in 2019. Táimid ag tnúth le tuilleadh oibre a dhéanamh chun tacú lena soláthraithe seirbhíse agus lena ngairmithe comhshaoil tógtha iad a chur i bhfeidhm le linn 2020.

An tÚdarás agus foireann an ÚNM

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leis na comhaltaí eile san Údarás as an obair uile atá déanta acu i rith 2019. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí go léir ar an gCoiste Airgeadais, ar an gCoiste Iniúcháireachta agus ar an gCoiste Riosca chomh maith as an obair atá déanta acu agus as an treoir atá curtha ar fáil acu i rith na bliana.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas ó chroí a thabhairt d'fhoireann agus do bhainistíocht an ÚNM, chomh maith le buíochas a ghabháil dóibh, as a ndíograis i gcónaí d'obair na heagraíochta, agus as a dtiomantas leanúnach d'aschuir ardcháilíochta a sholáthar. Is léiriú iontach ar shaineolas na heagraíochta agus ar thábhacht ár ról maidir le beartas agus cleachtas a dhéanann fíordhifriocht i saol na ndaoine faoi mhíchumas a fhorbairt é raon agus cáilíocht na hoibre a chuireadh ar siúl.



Helen Guinan
Cathaoirleach,
An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

Léargas Ginearálta ar an bPolasaí agus Comhthéacs an Pholasaí

Cuireadh tús leis an gcéad bhliain do phlean straitéiseach trí-bliana an ÚNM atá á rith faoi láthair in 2019 agus na cuspóirí straitéiseacha ag seo a leanas ann:

- Comhairle taighde-bhunaithe a sholáthar don rialtas chun treoir a chur le forbairt agus cur i bhfeidhm beartas, clár agus straitéisí náisiúnta a bhaineann le saol daoine faoi mhíchumas.
- Tuiscint agus comhairle a thabhairt maidir leis na hathruithe atá ag teacht ar an tsochaí, agus maidir le dúshláin agus deiseanna sa tsochaí a théann i bhfeidhm ar shaol daoine faoi mhíchumas
- Cóid Chleachtais, caighdeáin agus treoirlínte i seirbhísí a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh orthu, agus meastóireacht a dhéanamh ar an mbeartas agus ar an gcleachtas
- Leanúint ar aghaidh ag cur leis an feachtas atá ann in Éirinn faoin Dearadh Uilíoch agus ag cuidiú leis an méid a ghactar leis ar fud shochaí na hÉireann
- Leanúint ar aghaidh le bheith éifeachtach agus réamhghníomhach mar eagraíocht, agus díograiseach faoi go mbainfear amach na tosaíochtaí straitéiseacha atá againn agus go gcuirfear in iúl don phobal an obair atá á déanamh againn

Thacaigh clár oibre an ÚNM do 2019 faoi gach aon cheann de na tosaíochtaí straitéiseacha seo le forbairt agus cur i bhfeidhm straitéisí agus clár náisiúnta a bhaineann le saol daoine faoi mhíchumas in a lán leor ranna agus gníomhaireachtaí rialtais agus áiríodh leis seachadadh gealltanais a bhí tugtha ag an ÚNM é féin maidir le tionscadail áirithe, agus ina measc siúd áirítear bearta chun an Dearadh Uilíoch a chur chun cinn.

Mar gheall air gur dhaingnigh an Rialtas Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas in 2018, fágadh gur lean an Coinbhinsiún de bheith lárnach san obair a dhéantar san ÚNM, lena n-áirítear an obair a dhéanaimid chun an reachtaíocht a threorú i réimsí dála na díothachta saoirse agus an obair atá á déanamh againn go leanúnach chun cóid cleachtais a fhorbairt chun tacú le cur i bhfeidhm an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe, 2015. Cuimsithe sa Bhille um Míchumas (Forálacha Ilghnéitheacha) 2016, tá forálacha a thacaíonn le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin a chur chun cinn, mar shampla dualgas le bheith ag an ÚNM faisnéis agus sonraí a sholáthar. Mar sin féin, cé go rabhtas ag súil go leanfadh sé seo ar aghaidh trí gach céim agus go ndéanfar é a achtú in 2019, ní hamhlaidh a bhí i ngeall ar bhrúnna níos leithne a bheith curtha ar an Stát.

Tá aitheantas tugtha againn air go bhfuil sé i gceist ag an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais (NDIS) 2017- 2021 an comhionannas a chur chun cinn i ndáil le daoine faoi mhíchumas in Éirinn, agus gur féidir leis na bearta a dhéantar ann cuidiú leis an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin. Glacaimid aitheantas do thiomantas leanúnach na feidhmeannaigh sna ranna agus gníomhaireachtaí uile in 2019 chun na gníomhartha laistigh den NDIS mar phríomhchóras a chur i gcrích chun ár ndualgais a seachadadh de réir an UNCRPD

Is é an tAire Stáit le Freagracht Speisialta as Ceisteanna Míchumais a dhéanann cathaoirleacht ar an Grúpa Stiúrtha na Straitéise Náisiúnta Ionchuimsithe do Dhaoine Faoi Mhíchumas (NDISSG), a bhfuil oifigigh ó go leor ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, ó Ghrúpa Geallsealbhóirí Míchumais (DSG) agus an ón ÚNM air. Tá ról tábhachtach aige leanúint ar aghaidh ag obair chun monatóireacht agus tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise. Tá sé ar cheann de na ról atá ag an ÚNM freisin measúnú neamhspleách a dhéanamh ar an dul chun cinn ar na haschuir faoin straitéis agus anailís a dhéanamh ar fhoinsí sonraí

chun cabhrú leis an tionchar a thomhas. Foilsíodh an chéad mheasúnú in 2019 ar shuíomh gréasáin an ÚNM agus cuireadh ar an eolas é trí bhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha de chuid ranna éagsúla, chomh maith le faisnéis agus fianaise a bhailigh an ÚNM le linn a bhallaíochta i ngrúpaí oibre agus i gcoistí comhairliúcháin rannacha. Tá an ÚNM ag tnúth leis go bhfoilseofar an anailís ar an tionchar in 2020. Cuireann an Straitéis seo bonn eolais faoin obair thaighde a dhéantar san ÚNM agus faoin réimse den chomhairle neamhspleách a thugann sé don rialtas a bhfuil béim curtha air.

Bhí an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i gceannas ar an athbhreithniú meántéarmach a ndearnadh ar an straitéis sin, lena n-áirítear comhairliúchán a dhéanamh le daoine faoi mhíchumas agus páirtithe leasmhara eile le linn 2019, chun bonn eolais a chur faoin iarracht an Straitéis a neartú don tréimhse atá fágtha, ionas go nglacfaí le plean nua go luath in 2020. Tá sé beartaithe go mbeidh céad tuarascáil na hÉireann curtha faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe a dhéanann monatóireacht ar an gCoinbhinsiún, faoi lár 2020, maidir leis an dul chun cinn agus conas atáthar ag druidim i dtreo na hAirteagail uile, lena chlúdaítear gach réimse den saol, a bheith curtha i bhfeidhm in Éirinn. Mar sin, tá athbhreithniú á dhéanamh ag an ÚNM ar an gcaoi atá na straitéisí agus na cláir náisiúnta oiriúnach do chuspóir na nAirteagal sin chun léiriú cad é atá i bhfeidhm agus chun cuidiú le bearnaí a aithint chomh maith le réimsí a bhfuil gá aird a thabhairt dóibh. Leanfar ar aghaidh leis an obair seo in 2020.

Bhí an-chuid dúshlán ann d'Éirinn in 2019 agus bhí roinnt mhaith cúiseanna leis sin, agus ina measc siúd, go háirithe, an tionchar atá ag an caibidlíocht maidir le Brexit agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann do go leor réimsí beartais agus don gheilleagar mar gheall air. Bhí an ghéarchéim tithíochta ina ábhar imní freisin, agus cuireadh béim uirthi sa Chomhchoiste Oireachtais um Thithíocht, áit ar iarradh ar an ÚNM cur i láthair a dhéanamh ar staid chúrsaí daoine faoi mhíchumas ar conas rochtain a fháil ar an tithíocht agus ar conas comhairle a thabhairt ina leith sin. Áiríodh ar an bpríomhfhoghlaim conas aitheantas a dhéanamh de luach na dtithe ar an dearadh uilíocha a i dtéarmaí conas pobail inbhuanaithe a chothabháil agus buntáistí do dhaoine faoi mhíchumas, ach do gach duine sa tsochaí freisin. Ba phríomhtheachtairacht í seo i gcónaí in obair an ÚNM lena n-áirítear tuilleadh comhairle a chur ar fáil maidir leis an tithíocht atá á forbairt don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Chuir an Straitéis Fostaíochta Chuimsitheach náisiúnta (CES) 2015- 2024, atá le bheith curtha i bhfeidhm ag raon leathan de ranna agus de ghníomhaireachtaí rialtais, tús lena dara plean gníomhaíochta trí bliana ag tús 2019. Tá sé mar aidhm aige, go háirithe, cur leis an rannpháirtíocht fostóirí, tríd an fheasacht agus an tuiscint fheabhsaithe ar an míchumas agus an ghníomhaíocht dhearfach a aithint. Thug an ÚNM comhairle ar fáil maidir le réimsí atá le bheith curtha san áireamh sa phlean gníomhaíochta nua (2019-2021), lena n-áirítear an réimse a thacaíonn leis an fhiontraíocht agus leis an fhéinhostaíocht i ndáil le daoine faoi mhíchumas. Chuaigh an ÚNM i dteagmháil ar bhonn ar leith leis an OECD in 2019 chun tionscadal a iniúchadh chun an cur chuige náisiúnta a threorú i ndáil le ról fheabhsaithe fostóirí chun deiseanna fostaíochta a mhéadú.

Cuimsítear le Clár Shaoilta a Bhunathrú chun Feabhais na gníomhaíochtaí go léir atá curtha ar aghaidh ag an FSS agus ag an Roinn Sláinte chun seirbhísí agus córais mhíchumais arna maoiniú ag FSS a athchóiriú. Lean an FSS le tionscnaimh éagsúla a chur chun cinn le linn 2019, arna dtreorú ag taighde agus comhairle ón ÚNM lena n-áirítear an clár neamh-chomhthionóil Treonna Nua a chur i bhfeidhm (rogha eile seachas seirbhísí lae traidisiúnta), agus creataí a chur i bhfeidhm chun an cleachtas a threorú, lena n-áirítear Torthaí, an Dearbhú Cáilíochta agus an Phleanáil Lárnaithe ar an Duine.

Lean Ionad Barr Feabhais sa Dearadh Uilíoch an ÚNM ar aghaidh i rith 2019 chun cur leis an fheasacht ar an Dearadh Uilíoch (UD), go háirithe lena séú comórtas bliantúil Dámhachtainí Mhórdhúshláin do Mhic Léinn, a comórtas ar éirigh leis an UD a chur chun cinn i measc mac léinn agus léachtóirí tríú leibhéal sa réimse dearaidh.

I bhfianaise na bhforbairtí beartais seo ar an leibhéal náisiúnta, áiríodh i bplean oibre an ÚNM do 2019 na príomhéachtaí seo a leanas, chomh maith le go leor eile:

- Seachadadh 11 cód cleachtais do Stiúrthóir na Séirbhíse Tacíochta Cinntí faoi dheireadh 2019 chun feidhmiú Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015 a éascú;
- Tuarascáil a sheachadadh ar an dul chun cinn maidir leis an Straitéis Náisiúnta Ionchuimsithe do Dhaoine Faoi Mhíchumas a chur i bhfeidhm go dtí deireadh 2018;
- Cruinniú comh-chomhairle a óstáil ar mhonatóireacht agus ar chur i bhfeidhm an UNCRPD, agus ionchur ón Ostair, ón Ríocht Aontaithe agus ón mBeilg san áireamh;
- Ceardlann rannpháirtíochta a óstáil i gcomhar le comhlachtaí ionadaithe míchumais atá ar an UNCRPD;
- Athbhreithniú ar bhreithnithe an WRC a thabhairt chun críche maidir le socruithe réasúnacha chun treoir a thabhairt d'fhostóirí;
- Athbhreithniú Oibriúcháin ar Alt 25 den Acht um Míchumas 2005 a chríochnú i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí;
- Anailís ar chórais dearbhaithe cáilíochta a sheachadadh i gcoinne an Chreata Cáilíochta do Sheirbhísí Míchumais atá Dírithe ar Thorthaí;
- Páipéar díospóireachta a chríochnú ar “An Tomhas Toraidh maidir le Measúnú ar Cháilíocht na Seirbhísí Míchumais” chun breithniúcháin an FSS, na Roinne Sláinte agus HIQA a threorú maidir leis an gcur chuige tomhais phraiticiúil;
- Comhairle chun treoir a thabhairt maidir le creataí a chur i bhfeidhm chun tacaíochtaí míchumais a athrú lena n-áirítear Creat Pleanála Duine-Lárnaithe, Creat Cáilíochta agus an Tomhas Torthaí;
- Comhairle leanúnach don Roinn Sláinte agus don FSS maidir le tionscadail taispeána a dhearadh agus a fhorbairt chun cineálacha den chur chuige a thástáil maidir le rolladh amach buiséid phearsantaithe do dhaoine faoi mhíchumas;
- Taighde ar eispéireas na seirbhísí faoisimh atá ag daoine faoi mhíchumas iad féin a chríochnú agus a fhoilsiú;
- Tacaíocht leanúnach don phróifiliú i ndáil leis an lucht fágálaithe scoile le haghaidh maoiniú do sheirbhísí lae an FSS, lena n-áirítear tacaíocht neamhspleách don phróiseas achomhairc. Cuireadh próifiliú do 2019 i gcrích agus próifiliú do 2020 ar bun ar fud na CHOanna uile agus ghlac an ÚNM leis an dearbhú cáilíochta agus an mhonatóireacht leanúnach chun na críocha sin;
- Cruinniú comh-chomhairle a óstáil ar úsáid idirghabhálaithe cláraithe d'íospartaigh coireachta lena chinntiú go bhfuil rochtain acu ar an gceartas, chun breithnithe a threorú ar mhaithe le scéim a thabhairt isteach in Éirinn;
- Taighde agus treoirlínte a thabhairt chun críche don UD i dTimpeallachtaí Luathfhoghlama agus Cúraim ar cuireadh i gcrích iad i gcomhar leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a foilsíodh i mí an Mheithimh 2019;
- Caighdeán Eorpach, 17161: 2019 (an Dearadh do Chách), a chur ar fáil i gcomhar leis an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta in Éirinn;
- Caighdeán UD maidir le Fónais a fhoilsiú i gcomhpháirtíocht leis an NSAI agus an CRU;
- Seachadadh an 6ú Mórdhúshlán Dearaidh Uilíoch, 2019;
- Gradam an UD i searmanas Dámhachtain Dearaidh Institiúid Ríoga Ailtireachta na hÉireann 2019 chun an Dearadh Uilíoch a chur chun cinn sa timpeallacht tógtha;
- Gradam UD ag searmanas dámhachtain eGov 2019;
- Clár píolótach tugtha chun críche a chuimsíonn an UD i gceardlanna dearaidh Bunscoile;

- Comhdháil Bhliantúil an ÚNM a chur ar siúl bunaithe ar an ábhar “Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas: An Méid Atá Foghlamtha Againn Go Dtí Seo Agus An Dúil Atá Againn Don Todhchaí” chun an cur i bhfeidhm in Éirinn a threorú;
- Comhairle a chur ar fáil do na Ranna ábhartha ar fhorbairt phlean gníomhaíochta na chéad Straitéise Fostaíochta Cuimsithí 3 bliana eile atá le teacht agus comhairle ar chur chuige téamaithe i leith na monatóireachta;
- Tuarascail Bhliantúil reachtúil ar fhostaíocht daoine faoi mhíchumas san earnáil phoibí a thabhairt chun críche agus a chuir faoi bhráid an Aire.



Tosaíocht Straitéiseach 1

Tosaíocht Straitéiseach 1

“Comhairle taighde-bhunaithe a sholáthar don rialtas chun treoir a chur le forbairt agus cur i bhfeidhm an bheartais, na gclár agus na straitéisí náisiúnta a bhaineann le saol daoine faoi mhíchumas”

Le linn 2019, chuir an ÚNM raon tionscadal agus obair eile chun cinn chun cuspóirí na Tosaíochta Straitéisí seo a bhaint amach. I measc na hoibre sin, rinneadh taighde agus meastóireacht chun cur i bhfeidhm raon beartas agus clár a bhaineann leis an míchumas a threorú. Bhí comhairle an ÚNM bunaithe ar fhianaise agus ar rannpháirtíocht a rinneadh i gcomhar le daoine atá faoi mhíchumas, le heagraíochtaí ionadaíocha, agus leis na príomhpháirtithe leasmhara eile ó gach cearn den earnáil phoiblí.

Taighde a dhéanamh chun forbairt beartais agus cleachtais a threorú agus chun bonn eolais a chur leo, agus chun tacú le cur i bhfeidhm na mórstraitéisí agus leis na mórbeartais náisiúnta

Saolta a Bhunathrú chun Feabhais - Beartas Náisiúnta Treonna Nua

Tá Treonna Nua ar cheann de na príomhcháipéisí beartais atá cuimsithe sa chlár de chuid an FSS Saolta a Bhunathrú chun Feabhais. Tá cur chuige maidir le seirbhísí lae d’aoisigh leagtha amach ann atá bunaithe ar raon tacaíochtaí a sholáthar do dhaoine aonair chun iad a chumasú chun teacht ar sheirbhísí príomhshrutha sa phobal agus chun iad sin a úsáid d’fhonn torthaí pearsanta a bhaint amach atá tábhachtach dóibh, lena n-áirítear an t-oideachas, an oiliúint, an fhostaíocht nó gníomhaíochtaí sóisialta agus cultúrtha. Tá an beartas dírithe ar thacaíochtaí a sholáthar do dhaoine le go mbeidh rogha agus smacht acu ar conas a gcuid ama a chaitheamh.

Treonna Nua - Modúl r-Fhoghlama

Sheol an tAire Stáit e freagracht speisialta as Ceisteanna Míchumais, Finian McGrath T.D., Modúl Ríomhfhoghlama an FSS ‘Gnáthsaol a Bheith Agat i nGnáth-Áit’ an 18 Meán Fómhair 2019. Is féidir teacht ar an Modúl r-Fhoghlama ag www.HSELand.ie, tairseach foghlama ar líne a d’fhorbair agus an FSS agus atá á riar acu. Faoi Eanáir 2020, bhí an modúl críochnaithe ag 3,000 duine.

Thug an ÚNM comhairle agus treoir d’fhorbairt an Mhodúil r-Fhoghlama seo ar Threonna Nua, agus bhí sé ina chathaoirleach ar fhoireann tionscadail an FSS. Cuimsítear sa spriocghrúpa don mhodúl r-Fhoghlama daoine ón fhoireann bainistíochta agus túslíne araon de chuid na Seirbhísí Lae d’Aosaigh atá maoinithe ag an FSS.



Foghrúpa Ríomhfhoghlama Threoracha Nua (New Directions) – Michael Farrell, Martina Lanigan, Angela Moran, Aire McGrath, Anne Melly agus Donie O’Shea – ag seoladh an mhodúil Ríomhfhoghlama

Tugann an modúl r-Fhoghlama, a thógann thart ar 45 nóiméad le cur i déanamh, breac-chuntas ar conas Treonna Nua a chur i bhfeidhm. Tá faisnéis curtha ar fáil ann don fhoireann agus don lucht bainistíochta faoi na 12 thacaíocht atá ar fáil agus na croíluachanna atá mar bhonn agus mar thaca leis na seirbhísí lae do dhaoine fásta atá maoinithe ag an FSS. Tá modúl eile atá dírithe go sonrach ar Cheannaireacht/Bainistíocht chun tacú le cur i bhfeidhm Treonna Nua á chur ar aghaidh faoi láthair agus táthar ag súil leis bhfuiltear chun é a sheachadadh in 2020.

Treonna Nua - Caighdeáin Eatramhacha

Bhí an ÚNM ar cheann de na comhaltaí de chuid Fhoireann Feidhmithe Náisiúnta an FSS a raibh freagracht air rolladh amach na gCaighdeán Eatramhach do Threonna Nua a éascú. Ghlac an ÚNM ról ceannais leis an FSS ag cur comhairle ar fáil maidir le forbairt **Phróiseas EASI** - An Mheastóireacht, An Measúnú agus An tSeirbhís Feabhsaithe. Is próiseas Féinmheastóireachta é **EASI** agus tugann sé deis do sholáthraithe seirbhíse:

- Deimhnigh na réimsí ina bhfuil an tseirbhís ag comhlíonadh **Caighdeáin Eatramhacha Threonna Nua**
- Bearta a phleanáil chun aghaidh a thabhairt ar aon bhearnaí atá tugtha faoi dealraimh i gcórais agus i bpróisis
- Deiseanna breise chun an dul i bhfeabhas a aithint, chun tacú leis an fheabhsúchán leanúnach

Tar éis na chéad bhliana de Théama 1 de na Caighdeáin Eatramhacha a chur i bhfeidhm, a bhí dírithe ar sheirbhís agus tacaíochtaí aonair, chuidigh an ÚNM le cáipéisí de chuid an EASI a athbhriethniú agus a leasú, a cuireadh ar fáil ina dhiaidh sin ar shuíomh gréasáin Threonna Nua. Chuir an ÚNM oiliúint ar fáil freisin maidir leis na caighdeáin eatramhacha do bhaill foirne nua i mí na Samhna 2019.

Buiséid Phearsantaithe

Moladh i dtuarascáil an Tascfhórsa ar Bhuiséid Phearsantaithe, a foilsíodh i mí Iúil 2018, go mbunódh an Roinn Sláinte agus an FSS tionscadail taispeána chun seachadadh buiséid phearsantaithe a thástáil, d'fhonn déanamh amach cad é an cur chuige is fearr chun rolladh amach samhlacha íocaíochta níos leithne tar éis na céime taispeána tosaigh.

In 2019, lorg an FSS léirithe spéise ó dhaoine aonair chun páirt a ghlacadh sna tionscadail taispeána. Rithfidh na tionscadail taispeána in dhá chéim thar thréimhse dhá bhliain, agus glacfadh 90 duine fásta páirt i ngach aon céim díobh.

Tá ionadaíocht ag an ÚNM ar an nGrúpa Maoirseachta do na tionscadail taispeána buiséid phearsantaithe mar chomhairleoir neamhspleách. Le linn 2019, chuir an ÚNM comhairle ar fáil don Roinn Sláinte agus don FSS maidir le dearadh na dtionscadail taispeána, agus maidir le hábhair ghaolmhara eile, lena n-áirítear a hábhair faisnéise a eisíodh leis an nglaoch ar léirithe spéise chun páirt a ghlacadh sna treoirghionscadail.

Beidh an ÚNM i gceannas ar an bpróiseas go neamhspleách chun meastóireacht a dhéanamh ar na tionscadail taispeána, ó thaobh thorthaí agus eispéiris na rannpháirtithe de, agus maidir le cé atá freagrach as an gcóras a riar agus a thacú. Cuirfear ábhar foghlamtha ar fáil mar gheall air seo faoin mbealach is fearr a d'fhéadfaí córas náisiúnta buiséad phearsantaithe a rolladh amach sa todhchaí.

An Staidéar Moving In

Le linn 2019, rinne an ÚNM dul chun cinn breise maidir le clár meastóireachta ollmhór ar chostais agus ar thairbhí de shamhlacha seirbhíse nua atá bunaithe ar an bpobal i gcomparáid le soláthar de sheirbhísí institiúideacha traidisiúnta.

Tá na samhlacha seirbhíse atá curtha ar fáil do sampla mór éagsúil daoine fásta atá faoi mhíchumas á scrúdú sa tionscadal, chomh maith le measúnú riachtanais tacaíochta na rannpháirtithe agus luacháil costais agus toraidh. I measc na rannpháirtithe tá daoine fásta faoi raon leathan míchumais a bhfuil rochtain acu ar raon seirbhísí tacaíochta éagsúla.

Cuimsítear leis an tionscadal seo meastóireacht roimh réidh agus ag deireadh araon ar na rannpháirtithe a chónaíonn i suímh chomhchruinnithe. Déanfar comparáid ar phróifíl na rannpháirtithe roimh agus i ndiaidh dóibh aistriú go timpeallachtaí comhphobail chun aithint cad iad na tairbhí a bhaineann leis an díchomhchónaithe. Déanfar comparáid chomh maith ar na costais thacaíochta roimh agus i ndiaidh an bhogtha. Toisc go bhfuil an próiseas aistrithe curtha ar aghaidh ag luas níos moille ná mar a bhíodhas ag súil leis, ba léir le linn 2019 nach n-aistireoidh gach rannpháirtí sa sraith seo den tionscadal go suímh phobail sula dtagann an tionscadal chun deiridh sa dara leath de 2020.

Cuireadh an obair allamuigh don tionscadal seo i gcrích go luath in 2020. Le fionnachtanna an tionscadail, cuirfear bonn eolais don bhainistíocht faoin díchomhchónaí, agus é á curtha ar aghaidh, agus tabharfar treoir ar na tacaíochtaí agus seirbhísí atá riachtanach chun chinntiú go mbeidh daoine atá faoi mhíchumas in ann a saol a chaitheamh mar a roghnaíonn siad i dtimpeallachtaí pobail.

Tá an ÚNM mar bhall d'fhoghrúpa ghrúpa forfheidhmithe Time to Move On FSS, a déanann monatóireacht ar dhul chun cinn san aistriú ó láthair chomhchónaithe go suíomh pobail. Tugann an ÚNM ionchur agus agus comhairle ar na prótacail cumarsáide atá riachtanach chun taithí na daoine atá faoi mhíchumas, a dteaghlach agus a soláthraí seirbhíse le linn an phróisis a fheabhsú.

Tionscadal Foirne - Seirbhísí Míchumais

Lean an ÚNM ag scrúdú an t-eispéireas a bhíonn ag an fhoireann agus ag na bainisteoirí a d'aistrigh ó 'seanshamail' go samhail 'nua' de sheirbhísí míchumais chónaithe arna maoiniú ag an FSS le linn 2019. Ba é aidhm an taighde seo faisnéis a bhailiú chun bonn eolais a chur faoin bpleanáil don phróiseas leanúnach chun aistriú go samhlacha seirbhíse pobail. Chuireamar 34 agallamh ar 37 rannpháirtí. Bailíodh faisnéis nach beag í tríd an obair allamuigh, agus táthar ag leanúint ar aghaidh leis an obair anailíse in 2020. Is iad na príomhthéamaí atá ag teacht chun cinn ná tábhacht na maoirseachta ionas nach gcruthaítear mion-institiúidí sa phobal, chun drogall na foirne roimh an athrú a chosc, agus chun coigeartú le cultúr dearfach ina ghilactar leis an riosca. Tá an ÚNM ag tnúth leis an tuarascáil ar an taighde seo a fhoilsiú le linn 2020, agus idir an dá linn, tá sé ag leanúint leis an mbéim a leagan ar théamaí atá ag teacht chun cinn i ngrúpaí oibre agus i gcoistí ábhartha.

Páipéar comhairleach beartais um Thithe agus an Dearadh Uilíoch

Faoi Bheart 97 den **Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais 2017-2021**, cuireadh de chúram ar an Údarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM) páipéar beartais a fhorbairt maidir le bealaí chun réitigh ar an Dearadh Uilíoch a bhaint amach i ndáil le tithe nua ionas gur féidir le gach aon duine rochtain a fháil ar thithe nua agus iad a úsáid. Chuir an ÚNM an páipéar faoi bhráid an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus a chuid oifigeach i mí na Nollag 2019.

Sa pháipéar seo, tá tacar praiticiúil moltaí leagtha amach don Rialtas le breithniú maidir le conas cur chuige ar an Dearadh Uilíoch a chur i bhfeidhm i ndearaí agus san fhoirgníocht i ndáil le tithe nua in

Éirinn. Clúdaíonn na moltaí rialacháin, athruithe beartais ar leibhéal an údaráis náisiúnta agus áitiúil araon agus raon beart agus dreasachtaí airgeadais atá deartha chun forbróirí agus an tionscal tógála a spreagadh chun cur chuige ar an Dearadh Uilíoch a ghlacadh sa chéim pleanála, dearaidh agus tógála i ndáil le tithe nua.

Ina theannta sin, tá cur síos déanta sa pháipéar ar na toisí agus ar na sainghnéithe de theach ar an Dearadh Uilíoch agus tá leagtha amach ann an difríocht idir na costais níos airde a bhaineann le teach a iarfheistiú i gcomparáid le cur chuige Dearadh Uilíoch a ghlacadh ón gcéim thógála.

Comhlánófar an páipéar le cleachtadh comparáide costais a rinne Cumann na Suirbhéirí Cairte, ag comparáid idir na costais a bhaineann le teach UD a thógáil le cur chuige caighdeánach tógála, agus a bheidh ar fáil go luath in 2020.

Scéim Deontais um Oiriúnú Tithíochta

De réir Bheart 98 agus Beart 99 den **Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais 2017-2021**, cuireadh de chúram ar an ÚNM comhairle a thabhairt don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil maidir leis an tionscadal chun Foirm Iarratais Aonair a chur ar fáil do na Scéimeanna Deontais um Oiriúnú Tithíochta, i.e. Deontas um Oiriúnú Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, an Deontas Áiseanna Soghluasteachta agus an Deontas um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta. Cuireadh bonn eolais leis an taighde faoi na buntáistí a bhaineann le foirm aonair a thabhairt isteach agus an struchtúr agus an fhocláiocht chéanna a n-úsáid ar fud na 31 údarás áitiúla den chéad uair. Cruthóidh sé seo a éifeachtúlachtaí féin agus ligfidh sé comparáidí úsáideacha a dhéanamh ar fud an rialtais áitiúil. Cuireadh an fhoirm ar fáil sa Ghnáth-Bhéarla Éasca le go mbeadh sé éasca le húsáid agus le tuiscint níos fearr ar fhorálacha na Scéimeanna a fháil. Scaipeadh an fhoirm nua do gach aon údarás áitiúil roimh dheireadh 2019.

Comhchoiste an Oireachtais ar an Tithíocht, an Phleanáil agus an Rialtas Áitiúil

Tháinig an ÚNM os comhair Chomhchoiste an Oireachtais um an Tithíocht, an bPleanáil agus an Rialtas Áitiúil maidir leis an tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas. Chuir an ÚNM béim ar an obair atá déanta ann faoin Straitéis Náisiúnta Ionchuimsithe do Dhaoine Faoi Mhíchumais 2017-21 ar pháipéar comhairle beartais um Thithe ar an Dearadh Uilíoch agus ar an gcomhairle chun bonn eolais a chur faoi athbhreithnithe ar na Scéimeanna Deontais um Oiriúnú Tithíochta (féach thuas).

Ag an éisteacht, thug an ÚNM forbheathnú don Choiste ar na saincheistean reatha, lena n-áirítear aird a tharraingt ar na nithe seo a leanas:

- Is mó an seans go mbeidh daoine faoi mhíchumas ag brath ar thithíocht údaráis áitiúil ná saoránaigh eile- 12.8% i gcomparáid le 8.3% den phobal i gcoitinne- agus is ionann an líon sin agus thart ar dhuine as gach deichniúr cónaitheoir sa tithíocht phoiblí;
- Níl sé tar éis éirí níos éasca do dhaoine faoi mhíchumas cóiríocht a fháil mar gheall ar athruithe atá tagtha ar struchtúr agus ar sheachadadh sochar tithíochta. Tá sé níos dóchúlú leibhéil ioncaim níos ísle a bheith ag daoine faoi mhíchumas ná mar atá ag a gcomhghleacaithe nach bhfuil faoi mhíchumas, agus is féidir le a lán daoine díobh gan a bheith d'acmhainn acu ann praghas reatha an mhargaidh chíosa;
- Tá deacrachtaí leanúnacha ann maidir leis an easpa cothromais ar fud na tíre maidir le tairiscint tithíochta a chomhcheangal le pacáiste cúraim iomchuí a bheith ar fáil, agus tá tionchar aige seo ar sheachadadh an phróisis díchomhiomlánaithe, agus ar an fhéidearthacht chun pobail inbhuanaithe agus uilechuimsitheacha a thógáil ar aon dul le hAitheagal 19 den UNCRPD;

- Níl na próisis iarratais ar thithíocht shóisialta, deontais oiriúnaithe tithíochta, srl. ar fáil do go leor daoine faoi mhíchumas. Tá comhairle déanta ag an ÚNM i ndáil leis an ábhar céanna mar chuid den phróiseas faoi stiúir an RTPRA chun na scéimeanna a athbhreithniú, agus leag sé béim freisin ar an tábhacht go mbeadh a threoir ar fáil d'oifigigh tithíochta in iarratasóirí tacaithe a bhfuil uathachas orthu;
- D'fhéadfadh sé a bheith de thairbhe clár a bheith ann de theaghaisí inrochtana chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí an Mheasúnaithe ar Riachtanais Tithíochta Sóisialta;
- An gá atá ann le Cuid M de na rialacháin foirgníochta a athbhreithniú agus a nuashonrú agus aird chuif á tabhairt ar **Threoirlínte um Thithe ar an Dearadh Uilíoch an ÚNM**, ionas gur féidir an caighdeán inrochtaineachta d'fhoirgnimh nua a ardú;
- Anuas ar an éileamh méadaithe atá ann ar an tithíocht shóisialta, ba cheart go mbeadh níos mó béime ar phobail inmharthana agus inbhuanaithe, áiteanna ar féidir le daoine faoi mhíchumas saol iomlán gníomhach a chaitheamh mar chuid de fhíorphobal beomhar.

Vótáil inrochtana

Chuir an ÚNM aighneachtaí isteach sa Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil mar fhreagairt ar chomhairliúcháin phoiblí ar athchóiriú an chláir toghthóirí agus ar bhunú Coimisiúin Toghcháin i Márta 2019. Thug an ÚNM le fios gur cheart d'aon Choimisiún Toghcháin nua cur chuige ar an Dearadh Uilíoch a ghlacadh maidir lena chuid oibre d'fhonn forálacha Airteagal 29 maidir le UNCRPD agus na gníomhartha ábhartha faoin Straitéis Náisiúnta Ionchuimsithe do Dhaoine Faoi Mhíchumais 2017-2021 a bhaint amach. Chuir an ÚNM in iúl freisin gur cheart don Roinn ullmhú don tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015 ar gach oifigeach toghcháin / reifrinn a bhféadfadh go mbeadh orthu measúnú a dhéanamh ar chumas duine chun vótála.

Chuir an ÚNM comhairle faoi athruithe molta ar an reachtaíocht chun é a dhéanamh níos éasca do dhaoine faoi mhíchumas iarratas a dhéanamh ar vótaí poist agus faoi chur chuige ar an Dearadh Uilíoch i ndáil le clár toghcháin leasaithe. Gealltanas suntasach ach fiúntach ab ea é sin agus aird tugtha nár n-éireodh leis ach amháin dá ndéanfaí idirtheagmháil leanúnach agus inrochtanach le vótálaithe agus le vótálaithe ionchasacha a bheidh ag 18 mbliana d'aois faoin am a reáchtálfar an gcéad toghchán/reifreann eile. Mhol an ÚNM staidéar a dhéanamh ar an obair atá déanta sa Choimisiún Reifrinn mar thús-phointe áisiúil chuige sin, agus leanfar ar aghaidh le teagmháil a dhéanamh le hAonad Toghchórais na Roinne Tithíochta in 2020 de réir mar a bheidh obair sa réimse sin ag dul ar aghaidh.

Buiséadú Comhionannais

Bhunaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Sainghrúpa Comhairleach um Buiséadú Comhionannais d'fhonn coincheap an bhuiséid chomhionannais a chur chun cinn i gcomhthéacs Éireannach. Is éard atá i gceist le Buiséadú Comhionannais breithniú bunaithe ar fhianaise ar thionchar dóchúil na mbeart buiséadach thar raon réimsí mar ioncam, sláinte agus oideachas, agus an difríocht atá ann idir torthaí ó thaobh inscne, aoise, eitneachais srl. Cuidíonn an Buiséadú Comhionannais leis an lucht déanta beartas an tionchar féideartha sa phróiseas buiséadach a réamh-mheas ar bhealach níos fearr, agus creat cinnteoireachta an Rialtais a fheabhsú dá bharr. In 2018, díriodh an grúpa ar an mbuiséadú inscne, agus in 2019 aontaíodh gurb é an chéad tosaíocht eile don ghrúpa ná an míchumas. Tugadh cuireadh don ÚNM dul isteach sa ghrúpa ina cháil mar an comhlacht comhairleach neamhspleách don rialtas maidir leis an míchumas, agus leanfaidh sé ag obair atá á déanamh leis an mballraíocht i rith 2020 chun béim a chur ar fhoinsí sonraí agus ar fhorbairtí beartais ábhartha a bhaineann leis an mbuiséadú míchumais.

Comhdháil Idirnáisiúnta ar Thaighde Sláinte agus Oideachais na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Tugadh cuireadh do thaighdeoirí de chuid ÚNM cur i láthair a dhéanamh ag Comhdháil Idirnáisiúnta ar Thaighde Sláinte agus Oideachais Choláiste na Tríonóide in 2019. Sa pháipéar seo, bhíothas ag iarraidh feachtas agus plé a chur chun cinn maidir le tionchar na Rialachán um Thaighde Sláinte ar tugadh isteach é in 2018 agus maidir le tionchar an Choiste um Dearbhú Toilithe i ndáil le Taighde Sláinte ar cuireadh i mbun de bhun na rialachán seo. Cuireadh béim ann ar a thábhachtaí atá sé daoine faoi mhíchumas intleachta a áireamh mar rannpháirtithe taighde chun a chinntiú go mbeidh an t-eispéireas atá acu curtha mar bhonn eolais le torthaí taighde. Bhí cleachtas taighde an ÚNM agus anailís atá déanta ag an ÚNM ar fhadhbana a tháinig chun cinn mar gheall ar na Rialacháin maidir le Taighde Sláinte mar bhonn eolais leis an gcur i láthair. Rinneadh suntas de ann, ar bhonn ar leith, go bhfuil ceisteanna eiticiúla, modheolaíochta agus ceisteanna maidir le hacmhainní i gceist nuair atá daoine faoi chaibidil nach bhfuil an cumas acu toiliú feachtas a thabhairt. Cuireadh béim sa pháipéar ar an riachtanas atá ann le cearta daoine faoi mhíchumas intleachta a chosaint chun páirt a ghlacadh i dtaighde agus chun taighde a úsáid mar mheán chun ionadaíocht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas intleachta. Bhí béim curtha ann chomh maith ar an ngá atá ann leis an tsoiléireacht maidir le hailíniú na Rialachán um Thaighde Sláinte leis an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015.

Tá an ÚNM ag obair go gníomhach chun comhairle a thabhairt don Roinn Sláinte agus don Roinn Dlí agus Cirt faoin ngá atá ann cosaintí iomchuí a chur ar fáil, chun daoine nach bhfuil an cumas acu toiliú feachtas a thabhairt i staidéir taighde a bhaineann leo agus ar díol spéise don phobal iad dá bharr.

Déan taighde, cuir faisnéis agus comhairle fianaise-bhunaithe ar fáil chun tacú le breis-fhorbairt agus le breis-fheidhmiú na Straitéise Fostaíochta Cuimsithí

An dara plean gníomhaíochta trí bliana faoin Straitéis Fostaíochta Chuimsitheach (CES)

Le linn 2019, lean an ÚNM ag soláthar tacaíochta agus comhairle maidir le cur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta um an Fhostaíocht Chuimsitheach 2015 go 2024 (CES) agus an chéad phlean gníomhaíochta trí bliana faoin Straitéis. Tá gníomhaíochtaí tiomnaithe le seachadadh ag raon ranna éagsúla agus gníomhaireachtaí rialtais faoi 6 Thosaíocht Straitéiseacha. Thug an ÚNM comhairle freisin ar an dara plean gníomhaíochta 3 bliana, ag cur le bearta críochnaithe agus nua araon. D'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais an plean seo i mí na Nollag 2019 agus tabharfaidh an Roinn treoir maidir leis an ngníomhaíocht do na ranna agus na ngníomhaireachtaí go dtí deireadh 2021. Tá roinnt gealltanais tugtha ag an ÚNM é féin sa phlean gníomhaíochta seo, lena n-áirítear:

- obair i gcomhar leis an Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta, in éineacht le Fiontraíocht Éireann chun straitéis a fhorbairt lena gcuirtear an fhiontraíocht chun cinn agus an fhéinfhostaíocht i ndáil le daoine faoi mhíchumas agus lena dtugtar tacaíocht leo;
- tacú le ranna ábhartha trí thaighde agus comhairle i gcur i bhfeidhm moltaí Make Work Pay a bhaineann le háiseanna agus fearais agus iompar a sholáthar d'fhonn torthaí fostaíochta a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas;
- comhairle pholasaí a ullmhú le bheith pléite ag na ranna rialtais cuí maidir le clár náisiúnta athshlánaithe gairme;
- ranna a éascú agus comhairle a thabhairt dóibh maidir le cur chun feidhme beartais a chur chun cinn chun cur chuige comhordaithe a chur ar fáil i leith na fostaíochta tacaíthe;
- scrúdú a dhéanamh ar sholáthar reatha an fhreastail réasúnta chun an dea-chleachtas a threorú.



Taighde ar an gCóiríocht Réasúnta

In 2019, thóg an ÚNM taighde chun críche agus d'fhoilsigh sé tuarascáil ar an dea-chleachtas maidir leis an gcóiríocht réasúnta a sholáthar d'fhostaithe faoi mhíchumas. Tá sé ríthábhachtach an freastal réasúnta a dhéanamh do dhaoine faoi mhíchumas chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní uathúla - fisiciúla, eagraíochtúla agus dearcadh - a d'fhéadfadh a bheith acu maidir le rochtain a fháil ar an fhostaíocht, agus dul chun cinn leis an fhostaíocht agus post a choinneáil. Rinneadh an taighde seo i bhfianaise dúinn a bheith feasach ar ábhair imní leanúnacha a bhí curtha in iúl ag daoine faoi mhíchumas agus ag a bhfostóirí araon faoi conas bacainní ar an fhreastal réasúnta, agus ar an easpa den dea-chleachtais atá doiciméadaithe sa réimse seo.

Tugtar aitheantas sa tuarascáil do na constaicí praiticiúla atá ann a maidir leis an fhreastail réasúnta éasca ó thaobh na bhfostóirí, na bhfostaithe agus na bhfostaithe ionchasacha agus tá béim leagtha ann chomh maith ar an dea-chleachtais maidir le conas is féidir aghaidh a thabhairt ar na constaicí sin.

Mar chuid den taighde seo, rinneadh athbhreithniú ar 82 chinneadh a rinne an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre maidir leis an fhreastal réasúnta.

I measc na bpríomhbhacainní atá ann ar an fhreastal réasúnta éasca a sainithníodh san athbhreithniú litríochta agus sna comhairliúcháin, bhí saincheistean ann a bhaineann leis an nochtadh, leis an easpa beartas agus an easpa de nósanna imeachta doiciméadaithe, leis an mainneachtain freagra a thabhairt ar iarratais ar an fhreastal tráthúil, ar feachtas íseal maidir le réimse iomlán an fhreastail réasúnta nó an cineál tacaíochtaí atá ar fáil faoi láthair.

Anuas ar an obair sin, tá sé mar aidhm ag an ÚNM treoir a fhorbairt d'fhostóirí maidir le soláthar an fhreastail réasúnta le linn 2020, agus táthar ag iarraidh go sárófar na híoscheanglais reachtacha leis an bhfreastal sin.

Straitéis Fostaíochta Chuimsitheach 1.1 - Ag Ardú Dóchais

Mar atá geallta sa Straitéis Fostaíochta Chuimsitheach (2016-2024), chuir an FSS tús leis an tionscadal “Ag Ardú Ionchais” agus é mar aidhm aige sin teachtaireachtaí lárnacha a fhorbairt a bheidh curtha ar fáil do dhaoine óga idir 16-25 bliana d’aois chun a mianta chun oibre a spreagadh, agus aitheantas curtha ann gur féidir le hionchais ísle daoine aonair, doaine muinteartha agus oideachasóirí a bheith mar bhacainn lárnacha ar an fhostaíocht. Thacaigh an ÚNM leis an FSS trí shonraí a bhailiú agus a anailísiú maidir le riachtanais tacaíochta próifílithe thar roinnt blianta chun an tionscadal seo a threorú.

Le linn 2019, rinne an ÚNM anailís ar agallaimh agus sonraí grúpa fócais a bhailigh baill de Chónaidhm Náisiúnta na gComhlachtaí Deonacha agus an ÚNM ag ionaid timpeall na tíre. Spreagadh seasca a ceathair duine faoi mhíchumas éagsúil a dtuairimí a chur in iúl ar ábhair éagsúla a bhí dírithe ar fhostaíocht. Rinneadh anailís ar shonraí ag úsáid cur chuige téamach agus úsáideadh torthaí chun moltaí a fhoirmiú don FSS maidir le cineál agus uainiú na dteachtaireachtaí atá le seachadadh do dhaoine óga.

Leanadh den obair ar an tionscadal seo agus an fócas ag athrú chun léargas mionsonraithe a fháil ar sholáthraithe cúraim d’fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar chleachtais reatha maidir le cumarsáid a dhéanamh le daoine aonair maidir le spriocanna fostaíochta. Tabharfaidh an obair seo treoir agus faisnéis bhreise faoin gcaoi ar féidir cumarsáid agus teachtaireachtaí a bhaineann le hoideachas agus oiliúint, fostaíocht agus cumas a sholáthar do dhaoine aonair chun béim a leagan gur mian inmharthana í an fhostaíocht más mian leo obair a dhéanamh. Cuirfidh toradh an taighde seo an FSS ar an eolas faoi na hathruithe sa chleachtas reatha atá riachtanach chun tacú go hiomlán lena dtiomantas don CES.

An dul chun cinn agus an dúshlán a mheas maidir le feidhmiú straitéisí náisiúnta, an tomhas i gcoinne tascairí agus sonraí agus tuarascálacha measúnaithe neamhspleacha a tháirgeadh, agus aird ar leith a thabhairt ar measúnú na dtorthaí do dhaoine aonair

Measúnú ar an dul chun cinn na Straitéis Náisiúnta Ionchuimsithe do Dhaoine Faoi Mhíchumas (NDIS)

In 2019, d’fhoilsigh ÚNM a chéad mheasúnú neamhspleách ar dhul chun cinn i gcur i bhfeidhm gníomhartha faoi NDIS 2017-2021. Bhí an measúnú, a chuimsigh an chéad 18 mí de shaoiré na straitéise: 2017-2018, bunaithe ar thuairisciú na roinne i gcoinne gníomhartha a rinneadh, chomh maith le faisnéis agus fianaise a bhailigh an ÚNM le linn a thréimhse oifige sna grúpaí oibre, ar choistí agus ar choistí comhairliúcháin ranna chomh maith leis an teagmháil atá déanta aige le páirtithe leasmhara míchumais. Cuireadh béim sa mheasúnú ar réimsí ina raibh dul chun cinn bainte amach le linn na chéad 18 mí, agus ina mbeidh gá ann le béim bhreise le haghaidh an chéad chéim eile den straitéis a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear:

- Athbhreithniú ar an Acht Meabhair-Shláinte 2001, agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Fhís don Athrú
- Reachtaíocht a fhorbairt maidir le Díothacht na Saoirse
- Dul chun cinn feabhsaithe i ndáil leis an bpróiseas díchomhchónaithe
- Cur i bhfeidhm leanúnach an bheartais um Sheirbhísí Míchumais Leanaí a Chur Chun Cinn
- Struchtúir agus tacaíochtaí a fheabhsú chun obair thrasrannach a éascú
- Tábhacht leanúnach maidir le sonraí ardchaighdeán a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu

Chuir an ÚNM fáilte roimh an dul chun cinn maidir leis an tréimhse ama 2017-18 i ndáil le:

- Daingniú UNCRPD i mí an Mhárta 2018, agus tiomantas láidir déanta ag an Rialtas ann chun fíis an Choinbhinsiúin a bhaint amach, agus leanúint leis an obair chun an Prótacal Roghnach a dhaingniú tráth nach déanaí ná an chéad tuarascáil ó Éirinn a bheith curtha isteach don choiste monatóireachta;
- Obair leanúnach chun tús a chur leis an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), lena n-áirítear:
 - An tSeirbhís Tacaíochta Cinntí a chur i mbun
 - Cóid Chleachtais a fhorbairt chun treoir phraiticiúil a chur ar fáil ar léirmhíniú na reachtaíochta agus ar éagsúlacht na socruithe tacaíochta cinntí atá leagtha amach inti;
- Foilsiú na Tuarascála Make Work Pay agus cur i bhfeidhm leanúnach na 24 mholadh atá déanta inti, agus é mar aidhm acu a chinntiú gur fiú luach saothar na hoibre, agus go bhfuil sé soiléir do dhaoine gur fiú é a bheith ag obair, maidir le daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear méadú ar an neamhaird tuillimh as an Liúntas Míchumais a choinneáil agus an Cárta Leighis;
- An Modúl um Rochtana agus Cuimsithe a chur i bhfeidhm a thacaíonn le páistí faoi mhíchumas i dtimpeallachtaí luathchúram leanaí;
- Athbhreithniú arna dhéanamh ag an NCSE ar sholáthar CRSanna i scoileanna a bheith tugtha chun críche le tacaíocht ó thaighde arna choimisiúnú ag an ÚNM, agus comhairle beartais ina dhiaidh sin maidir le samhail nua den leithdháileadh tacaíochtaí inscoile;
- Páipéir bhallóide nua a chur i bhfeidhm chun daoine a bhfuil lagú amhairc orthu a éascú vótáil go neamhspleách le linn reifrinn;
- Sraith táscairí glacadh a d'fhorbair an ÚNM iad chun an dul chun cinn a thomhas thar shaolré iomlán na Straitéise, agus béim curtha ar thorthaí do dhaoine aonair chomh maith le monatóireacht ar bhearta¹;
- Comhairle le Ranna ábhartha ar conas an dara plean gníomhaíochta 3 bliana a fhorbairt faoin Straitéis Cuimsitheach Fostaíochta, ag cur leis an dul chun cinn atá déanta sa bhunchéim;
- Tuarascáil an Tascfhórsa ar Bhuiséid Phearsantaithe a fhoilsiú, lena n-áirítear moltaí maidir le sraith tionscadal taispeána chun cineálacha cur chuige a thástáil a d'fhéadfaí cur leo i gclár náisiúnta.

Chuir an ÚNM comhairle ar fáil don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais freisin maidir leis an gcaoi a dtabharfadh an cur chuige téamach do chruinnithe de Ghrúpa Stiúrtha NDIS in 2019 deis roinnt de na réimsí seo a mheas ar bhonn níos mionsonraithe d'fhonn tuiscint a fháil ar na dúshláin agus na baic ar iad a bheith curtha i bhfeidhm, agus réitigh fhéideartha a scrúdú i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir.

Athbhreithniú meántearma ar an NDIS

Thug an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais an cheannaireacht ar athbhreithniú meántearma a rinneadh ar an Straitéis Náisiúnta Ionchuimsithe do Dhaoine Faoi Mhíchumas le linn 2019 agus lean an ÚNM ag soláthar comhairle chun bonn eolais a chur faoin bpróiseas chun an t-athbhreithniú seo a dhéanamh. Thug an ÚNM le fios go bhágfadh sé, mar gheall ar an athbhreithniú, go mbeadh deis ann:

- Leanúint ar aghaidh le bheith dírithe ar chur i bhfeidhm bhearta an NDIS atá ann cheana féin;
- Athnuachan a dhéanamh ar an NDIS trí bhearta a shainaithint nach mór iad a athbhreithniú toisc go bhfuil an comhthéacs tar éis athrú, agus trí roinnt príomhbhearta nua a chur leis;
- Bearta breise a chur san áireamh lena gcuirfear na bunchlocha i bhfeidhm chun Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD) a chur i bhfeidhm;

¹ <http://nda.ie/Publications/Others/National-Disability-Inclusion-Strategy/An-Indicator-Set-to-Monitor-the-NDIS1.pdf>

Chuir an ÚNM in iúl freisin gur cheart do na pleananna atá ag na ranna ar leith a bheith fhorbairt ar bhonn ar leith chun tacú le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ag na ranna rialtais agus ag na gníomhaireachtaí rialtais uile. Chuir an ÚNM tús le cleachtadh freisin chun na gníomhaíochtaí laistigh de NDIS a mhapáil i gcoinne Airteagail an UNCRPD mar chuid de phróiseas chun tuiscint a fháil ar aon bhearnaí ar leith atá ann chun eolas a fháil ar cad iad na gníomhaíochta atá ar siúl ar fud ranna agus ghníomhaireachtaí rialtais chun cuspóirí an Choinbhinsiúin a bhaint amach de réir a chéile. Táthar ag súil leis go leanfaidh an obair seo ar aghaidh i 2020.

Straitéis Fostaíochta Chuimsitheach do Dhaoine faoi Mhíchumas

Go luath in 2019, d'fhoilsigh an ÚNM an measúnú neamhspleách atá déanta aige ar an dul chun cinn i ndáil le feidhmiú an CES don bhliain 2018. Sa mheasúnú, tá roinnt buaicphointí agus éachtaí maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise sainaitheanta, agus suntas déanta de go raibh 2018 mar bhuaicphointe den chéad phlean gníomhaíochta 3 bliana sa Straitéis, agus ba mar bhunchéim a bhí i gceist leis sin ar dtús. Sa mheasúnú, rinneadh na réimsí sin sainaitheanta ina raibh an dul chun cinn níos moille ná mar a bhíodhas ag súil leis, agus ina bhfuil gá le bearta a bheith curtha siar le déanamh in 2019. Sa pháipéar sin, rinneadh na réimsí sin ina bhfuil dul chun cinn déanta sainaitheanta freisin, lena n-áirítear moltaí a sheachadadh atá leagtha amach sa tuarascáil Make Work Pay, a thugann aghaidh ar dhídhreasachtaí airgeadais, maoiniú sraith de Chláir Cumais chun cineálacha den chur chuige a thástáil chun daoine óga faoi mhíchumas a thabhairt níos gaire don mhargadh saothair, agus obair leanúnach i ranna ábhartha chun cineálacha malartacha den chur chuige a iniúchadh chun daoine faoi mhíchumas a fhóstu san earnáil phoiblí.

Comhairle a thabhairt ar chur i bhfeidhm caighdeán i seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas agus treoir a fhorbairt chun an dea-chleachtas fhorleathnú amach

Próifiliú an Lucht Fágála Scoile

Sna blianta roimhe seo, thacaigh an ÚNM leis an FSS i ngnéithe éagsúla den phróiseas próifílithe de dhaoine den Lucht Fágála Scoile agus den Lucht Fágála Oiliúna Athshlánúcháin atá ag lorg socrúcháin seirbhíse lae do dhaoine fásta. D'oibrigh an ÚNM i gcomhar le baill d'fhoireann an FSS thar roinnt blianta chun an próiseas próifílithe a fhorbairt chun cabhrú le leithdháileadh maoiniú an FSS ar eagraíochtaí míchumais ar bhealach trédhearcach, comhsheasmhach agus cothrom ar fud na tíre agus ar fud grúpaí míchumais.

Le linn 2019, lean an ÚNM ag obair i gcomhar leis an FSS chun na críche sin, trí athbhreithnithe a dhéanamh ar na próisis áitiúla agus trí aiseolas ábhartha agus tráthúil a thabhairt don FSS ar an mbonn áitiúil agus náisiúnta araon. Tá an ÚNM ag leanúint leis bailíochtaithe neamhspleácha agus dearbhú cáilíochta don phróiseas a chur ar fáil. Anuas ar mheasúnacht díreach a dhéanamh ar an bpróiseas, faigheann an ÚNM aiseolas freisin ó úsáideoirí seirbhíse agus a dteaghlaigh, soláthraithe seirbhíse, agus foireann an FSS.

Tiomsaíodh torthaí na hoibre seo i dtuarascáil chun an FSS a threorú chun caighdeánú an chur chuige a fheabhsú ar bhonn leanúnach seasta, agus tugadh faoi deara go nglacann páirtithe leasmhara go forleathan le torthaí an phróisis phróifílithe.

An tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015- Cóid Chleachtais

I mí na Nollag 2019, chríochnaigh an ÚNM an obair a bhí á déanamh ann chun cóid chleachtais a fhorbairt agus cuireadh ar aghaidh an 11ú Dréachtchód, gurb é an dréachtchód deiridh, chuig Stiúrthóir na Seirbhíse Tacaíochta Cinntí (DSS). Ó dheireadh 2016 i leith, tá dréacht de na Cóid Chleachtais seo a leanas forbartha ag an ÚNM:

- An Cód Cleachtais ar Conas an Chinnteoireacht agus an Mheastóireacht Chumais a Thacú
- An Cód Cleachtais maidir le Pléadálaithe
- An Cód Cleachtais maidir le hAmici Curiae
- An Cód Cleachtais maidir le Cúntóirí Cinnteoireachta
- An Cód Cleachtais maidir le Comhchinnteoirí
- An Cód Cleachtais maidir le hIonadaithe Cinnteoireachta
- An Cód Cleachtais maidir le hAturnaetha
- An Cód Cleachtais maidir le Cuairteoirí Ginearálta
- An Cód Cleachtais maidir le Cuairteoirí Speisialta
- An Cód Cleachtais maidir le Gairmithe Airgeadais
- An Cód Cleachtais maidir le Gairmithe Dlí

Tá tosach feidhme iomlán an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015 ríthábhachtach i ndáil le comhlíonadh an UNCRPD. Beidh na dréachtchóid chleachtais de chuid chun Acht 2015 a chur chun feidhme agus soláthrófar treoir leis le haghaidh raon leathan de gheallsealbhóirí a mbeidh tionchar ag an reachtaíocht orthu.

Chuaigh an ÚNM i mbun caidrimh le go leor páirtithe leasmhara le linn dhréachtú na gCód agus bhain sé leas as go leor foinsí saineolais ón gcaidreamh sin. D'oibrigh an ÚNM go dlúth le Sainghrúpa Teicniúil, a chuir treoir ar fáil dó le linn an phróisis dréachtaithe. Bhunaigh an ÚNM dhá Ghrúpa scríbhneoireachta freisin a chuidigh leis an dréachtchód Cleachtais do Ghairmithe Airgeadais agus an Dréachtchód Cleachtais do Ghairmithe Dlí a thabhairt chun críche agus gairmithe ó thionscal na seirbhísí airgeadais agus ón earnáil dlí ar an dá ghrúpa sin, faoi seach.

Déanfar athbhreithniú ar gach aon cheann de na 11 dhréachtchód cleachtais in athbhreithniú arna dhéanamh ag Stiúrtóir na Seirbhíse Tacaíochta Cinntí sula gcuirfear amach iad le haghaidh comhairliúcháin phoiblí.

An Creat Náisiúnta Um An bPleanáil Atá Dírithe Ar An Duine

Chríochnaigh an ÚNM obair ar thaighde agus ar chreat náisiúnta a fhorbairt don phleanáil duine-lárnaithe mar chuid den obair atá á déanamh aige chun an FSS a threorú agus an clár Saolta a Bhunathrú chun Feabhais á chur i bhfeidhm. Is éard atá d'aidhm ag an Creat Náisiúnta don Phleanáil Duine-Lárnaithe ná bonn eolais agus treoir a chur ar fáil faoi conas a dhéantar an phleanáil le haghaidh seirbhísí do dhaoine atá faoi mhíchumas in Éirinn. Tá cur síos déanta ann ar cheithre phríomhchéim den phróiseas pleanála duine-lárnaithe chomh maith leis na nithe a bhfuil tábhacht ag baint leo ag gach aon chéim de ionas go mbeidh an phleanáil éifeachtach.

In 2019, d'fhoilsigh an FSS an creat agus bhunaigh sé tionscadal taispeána chun tacú le líon beag d'eagraíochtaí chun an creat a chur i bhfeidhm trí phróiseas féinmheastóireachta. Bhí ionadaíocht ag an ÚNM ar fhoghrúpa ar bunaíodh é faoin nGrúpa Forfheidhmithe Náisiúnta Treonna Nua chun comhairle a thabhairt maidir leis an tionscadal seo. Tá torthaí agus méid atá foghlamtha ón tionscadail le húsáid chun rolladh amach níos leithne an chreata a threorú.

Athbhreithniú ar Chórais Dearbhaithe Cáilíochta ag tagairt do 'Creat Cáilíochta: ag tacú le daoine faoi mhíchumas torthaí pearsanta a bhaint amach'

Rinne an ÚNM 'Athbhreithniú ar Chórais Dearbhaithe Cáilíochta' ag tagairt do 'Creat Cáilíochta: ag tacú

le daoine faoi mhíchumas torthaí pearsanta a bhaint amach' a thabhairt chun críche i mí Meithimh 2019.

Rinneadh athbhreithniú ar na cúig chóras dearbhaithe cáilíochta a úsáideann seirbhísí míchumais in Éirinn chun measúnú a dhéanamh ar an oiread thugann gach aon cheann acu aghaidh ar na táscairí torthaí go léir i 'gCreat Cáilíochta: ag tacú le daoine faoi mhíchumas torthaí pearsanta a bhaint amach'. D'fhorbair an ÚNM an creat cáilíochta sin in 2018 mar chuid den tionscadal céanna agus sainaithníonn sé na réamh-mheastóirí a chuireann ar chumas daoine faoi mhíchumas na naoi bhfearann torthaí cáilíochta beatha a mhol an ÚNM agus atá faofa ag an Roinn Sláinte agus an FSS in 2016.

I measc an méid a dtáinig as an athbhreithniú seo, áirítear:

- tuarascáil ina bhfuil achoimre déanta inti ar na torthaí;
- iarscríbhinn agus táblaí ann agus gach aon cheann de na réamhtháscairí torthaí mapáilte iontu; agus
- aitheantóirí na gceanglas gaolmhar i ngach aon cheann de na cúig chóras dearbhaithe cáilíochta a ndearnadh staidéar orthu;

Cuireadh an tuarascáil athbhreithnithe agus an mhapáil ghaolmhar léi faoi bhráid an FSS i mí Lúnasa 2019. Thug an ÚNM faoin anailís seo chun bonn eolas a thabhairt do ghrúpa oibre um Cháilíochta agus Caighdeán an FSS le cur faoi na cinntí a bhí le déanamh acu. Leanann an ÚNM ag tabhairt comhairle don ghrúpa chun tacú le cur i bhfeidhm an méid seo atá foghlamtha.

Tomhas torthaí sa mheastóireacht ar Cháilíocht na Seirbhísí Míchumais

Ó bhí 2012 ann, tá tacaíocht tugtha ag an Údarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM) don Roinn Sláinte agus don FSS le taighde agus comhairle chun moltaí an 'Athbhreithniú ar an Luach ar Airgead agus an Athbhreithnithe Beartais ar Sheirbhísí Míchumais' atá á gcur i bhfeidhm tríd an gClár Saolta a Bhunathrú chun Feabhais. Is é an aidhm atá leis ná seirbhísí a fhorbairt chun tacaíochtaí saincheaptha don duine aonair agus tacaíochtaí pobail a sholáthar ionas gur féidir le gach duine atá faoi mhíchumas ardcháilíocht saoil sa phobal a roghnú agus a bhaint amach. I measc an méid a chuireann an ÚNM leis an gClár Saolta a Bhunathrú chun Feabhais, cuimsítear taighde agus treoir don fhorbairt, i gcomhar leis an FSS, de thrí chreat ailínithe do sheirbhísí míchumais chun cabhrú le cur chuige éifeachtach aonair chun tacú le daoine faoi mhíchumas.

I mí an Mheithimh 2019, d'fhoilsigh an ÚNM plépháipéar, **An Toradh maidir le Cáilíocht na Seirbhísí Míchumais A Thomhas** a mheas chun cabhrú leis an lucht déanta beartas, le maoinitheoirí seirbhísí, le comhlachtaí rialála agus le soláthraithe seirbhíse, ina measc an Roinn Sláinte, an FSS agus HIQA chun táscairí agus torthaí atá bainte amach ag daoine aonair a fhaigheann seirbhísí maoinithe a thomhas. Tá forbheathnú ar fáil sa pháipéar seo ar thomhas torthaí i seirbhísí chomh maith le forbairtí maidir leis an míchumas chun an dearbhú cáilíochta a fheabhsú. Tá sé beartaithe go gcuideoidh an páipéar seo leis an díospóireacht idir na geallsealbhoirí ábhartha faoin mbealach is fearr le tomhas torthaí a úsáid i seirbhísí míchumais agus béim ann ar spriocanna pearsanta an duine ar leith agus ar chaighdeán beatha maith. Scrúdaíonn sé cuspóir an tomhais torthaí, chomh maith leis na dúshláin agus na teorainneacha a bhaineann leis sna seirbhísí míchumais agus tá béim leagtha ann ar an ngá atá leis go ndéantar an tomhas torthaí a ailíniú le forbairt seirbhísí míchumais duine-lárnaithe a dtugann tacaíocht agus deiseanna oiriúnaithe ar fáil do gach aon duine faoi mhíchumas. Leanfaidh an ÚNM de bheith ag plé leis an Roinn Sláinte agus an FSS chun cineálacha praiticiúla den chur chuige a mheas maidir le torthaí i seirbhísí a thomhas, go háirithe de réir mar a dhéantar obair chun an Creat Pleanála Duine-Lárnaithe agus an Creat Cáilíochta atá luaite ag seo thuas a chur i bhfeidhm.

Cur i láthair do FSS ar an gCreat Cáilíochta agus Athbhreithniú ar Chórais Dearbhaithe Cáilíochta, a rinneadh mar chuid den Chlár Saoil a Bhunathrú chun Feabhais

Mar chuid den obair a dhéanann sé hun tacú le cur i bhfeidhm an chlár Shaoil a Bhunathrú chun Feabhais, chuir an ÚNM 'Creat Cáilíochta: ag tacú le daoine faoi mhíchumas torthaí pearsanta a bhaint amach' i mbun in 2018. In 2019 rinne sé athbhreithniú freisin ar chúig chóras dearbhaithe cáilíochta atá in úsáid i seirbhísí míchumais in Éirinn i gcoinne an chreata cáilíochta, chun ligean do sholáthraithe seirbhíse a mheas an bhfuil na córais dearbhaithe cáilíochta a úsáideann siad dírithe ar thorthaí pearsanta a bhaint amach do na daoine a úsáideann a gcuid seirbhísí. Mar fhreagra ar iarratas ón FSS, agus d'fhoilligh bonn eolais a chur faoi na chéad chéimeanna eile, thionóil an ÚNM seisiún faisnéise ar an gCreat Cáilíochta agus ar an athbhreithniú ar chórais dearbhaithe cáilíochta i mí na Samhna 2019. Bhí an t-aiseolas a fuarthas ó gach duine a d'fhreastail ann an-dearfach agus leanfaidh an ÚNM de bheith ag plé leis an FSS maidir lena chur i bhfeidhm in 2020 de réir mar is gá.

Caighdeán Náisiúnta don Slánchumhdach d'Aosaigh

Bhí ionadaíocht ag an ÚNM ar an nGrúpa Comhairleach d'fhorbairt Caighdeán Náisiúnta um Chosaint Aosach, á fhorbairt i gcomhpháirt ag HIQA agus ag an gCoimisiún Sláinte Meabhrach. Tógadh comhairliúchán poiblí ar dhréachtchaighdeán chun críche i mí Mheán Fómhair 2019 agus sheol an tAire Sláinte na caighdeán chríochnúla i mí na Nollag 2019.

Taighde a dhéanamh agus comhairle a fhorbairt chun treoir a thabhairt maidir le conas cur le hacmhainní sa phobal i gcoitinne, lena n-áirítear meastóireacht a dhéanamh ar mheicníochtaí chun an comhtháthú pobail agus an t-ionchuimsiú sóisialta a bhaint amach

An Scéim um Chur Chun Cinn Taighde (RPS)

Le linn 2019, sheol an ÚNM ceithre thionscadal taighde tríd an Scéim um Chur Chun Cinn Taighde in 2017 agus d'fhoilsigh torthaí na dtionscadal sin. Ag an am sin, tugadh cuireadh d'iarratais maidir le dhá théama, eadhon, 'Pobail saoil a chur ar aghaidh tríd an Dearadh Uilíoch' agus 'Imeascadh pobail daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus a thacú go éifeachtach'.

I measc na dtionscadal a cuireadh i gcrích in 2019, tá:

- Cuir i láthair 19 cás-staidéar a bhaineann le daoine a bhfuil míchumais intleachtúla orthu ag maireachtáil in Éirinn a chur i láthair, agus samplaí tugtha iontu d'eispéiris saoil an ionchuimsithe shóisialta, chomh maith le príomhtheachtairí beartais a aithint chun ionchuimsiú sóisialta a chur chun cinn i bhfianaise na cás-staidéir sin, Inclusion Ireland;
- Imscrúdú ar an Dearadh Uilíoch i ndáil le teicneolaíochtaí braite titime sa teach cliste agus ar a dtionchar ar phobail saoil, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Amictia;
- Mionchíoradh a dhéanamh ar eispéiris teaghlaigh maidir leis an soláthar áitiúil d'áiseanna spraoi i bpáirceanna agus i gclóis spraoi poiblí/pobail agus cur chun feidhme phrionsabail an Dearaidh Uilíoch i bpáirceanna agus i gclóis spraoi amuigh faoin aer, Ollscoil Chorcaí;
- Staidéar ina bhfuil imscrúdú déanta ar an soláthar seirbhísí lae a bhaineann leas as múnla seirbhíse atá bunaithe ar an gclár Threonna Nua, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh;
- Imscrúdú a dhéanamh ar an méid atá pleananna duine-lárnach tar éis imeascadh pobail a chur chun cinn i gcás daoine a bhfuil míchumais intleachtúla orthu, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Foilsíodh gach aon tuarascáil ar shuíomh gréasáin an ÚNM. Tá an méid ar fhoghlaimíodh ó na tionscadail seo curtha mar bhonn eolais leis an gcomhairle agus an fhaisnéis a thugann an ÚNM don

rialtas.

Scéim um Chur Chun Cinn Taighde 2019

Rinne an ÚNM gairm tograí faoin Scéim Chun An Taighde A Chur Chun Cinn do 2019 agus ‘an easpa dídine agus an míchumas’ an teideal a bhí air, inar cuireadh fáilte roimh thograí lena bhféadfaí iniúchadh breise a dhéanamh ar nasc idir an míchumas agus an easpa dídine, agus ar an oiread is gur féidir leis an míchumas a bheith ina chúis leis an easpa dídine, nó ar an gcaoi ar féidir leis an easpa dídine a bheith ina chúis le méadú a bheith curtha le cineálacha éagsúla den mhíchumas, m.sh. deacrachtaí sláinte meabhrach.

Ceadaiódh dhá thionscadal le haghaidh maoinithe agus tá siad le bheith críochnaithe in 2020, agus seo iad a leanas:

- Scoil an Altranais agus na nEolaíochtaí Daonna, DCU, agus tionscadal dá cuid dar teideal **‘An t-uathachas agus aosaigh gan dídean: leitheadúlacht, eispéiris agus riachtanais tacaíochta i gcomhthéacs Éireannach - staidéar ar mhodhanna measctha’**;
- Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i gcomhar le hIníonacha na Carthanachta, agus tionscadal dá gcuid ina ndearnadh scrúdú ar **‘An staid reatha tithíochta, aistrithe idir an easpa dídine an tionótacht agus an riosca a bhaineann le heaspa dídine do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil agus/nó an uathachas agus teaghlaigh’**.

Beidh an méid a bheidh foghlamtha uathu mar chuidiú mór chun breithnithe beartais agus seirbhíse a threorú.

Treoir a fhorbairt chun tacú le beartas agus an reachtaíocht a bhaineann le saol daoine faoi mhíchumas a chur i bhfeidhm

Tionscadal faoisimh

Rinne an ÚNM an taighde seo in 2019 chun teacht ar thuiscint faoi na dearcaí atá ag daoine fásta faoi mhíchumas maidir le rochtain ar sheirbhísí faoisimh, agus é curtha san áireamh gur gnách go raibh an taighde go dtí seo dírithe ar na buntáistí a bhaineann le faoisimh a bheith ar fáil do na daoine muinteartha agus do na cúramóirí, den chuid is mó, seachas do na daoine faoi mhíchumas iad féin. Glacadh le cur chuige cáilíochtúil, ina raibh agallaimh agus grúpaí fócais i gcomhar le 40 duine mar chuid de. Sa staidéar seo, bhí rannpháirtithe a bhfuil taithí acu ar sheirbhísí faoisimh traidisiúnta (thar oíche) agus níos mó seirbhísí malartacha ar nós sosanna gearra nó seirbhísí sosa lae. Roghnaíodh rannpháirtithe ó thrí eagraíocht éagsúla. Bhí meascán ann ó thaobh inscne agus aoise de, chomh maith le meascán maidir le más láithreán uirbheach/tuaithe a bhí ann agus an cineál faoisimh (cé nár clúdaíodh gach uile chineál) a bhí áirithe sa taighde. Bhí míchumas intleachtúil, míchumas coirp nó céadfach ar na daoine ann, den chuid is mó. I measc na príomhthéamaí a bhí sa taighde bhí an tábhacht atá ann go ndeimhnítear an comhoiriúnacht i measc na grúpaí d’úsáideoirí faoisimh, chomh maith leis an rochtain ar fhaoisimh, agus an cuma a bheith ann gur ionann an faoiseamh agus sos ón mbaile nó gnáthamh.

Tá an tuarascáil curtha faoi bhráid na Roinne Sláinte agus cuirfidh sí leis an taighde atá déanta chun straitéis náisiúnta faoisimh a threorú. Cuireadh an tuarascáil ar roinnt leis an Aire Stáit le freagracht as Ceisteanna Míchumais freisin, agus foilsíodh í ar shuíomh gréasáin an ÚNM. Rachaidh an fhaisnéis ón tionscadal seo chun leasa na straitéise sin agus bonn eolais curtha leis faoi na breithnithe maidir le beartais agus cleachtas faoisimh.

<http://nda.ie/File-upload/Research-on-user-experience-of-Respite-Services.pdf>

Leanúint le dearcaí dearfacha sa phobal roimh an míchumas a chur chun cinn i ngach uile réimse den saol, sa chomhthéacs fostaíochta ina measc

Maoiniú um Fheasacht ar Mhíchumas

Ag teacht sna sála ar ghairm tograí le deontais chun ábhair oiliúna don fheasacht ar mhíchumais a fhorbairt d'fhostóirí in 2018, rinneadh tionscadal a bhí molta ag cuibhreannas d'eagraíochtaí míchumais a fhaomhadh le maoiniúchán. Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal an earcaíocht agus an choinneáil phoist feabhsaithe a éascú d'fhostaithe faoi mhíchumas agus tacú le timpeallachtaí oibre uilechuimsitheacha. Ba é an ÚNM a mhaoinigh an tionscnamh, agus i measc na mballeagraíochtaí a bhí sa ghrúpa d'eagraíochtaí a tháinig le chéile chun na hábhair a fhorbairt, bhí AslAm, Not So Different, Rehab/NLN agus WALK. Rinneadh na hábhair a phiólótú le fostóirí de chuid na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí araon. Is féidir le fostóirí a bhfuil suim acu ann teagmháil dhíreach a dhéanamh le haon cheann de chomhaltaí an chuibhreannais chun an teagasc a fháil ar bhonn duine le duine. Tá comhaltaí an chuibhreannais ag dul ar aghaidh anois chun modúl ar líne a fhorbairt chun an soláthar iargúlta a éascú, agus táthar chun é sin a thabhairt chun críche in 2020.

An Comórtas Ealaíne do Bhunscoileanna 'Duine Cosúil Liom Féin'

Is comórtas ealaíne bliantúil é an comórtas "Duine Cosúil Liom Féin" a d'eagraigh an ÚNM chun feasacht agus tuiscint na leanaí maidir le míchumais a fhorbairt. Cothaítear feasacht agus tuiscint míchumais sna leanaí agus sna múinteoirí de bharr an chomórtais.

D'fhéadfadh leanaí scoile ó na Naíonáin Sóisir suas go dtí Rang a Sé páirt a ghlacadh sa chomórtas don bhliain 2019, agus fuarthas iontrálacha ó scoláirí aonair, agus ó rang/grúpa scoile. Bhí meascán d'iontrálacha ann idir póstaer nó colláis, papier-mâché nó deilbh meán measctha. Bhí buaiteoirí sna catagóirí sóisearacha agus sinsearacha ó beagnach gach contae, agus bhí buaiteoir náisiúnta ó Scoil Náisiúnta na nDún, an Muileann gCearr, an Iarmhí, agus d'éirigh leo an buadh a fháil den athuair in 2018.

San iomlán, bhí níos mó ná 2,600 iontráil ann ó 169 scoil ar leith. Is ionann sin agus laghdú fíor-bheag ar líon na scoileanna a tháinig isteach (170 in 2018) agus méadú 8.5% ar líon iomlán na n-iontrálacha a fuarthas (2,400 in 2018).

Tuilleadh forbartha a dhéanamh i ndáil leis an mbailiú sonraí, agus an anailísiú sonraí, ag iarraidh réimse níos leithne sonraí agus staitisticí a thógáil chun bonn eolais a chur faoin bpleanáil agus faoin fhorbairt a bhaineann leis an míchumas, agus chun an dul chun cinn i bpríomhréimsí a thomhas

In 2019, tháinig an ÚNM roinnt bileoga fíricí staidrimh lena léiriú conas atá an saol atá ag daoine faoi mhíchumas in Éirinn. Is í aidhm na mbileog fíricí ná staitisticí faoin míchumas a chur in iúl i bhformáid atá éasca inrochtana.

Le linn na bliana, táirgeadh trí bhileog fíricí bunaithe ar shonraí a chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh ar fáil. Sa chéad cheann, bhí scrúdú déanta ar líon na ndaoine faoi mhíchumas in Éirinn de réir tréithe lena n-áirítear aois, inscne agus an cineál míchumais atá acu. Sa dara bileog fíricí, bhí scrúdú déanta ar staid chúrsaí maidir le fostaíocht daoine faoi mhíchumas agus bhí bearna fostaíochta idir daoine faoi mhíchumas agus daoine gan mhíchumas léirithe ann. Sa tríú bileog fíricí bhí súil caite ar dhaoine óga nach raibh Fostaithe, san Oideachas ná san Oiliúint (NEET).

Comhdháil Bhliantúil 2019

Tionóladh Comhdháil Bhliantúil 2019 an ÚNM Déardaoine, an 17 Deireadh Fómhair 2019 in Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh. Is é “Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas: An Méid Atá Foghlamtha Againn Go Dtí Seo Agus An Dúil Atá Againn Don Todhchaí” an teideal a bhí ar an gComhdháil Bhliantúil i mbliana. Tugadh deis ann an taithí atá ag daoine in Éirinn agus ó thíortha ar fud na cuinníú a roinnt maidir le conas is féidir an UNCRPD a úsáid chun forbairt beartais a chur ar aghaidh chun athrú dearfach a bhaint amach do dhaoine faoi mhíchumas. Sa chomhdháil seo, rinneadh an díospóireacht a éascú ar na ceachtanna a d’fhéadfaí a fhoghlaim ó thíortha eile ar an gcaoi a bhfuil an Coinbhinsiún curtha i bhfeidhm ann agus ar an taithí a bhí acu maidir leis an bpróiseas athbhreithnithe. Bhí sé de chuidiú chun iniúchadh a dhéanamh ar a mbeifí ag súil leis tar éis an chéad timthriall tuairiscithe d’Éirinn.

Áiríodh sa chomhdháil cainteoirí idirnáisiúnta ón tSeirbia, ón Iorua agus ón Ostair, chomh maith le cainteoirí Gaeilge ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an tArdán Náisiúnta um Fhéin-Abhcóidí agus Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus an Comhionannas. Tionóladh trí sheisiún briseadh amach, agus rinneadh scrúdú i ngach aon cheann acu ar an reachtaíocht, ar bheartas agus an gcleachtas in Éirinn i gcomhthéacs Ailt éagsúla UNCRPD agus bhí cainteoirí le réimsí saineolais éagsúla, go háirithe an taithí bheo. Bhí na seisiúin dírithe ar an Inrochtaineacht, ar an Maireachtáil Neamhspleách agus ar cheisteanna Fostaíochta.

D’fhreastail thart ar 120 duine ar an gComhdháil Bhliantúil. Tá sé léirithe i meastóireacht a rinneadh ar an ócáid go raibh an chomhdháil an-suimiúil ar fad agus go raibh an t-ábhar ann oiriúnach do na rannpháirtithe a bhí ann. Thug duine amháin a bhí ann le fios nuair a fiafraíodh de faoi go raibh “an-chuid faisnéis curtha in iúl faoin UNCRPD, faoin taithí idirnáisiúnta atá ann ar conas cearta a dhaingniú, ar na dúshlán atá i gceist leis sin, ar léargas saineolach na Náisiún Aontaithe agus ar an fíor-thaithí atá ag daoine óna saol ar fáil ann. Comhdháil den chéad scoth.”

Bileog eolais
Aibreán 2019


Fostaíocht agus Míchumas

nda

Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

Is féidir linn sainmhíniú a thabhairt ar mhíchumas agus fostaíocht ar bhealaí éagsúla. Is féidir leat teacht ar cháipéis chúlra a ghabhann leis an mbileog eolais seo. Pléitear ann an sainmhíniú a úsáidimid agus tugtar eolas breise ann.

Caithimid súil sa bhileog eolais seo ar dhaoine idir 20 agus 64 bliain d'aois agus úsáidimid Daonáireamh 2016 don chuid is mó dár n-eolas



Cé mhéad duine atá faoi míchumas in Éirinn?

643,131

De réir Dhaonáireamh 2016




Is é sin le rá 1 duine amháin as gach 7 daoine, méadú beag in aghaidh fhigiúirí 2011

Cad a tharlóidh amach anseo?

Tiocfaidh fás aníos go dtí 5.2 milliún duine ar dhaoine na hÉireann faoin mbliain 2026. Mar gheall go mbeidh níos mó daoine agus níos mó daoine breacaosta ann, beidh níos mó daoine faoi mhíchumas ann. Meastar go mbeidh méadú aníos go dtí 20% tagtha ar an líon daoine faoi mhíchumas faoin mbliain 2026. Is é buiséad 2018 do sheirbhísí míchumais €1.8 billiún. Measann an ÚNM go mbeidh an buiséad seo le méadú 33% faoin mbliain 2026 chun tacú leis an líon méadaithe daoine faoi mhíchumas.

<http://nda.ie/Publications/Disability-Supports/Transforming-Lives.html>



Tosaíocht Straitéiseach 2

Tosaíocht Straitéiseach 2:

“Tuiscint agus comhairle a thabhairt ar athruithe, dúshlán agus deiseanna sochaíocha a théann i bhfeidhm ar shaol daoine faoi mhíchumas”.

Tugann an ÚNM dá aire go mbeidh tionchair ag na hathruithe agus ag na forbairtí leanúnacha atá ag teacht ar an tsochaí in Éirinn ar shaol daoine faoi mhíchumas, díreach mar atá i ndáil leis an gcuid eile den phobal. Is é an aidhm a bhí i gceist leis an obair cuireadh ar aghaidh faoin tosaíocht seo le linn 2019 ná cuid de na dúshlán shochaíocha seo a mheas maidir leis an tionchair a d’fhéadfadh a bheith acu ar dhaoine faoi mhíchumas. Is féidir leis sin a bheith de chabhair treoir a thabhairt don bheartas agus don chleachtas agus sochaí uilechuimsitheach a bhaint amach do gach duine a bhfuil mhíchumas air, is cuma cén aois é.

Taighde a shainaithint agus a dhéanamh chun faisnéis agus fianaise a charnadh ar cad iad na tionchair atá ag athruithe agus forbairtí sochaíocha

Taighde ar an aosú faoi mhíchumas intleachta (ID) agus ar an aosú le riachtanais chasta sláinte

In 2019, d’eisigh an ÚNM iarratas ar thairiscint i leith an chúiraim do dhaoine fásta aosta faoi mhíchumas intleachtúil agus na riachtanais chasta atá aois-ghaolmhar. Tá sé aitheanta nach bhfuil mórán fianaise taighde sa réimse seo agus gur réimse é ina mbeidh níos mó airde ag teastáil de réir a chéile sna blianta beaga atá amach romhainn. Cuirfidh an taighde fianaise ar fáil lena dtreorófar an beartas agus an cleachtas maidir leis an gcóhort daoine seo atá ag leathnú amach. Cuirfear tús leis an taighde seo in 2020 agus tabharfar chun críche í go luath in 2021.

An Teicneolaíocht Chúnta

Le linn 2019, chuaigh an ÚNM i mbun comhairle déthaobhach le páirtithe leasmhara reachtúla a raibh baint acu leis an maoiniú nó leis an soláthar teicneolaíochtaí cúnta ar i réimsí na sláinte, an chúiraim shóisialta, na fostaíochta agus an oideachais. Ba é an cuspóir a bhí ag an comhairliúchán seo ná tuiscint a fháil ar na bealaí cuir chuige, ar na saincheisteanna agus ar nithe ar cheart iad a bheith curtha sa bhreith maidir leis na rudaí a gcaithfí aghaidh a thabhairt orthu chun clár náisiúnta a chur i bhfeidhm, agus ag an am céanna bealaí a bplé ann freisin chun cur leis an sineirgí atá ann idir na geallsealbhóirí reachtúla éagsúla. Tá sé seo curtha le taighde atá déanta ag an ÚNM roimhe seo.

Tá sé beartaithe go gcuideoidh an fhaisnéis a bhaileofar tríd an rannpháirtíocht dhéthaobhach bonn eolais a bheith curtha le dearadh agus formáid díospóireachta comhchéime le páirtithe leasmhara reachtúla, a bheidh ar siúl in 2020, agus ina dhiaidh sin beidh teagmháil agus comhairliúchán le daoine faoi mhíchumas agus soláthraithe seirbhíse chun forbairt a threorú i ndáil le chomhairle beartais sa réimse seo.

Tuiscint a fháil ar na dearcaí atá ag na príomhpháirtithe leasmhara maidir leis na réimsí dúshlánacha seo, lena n-áirítear: daoine faoi mhíchumas, teaghlaigh agus cúramóirí, eagraíochtaí ionadaíocha agus oifigigh rialtais atá ag obair ar an mbeartas agus ar an gcleachtas

Taighde ar Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas

In 2019, chuir an ÚNM tús le taighde ar an gcaoi ar féidir dearcaí daoine faoi mhíchumas a ionchorprú sa cheapadh beartais, agus béim ar leith curtha ar ról Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas (DPOнна) chuige sin. Faoin UNCRPD, beidh rannpháirtíocht éifeachtach DPOнна agus daoine aonair

faoi mhíchumas ríthábhachtach chun an Coinbhinsiún a chur i bhfeidhm agus chun monatóireacht a dhéanamh air. Sa taighde atá déanta ag an ÚNM deantar scrúdú ar cad é an chineál de DPO atá ann, agus déantar bealaí a fhiosrú ann chun rannpháirtíocht na DPOanna a éascú agus chun tacú leis, bunaithe ar an méid atá foghlamtha ó dhlínsí eile. Táthar chun an obair a thabhairt chun críche in 2020, agus beidh sí de chuidiú chun bonn eolais a chur faoin mbhreithniúcháin atá le déanamh maidir leis rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa phróiseas chun an chéad Tuarascáil Páirtí Stáit in Éirinn a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Choinbhinsiúin.

Imeacht fóram UNCRPD

Téann an ÚNM i mbun caidrimh le páirtithe leasmhara míchumais le tionscadail, Coistí agus idirtheagmálacha éagsúla, rinneadh socrú tús a chur le próiseas díospóireachtaí fóraim éascaithe le grúpaí geallsealbhóirí ar théama an UNCRPD. In 2019, rinneadh cinneadh fóram a óstáil ar an gCoinbhinsiún mar bhealach chun peirspictíochtaí geallsealbhóirí míchumais a chloisteáil maidir lena gcuid tuairimí ar réimsí tosaíochta le díriú orthu agus chun dul i ngleic le haon bhacainní atá ann chun é sin a dhéanamh.

Reáchtáladh imeacht fóraim éascaithe i mí an Mheithimh, agus raon comhlachtaí ionadaíoch ag freastal air, lena n-áirítear Eagraíochtaí Daoine faoi Mhíchumas (DPOanna). Bhí an plé fairsing agus leagadh béim ann ar roinnt réimsí ina mbeadh gá le tuilleadh béime a bheith curtha orthu ionas go mbeadh Éire in ann bogadh ar aghaidh i dtreo aidhmeanna an UNCRPD a bheith bainte amach. Chuir na rannpháirtithe in iúl go raibh luach ag baint leis an gcineál rannpháirtíochta seo, agus thug siad deis dóibh éisteacht le tuairimí a chéile anuas ar tuairimí an ÚNM. Rinneadh moladh go raibh fiúntas ann imeachtaí breise a óstáil ach gur cheart go mbeadh gach aon imeacht dírithe ar ghné ar leith den Choinbhinsiún. Leanfaidh an ÚNM ag cur leis an teagmháil ghníomhach atá á déanamh le daoine faoi mhíchumas agus le heagraíochtaí ionadaíoch in 2020, ag cur leis an méid atá foghlamtha ón imeacht tosaigh seo.

Samhlaí don Tacaíocht Phobail

Lean an ÚNM ar aghaidh ag féachaint ar chineálacha éagsúla den chur chuige éifeachtach i leith na tacaíochta pobail do dhaoine faoi mhíchumas, agus suntas déanta ann ar an tábhacht a bhaineann le hacmhainn a mhéadú i bpobail chun na seirbhísí agus na tacaíochtaí príomhshrutha a sholáthar atá riachtanach chun daoine faoi mhíchumas a chur ar a gcumas na saolta sin atá á iarraidh acu a mhaireachtáil.

Rinneadh scrúdú ar raon den taighde a bhí ag leanúint ar aghaidh ar raon samhlacha tacaíochta le linn 2019, agus gach aon cheann díobhsan ag tairiscint bealaí chun daoine aonair a nascadh le tacaíochtaí ábhartha i suíomh príomhshrutha. Tionóladh roinnt agallamh i gcomhar le faisnéiseoirí lárnacha agus páirtithe leasmhara a bhfuil taithí acu ar conas cuid de na samhlacha atá faoi athbhreithniú a chur i bhfeidhm. Leanfar ar aghaidh leis an obair seo in 2020, de réir mar a shintéisíonn an ÚNM torthaí an taighde agus na rannpháirtíochta chun comhairle beartais a mheas de mar is ábhartha agus iomchuí.

Tascfhórsa um Shláinte na mBan

Rinne an ÚNM cur i láthair don Tascfhórsa ar Shláinte na mBan sa Roinn Sláinte i mí Dheireadh Fómhair 2019. Chuir an ÚNM béim ar roinnt saincheistanna lárnacha, agus ina measc siúd:

- An tábhacht a bhaineann leis an taighde agus le sonraí, agus luadh taighde éagsúil chun obair an Tascfhórsa a threorú;
- Ábharthacht an UNCRPD agus Airteagal 6 maidir le mná faoi mhíchumas, agus an tslí a bhfuil Ailt eile a bhaineann ábhartha le mná faoi mhíchumas;
- Doiciméid bheartais ábhartha lena n-áirítear an Straitéis Náisiúnta Ionchuimsithe do Dhaoine Faoi

Mhíchumas agus an Straitéis Fostaíochta Chuimsitheach agus an tionchar atá ag tosca éagsúla, mar shampla, an stádas socheacnamaíoch; an leibhéal oideachais agus an leibhéal oibre ar cháilíocht na sláinte atá ag mná faoi mhíchumas;

- Saincheistean ar leith a bhaineann le mná faoi mhíchumas, mar shampla cearta atáirgthe, an toircheas, seirbhísí máithreachais chomh maith leis an luath-néaltrú do mhná faoi mhíchumas; agus sláinte béil srl.;
- An Inrochtaineacht agus an tábhacht a bhaineann leis an gcumarsáid mhéadaithe i ndáil le mná faoi mhíchumas intleachta.

Faisnéis, sonraí agus staidrimh a bhaineann leis na réimsí seo a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu d'fhonn bonn fianaise a chur ar fáil don chomhairle agus ionchur beartais amach anseo

Chuaigh an ÚNM i dteagmháil leis an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) i ndáil le roinnt ábhar éagsúil in 2019, lena n-áirítear an chomhairle maidir le foclaíocht ceistean le bheith curtha le Suirbhéanna don Lucht Oibre ó 2021 ar aghaidh. Tá fáilte curtha ag an ÚNM roimh chinneadh na Príomh-Oifige Staidrimh foirm athbhreithnithe de cheist an Daonáirimh a úsáid sa Suirbhé don Lucht Oibre, toisc go ligtear leis níos mó sonraí faoi phróifíl daoine faoi mhíchumas a ghabháil agus ligfidh sé inchomparáideacht ar fud ionstraimí suirbhé freisin. Tá an ÚNM ag plé leis an bPríomh-Oifig Staidrimh freisin mar chuid den Phróiseas Buiséadaithe Comhionannais, agus beifear ag leanúint ar aghaidh leis seo in 2020.

Tá comhairle tugtha ag an ÚNM chomh maith ar cé chomh tábhachtach is atá sé bealaí a shainaithint chun faisnéis mhionsonraithe a ghabháil maidir le heispéiris mhaireachtála daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear an poitínseal do Shuirbhé Náisiúnta Míchumais i ndiaidh Dhaonáireamh 2021 nó 2026. Thabharfadh sé seo an deis tuairimí daoine aonair a ghabháil gur daoine iad atá aitheanta mar dhaoine a bhfuil míchumas orthu, agus tagairt ar leith déanta ann do na bacainní nó na dúshláin a bhíonn ann i ngnéithe éagsúla dá saol. Reáchtáladh suirbhé dá leithéid roimhe seo in 2006, ar shampla de 14,000 duine, agus tá fianaise chainníochtúil luachmhar curtha ar fáil dá bharr chun réimsí béime a threorú do ranna agus do ghníomhaireachtaí ábhartha. Leanfaidh an ÚNM de bheith ag déanamh plé leis an bPríomh-Oifig Staidrimh chun deiseanna a iniúchadh d'ionstraim suirbhéireachta ar scála mór ach sonrach in 2020, agus é curtha in iúl acu go mbeidh sé tairbheach ar bhonn ar leith tuiscint a fháil ar an dul chun cinn atá déanta in Éirinn maidir le UNCRPD agus maidir le conas é sin a chur i láthair.

Cláir Taighde an ÚNM/ESRI

Go déanach in 2019, rinne an ÚNM comhaontú leis an ESRI chun tús a chur le clár oibre taighde a d'fhéadfadh siad a chur i gcrích thar thréimhse 2-3 bliana, chun cur leis an raon taighde agus sonraí a theastaíonn ón ÚNM chun an chomhairle a chuireann sé ar fáil don rialtas a threorú agus a mbeidh tábhacht ar leith léi chun críche na haidhmeanna UNCRPD a bhaint amach. In 2020, cuirfear obair chun cinn sna réimsí seo a leanas, de réir mar atá roghnaithe ag an ÚNM:

1) An Fhostaíocht

Anailís ar scileanna agus cáilíochtaí daoine faoi mhíchumas, agus conas is féidir iad a chomhtháthú le héileamh fostóirí agus le réimsí ganntanas scileanna. Cuirfear anailís láidir ar shonraí chun réimsí béime don chóras beartais a threorú leis seo.

2) An Mhaireachtáil i bPobail

Scrúdú a dhéanamh ar na sonraí atá ann faoi láthair faoin soláthar agus faoin leithdháileadh d'fhonn tuiscint a fháil ar an éileamh agus riachtanas atá ann gan freastal chun an breithneoireacht ar bhonn náisiúnta a treorú, agus suntas déanta den tábhacht a bhaineann leis


an rochtain ar thacaíochtaí cúntóirí pearsanta chun maireachtáil neamhspleách sa phobal curtha san áireamh chuige sin.

Cláir Taighde an ÚNM/OECD

Faoin Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta, tá ceann de na príomhthosaíochtaí straitéiseacha dírithe ar rannpháirtíocht ghníomhach na bhfostóirí, rud atá ríthábhachtach chun deiseanna fostaíochta a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas. Cuireadh leis seo le tionscnamh um Fhaisnéis faoi Mhíchumas Fostóra mar thionscadal píolótach, arna mhaoiniú ag an ÚNM, ar tugadh chun críche é i mí Eanáir 2019.

Molann an ÚNM go bhfuil gá le tuilleadh iniúchta ar mhodhanna éifeachtacha chun fostóirí a chur chun gníomhaithe agus chun tacú leo ina chuige sin. Le linn 2019, chuir an ÚNM tús le cainteanna i gcomhar leis an OECD, chun iniúchadh a dhéanamh ar an fhéidearthacht go soláthrófar clár taighde ar leith a d'fhéadfadh cabhrú le plean straitéiseach gníomhaíochta a threorú agus a mhúnlú chun ról an fhostóra i dtacú le deiseanna fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas, ag cur leis an méid atá foghlamtha ar fud an domhain, agus ról an Stáit maidir le teagmháil a dhéanamh le fostóirí curtha san áireamh leis freisin.

Táthar ag súil go ndéanfar an tionscadal seo a sheachadadh thar thréimhse dhá bhliain, ag tosú in 2020, agus go mbeidh áirithe ann an taighde deisce, suirbhéanna agus agallaimh le príomhpháirtithe leasmhara ó thíortha eile, chomh maith le cuairteanna staidéir ar roinnt réigiún in Éirinn. Tá sé i gceist leis an obair seo go sainaithneofar, mar shampla, na nithe ag seo a leanas: a aithint mar shampla: cad iad na straitéisí agus beartais éifeachtacha rannpháirtíochta ar an leibhéal náisiúnta chun fostóirí a spreagadh agus tacú leo chun daoine faoi mhíchumas a fhostú; cad iad na fadhbanna a bhíonn ag fostóirí chomh maith leis na bealaí éagsúla is féidir aghaidh a thabhairt orthu; conas is fearr is féidir cláir ghníomhachtúcháin tacú le fostóirí agus conas an soláthar fostóirí a fheabhsú; cad iad na ról atá ag na páirtithe éagsúla lena n-áirítear ranna agus gníomhaireachtaí, chomh maith le comhlachtaí fostóirí, fostóirí aonair, agus soláthraithe speisialaithe tacaíochtaí fostaíochta.



Tosaíocht Straitéiseach 3



Tosaíocht Straitéiseach 3

“Cóid Chleachtais, caighdeáin agus treoirle i ndáil le seirbhísí a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh orthu, agus meastóireacht a dhéanamh ar an mbeartas agus ar an gcleachtas”

Chuaigh an ÚNM i dteagmháil le raon comhlachtaí i rith 2019 chun comhairle a thabhairt dóibh maidir le caighdeáin, agus chun treoir a thabhairt dóibh maidir le forfheidhmiú ár gCóid Chleachtais maidir leis an Inrochtaineacht. Rinneamar meastóireacht ar an mbeartas leis na tionscadail a rinneamar a sheachadadh agus tríd an rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara.

Meicníochtaí monatóireachta a mheas agus comhairle a thabhairt ina leith

Athbreithniú Oibriúcháin ar Alt 25 den Acht um Míchumas

Ceanglaítear ar gach uile roinn rialtais agus comhlacht poiblí a gcuid foirgneamh poiblí a dhéanamh inrochtana de réir na ndualgas atá sonraithe in Alt 25 den Acht um Míchumas 2005. Éilítear leis sé go gcomhlíonfar Cuid M de na Rialacháin Foirgníochta faoi mhí Eanáir 2022. Mar atá foráil déanta leis i mBeart 26 den Straitéis Náisiúnta Ionchuimsithe do Dhaoine Faoi Mhíchumas, rinne an ÚNM athbhreithniú ar oibriúchán an ailt seo den Acht i gcomhpháirt le hOifig na nOibreacha Poiblí, ag dul i dteagmháil le príomhchomhlachtaí poiblí, le grúpaí d’úsáideoirí foirgnimh agus le foireann theicniúil an OPW. Seoladh an tuarascáil i mí Iúil 2019. Tá leibhéil ísle feasachta léirithe san príomhthorthaí, chomh maith leis an gá atá ann le gníomhaíocht phleanáilte ag na comhlachtaí ábhartha go léir chun comhlíonadh a chur chun cinn. Scríobh an ÚNM chuig na hAirí ábhartha chun treoir a thabhairt dóibh maidir le bearta chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí agus chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le foirgnimh phoiblí inrochtana.

Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh maidir le fostaíocht daoine faoi mhíchumas sa tseirbhís phoiblí ar aon dul le Cuid 5 den Acht um Míchumas

Tá oibleagáidí dlíthiúla ar Ranna Rialtais agus ar chomhlachtaí poiblí maidir le fostaíocht daoine faoi mhíchumas agus chun a chinntiú go mbaintear amach an sprioc íosta de 3% den fhórsa saothair, ar aon dul le Cuid 5 den Acht um Míchumas 2005. Tá feidhm reachtúil ag an ÚNM tuarascáil bhliantúil ar an fheidhmíocht a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais i dtaca leis seo. Tá feidhmeanna aige freisin maidir leis an neamhchomhlíonadh agus chun bearta a shonrú do chomhlachtaí aonair.

An Tuarascáil ar an gComhlíonadh maidir le Cuid 5 den Acht um Míchumas 2005 don Bhliain 2018

Chuir an ÚNM an Tuarascáil maidir leis an gComhlíonadh le Cuid 5 den Acht um Míchumas 2005 i dtaca le 2018 faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus cuireadh cóip de chuig an Aire Stáit le freagracht speisialta as Saincheisteanna Míchumais roimh an spriocdháta reachtúil, Dé hAoine an 30 Samhain 2019.

Mar achoimre, cuireadh in iúl sa tuarascáil gurbh ionann líon iomlán na bhfostaithe sna comhlachtaí earnála poiblí ábhartha, amhail deireadh 2018, agus 231,706- is é sin le rá méadú 5,897 (2.6%) ar an líon iomlán fostaithe a bhí ann in 2017. Mar sin féin, tháinig laghdú ar líon agus céatadán foriomlán na bhfostaithe a thuairiscigh an míchumas síos ó 7,796 (3.5%) in 2017 go 7,585 (3.3%) in 2018. Is ionann sin agus laghdú de 211 (-2.7%) duine ó bhí 2017 ann.

Cuid 5: Cinntí Deiridh ar an Neamhchomhlíonadh do 2015 agus 2016

Faoi alt 49 den Acht um Míchumas (2005), féadfaidh don ÚNM iarraidh a dhéanamh ar chomhlacht poiblí ionas go mbeadh sé in ann a mheas an bhfuil an comhlíonadh bainte amach, agus an raibh cúiseanna bailí ann a chuir cosc ar chomhlacht poiblí an sprioc íosta 3% a bhaint amach 2 bhliain as a chéile.

Chuir an ÚNM iarrataí S49 chun 11 chomhlacht poiblí nár léirigh an t-íos-sprioc 3% do 2015 agus 2016. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na freagraí agus faisnéis bhreise ar bhearta a chuir comhlachtaí poiblí i bhfeidhm le linn na tréimhse a fuarthas, chomhaontaigh Údarás an ÚNM go raibh údar le cinneadh críochnaitheach maidir leis an neamhchomhlíonadh mar gheall ar na 7 gcomhlacht poiblí ag seo a leanas toisc nár léirigh siad leibhéal leordhóthanach gníomhaithe le maidir le bearta réamhghníomhacha chun daoine faoi mhíchumas a earcú le linn na tréimhse sin:

- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte;
- Seirbhís Fuilaidriúcháin na hÉireann;
- Rásaíocht Capall na hÉireann;
- An Coláiste Náisiúnta Ealaíne Is Deartha;
- Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann;
- An Bord um Dhíobhálacha Pearsanta;
- An Bord Taighde Sláinte.

Tá sé tugtha faoi deara maidir le cuid de na comhlachtaí seo go mbeadh an sprioc de 3% bainte amach acu ó shin i dtuarascálacha maidir le blianta a tháinig ina dhiaidh sin.

Cuid 5: Dréacht-Chinntí ar an Neamhchomhlíonadh do 2016 agus 2017

Chuir an ÚNM iarrataí S49 chun na ceithre chomhlacht poiblí nár léirigh an t-íos-sprioc 3% do 2016 agus 2017, de réir alt 49 den Acht um Míchumas 2005, ag seo a leanas:

- IT Phort Láirge;
- An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta;
- An Bord Taighde Sláinte;
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte;

Rinne an ÚNM breithniú ar na freagairtí a sholáthair na comhlachtaí poiblí seo.

Léirigh IT Phort Láirge go raibh bearta i bhfeidhm ann in 2016 agus 2017 chun timpeallacht ionchuimsitheach oibre a chruthú inar bhrath fostaithe go raibh tacaíocht á tabhairt dóibh nuair a bhí míchumas á nochtadh acu, agus go raibh beartais agus próisis réamhghníomhacha ann a dhírigh ar níos mó daoine faoi mhíchumas a earcú agus a choimeád. Chuir an comhlacht poiblí fianaise ar fáil i leith a thiomantais chun a oibleagáidí a shásamh faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas, 2005 i rith na tréimhse dhá bliain seo. Rinne an tÚdarás an cinneadh nach gá cinntiúchán a dhéanamh go raibh an comhlacht poiblí seo neamhchomhlíontach i gcás na bliana 2016 agus 2017.

Tá breithniú á dhéanamh ag an ÚNM ar cibé acu an gá nó nach gá don Údarás cinntiúchán a dhéanamh go raibh an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, an Bord Taighde Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte neamhchomhlíontach i gcás na bliana 2016 agus 2017. Ba bheag fianaise a

sholáthair na trí chomhlacht phoiblí seo go raibh bearta réamhghníomhacha i bhfeidhm acu chun níos mó daoine faoi mhíchumas a earcú i rith na tréimhse dhá bliain seo.

Leanann an ÚNM ag obair leis na comhlachtaí poiblí chun cabhrú leo Pleananna Gníomhaíochta a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus tuairisciú a chuimseoidh cur chuige pleanáilte le gníomhaíochtaí sonracha mionsonraithe chun earcaíocht daoine faoi mhíchumas a mhéadú de réir a chéile. Is maith is d'éol don ÚNM go dtógfaidh sé tamall do chomhlachtaí poiblí athruithe a dhaingniú sna próisis earcaíochta atá acu agus tionchar na n-athruithe seo a bhaint amach. Mar sin féin, tá an ÚNM ag tnúth leis go gcuirfear feabhas ar an fheidhmíocht fhoriomlán san earnáil phoiblí luath go leor.

Cuid 5: Seimineár do mhionchomhlachtaí poiblí ar conas timpeallacht oibre uilechuimsitheach a chur i mbun

I mí na Bealtaine 2019, d'óstáil an ÚNM seimineár do chomhlachtaí poiblí ina bhfuil níos lú ná 50 fostaí agus a raibh deacrachtaí acu an sprioc íosta a bhaint amach. Tá 34 chomhlacht dá leithéid ann, agus is fiú é a thabhairt faoi deara go bhfuil cuid acu ina measc nach bhfuil ach triúr ball foirne iontu. Bhí slua maith ag an seimineár agus thart ar 30 duine ann, agus ionadaíocht déanta acusan ar 21 cheann de na 34 chomhlacht seo, agus cuid acu a bhí nua sa phróiseas Chuid 5. B'iad cuspóirí an tseimineáir seo ná:

- Cur leis an fheasacht atá ag na comhlachtaí poiblí seo ar chomhairle agus treoir an ÚNM maidir le timpeallacht oibre uilechuimsitheach a chruthú a chuireann earcaíocht agus coinneáil daoine faoi mhíchumas chun cinn agus a thacaíonn leo;
- Cur leis an méid feasachta atá ag na comhlachtaí poiblí seo faoi Alt 25 den Acht um Míchumas 2005 i gcásanna ina bhfuil oibleagáid ar chomhlacht poiblí a chinntiú go bhfuil a fhoirgnimh phoiblí (seachas láithreáin oidhreacht, atá faoi réir Alt 29 den Acht) inrochtana, a oiread is gur féidir, do dhaoine faoi mhíchumas;
- Tabhair deis do na comhlachtaí poiblí seo an méid atá foghlamtha acu agus samhlacha den dea-chleachtais a roinnt lena chéile.

Bhí roinnt torthaí dearfacha a tháinig as an seimineár seo, mar seo a leanas:

- Tá na comhlachtaí poiblí ag an seimineár ag forbairt líonra chun foghlaim chomhroinnte a éascú maidir le timpeallachtaí oibre uilechuimsitheacha a chruthú a chuireann fostaíocht daoine faoi mhíchumas chun cinn agus a thacaíonn leo;
- Chuir baill de chuid Choistí Monatóireachta agus Oifigigh Teagmhála Míchumais nach raibh páirteach sa phróiseas Chuid 5 le fada in iúl go bhfuil tuiscint shoiléir acu anois ar an bpróiseas seo agus ar an gcaoi ar féidir leo treoir agus comhairle an ÚNM a chur i bhfeidhm chun deiseanna earcaíochta agus coinneála a mhéadú do dhaoine faoi mhíchumas.

Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas chun cáilíocht na sonraí agus caighdeán an tuairiscithe a fheabhsú faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas

Toisc go bhfuil an próiseas chun fostaíocht daoine faoi mhíchumas faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005 a thuairisciú agus monatóireacht a dhéanamh air i bhfeidhm ó 2007, rinneadh athbhreithniú chun feabhsúcháin a threorú in 2019. Cuimseoidh an t-athbhreithniú seo meastóireacht ar an dea-chleachtais i ndáil leis na próisis a úsáidtear chun an mhonatóireacht agus an mheastóireacht a dhéanamh ar thallann éagsúil san ionad oibre lena n-áirítear athbhreithniú ar an gcleachtas is fearr go hidirnáisiúnta. Tá sé mar aidhm aige an tuarascáil agus na moltaí a fhoilsiú in 2020.

Monatóireacht a dhéanamh ar inrochtaineacht an iompair phoiblí - céim a dó

Le linn 2019, lean an ÚNM de bheith ag plé le roinnt tíortha atá ag fiosrú cineálacha den chur chuige chun an mhonatóireacht a dhéanamh ar inrochtaineacht iompair phoiblí ina dtíortha faoi seach sa bhreis, suas go dtí céim 1 de thionscadal a rinne tástáil ar mhodhanna éagsúla chun faisnéis a bhailiú chun an comhlíonadh a thomhas. I measc cuid de na heagraíochtaí a ndeachaigh an ÚNM i mbun caidrimh leo tá Transport Analysis, gníomhaireacht rialtais de chuid na Sualainne a bhfuil sé de chúram uirthi staitisticí oifigiúla agus forbairt beartais a tháirgeadh don earnáil iompair sa tSualainn agus an Fhoireann Chuimsitheach agus Inrochtaineachta i Roinn Iompair an RA, atá freagrach as Straitéis Iompair Chuimsitheach san RA- Rochtain Chomhionann do Dhaoine faoi Mhíchumas a Bhaint Amach (2018)- a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéan.

Is éard atá foghlamtha ó thíortha atá ag forbairt táscairí ardleibhéil atá indéanta chun monatóireacht a dhéanamh ar inrochtaineacht an iompair phoiblí ná gur próiseas dúshlánach casta atá ann. Mar sin féin, fuair an ÚNM aiseolas ó na tíortha sin faoi na dréacht-tháscairí do na soláthraithe seirbhíse iompair phoiblí in Éirinn agus faoin tsraith ar leith de dhréacht-tháscairí d'úsáideoirí seirbhíse chun meicníocht náisiúnta a threorú le monatóireacht a dhéanamh ar an inrochtaineacht iompair phoiblí de réir Chód Cleachtais an ÚNM.

Clúdóidh na táscairí do sholáthraithe seirbhíse na réimsí seo a leanas den Chód Cleachtais athbhreithnithe nua do Sheirbhísí Poiblí Inrochtana:

- Seirbhísí iompair inrochtana a cheannach agus a chur ar fáil
- Próisis inrochtana ghearáin a bheith acu chomh maith le hoifigigh ghearáin chun aghaidh a thabhairt do na gearáin, agus chun freagairt agus réiteach a dhéanamh orthu, go pras.
- Faisnéis a chruthú i bhformáid inrochtana
- Suímh ghréasáin inrochtana

Déanfaidh an ÚNM clár trialach ar chur i bhfeidhm ar na táscairí seo ionas gur féidir an mheicníocht a bheachtú lena rolladh amach.

Conarthaí Iompair Sheirbhíse Poiblí

D'oibrigh an ÚNM go dlúth i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) chun conarthaí nua a sholáthar do sholáthraithe seirbhíse iompair phoiblí i mí na Nollag 2019 agus mhol sé go gcuirfí na réimsí lárnacha den **Chód Cleachtais maidir leis an Inrochtaineacht i ndáil le Seirbhísí Poiblí agus an Faisnéis a sholáthraíonn Comhlachtaí Poiblí:**

- Rochtain ar Sheirbhísí;
- An Soláthar Inrochtana;
- An Rochtain ar an Eolas;
- Gearáin Inrochtana;
- Ról an Oifigigh Fhiosrúcháin.

Comhairliúchán an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA) maidir le hathruithe féideartha ar na coinníollacha ceadúnais maidir leis an inrochtaineacht ar sheirbhísí paisinéirí bus poiblí

I mí na Samhna 2019, rinne an ÚNM aighneacht chuig an gcomhairliúchán seo a bhí dírithe ar chur chuige céimnithe molta an NTA maidir le conas feabhas a chur ar an inrochtaineacht ar sheirbhísí iompair phoiblí ceadúnaithe agus na costais a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis, go háirithe le hoibreoirí bus tráchtála a sholáthraíonn na seirbhísí seo nach bhfaigheann aon fhóirdheontais ón NTA.

Thug an ÚNM le fios gur cheart go n-áireofaí sna coinníollacha ceadúnais don earnáil bus agus cóiste tráchtála na croí-eilimintí den mhéid a theastaíonn chun seirbhísí comhtháite iompair atá deartha go huilíoch a chinntiú. Bhí na pointí seo léirithe sa aighneacht a chuir an ÚNM faoi bhráid choiste an Oireachtais in 2018 ar **Inrochtaineacht Seirbhísí Iompair Phoiblí do Dhaoine faoi Mhíchumas** freisin.

An Tionscnamh Mórlána Bus agus an Tionscadal Naisc Bus

I mí an Mheithimh 2019, rinne an ÚNM aighneacht i ndáil leis an Tionscnamh Mórlána Bus ar chuid é den Tionscadal Naisc Bus. Is é cuspóir an Tionscnaimh Chonair Bhus Lárnach ná achar 230km de lánáil bus tiomnaithe agus 200km de chonairí rothair a sholáthar taobh le 16 cinn de na conairí is mó trácht i mBaile Átha Cliath. Tá Céim 3 den phróiseas comhairliúcháin seo dírithe ar mheasúnuithe bealaigh agus moltaí do chonairí bus lárnacha thar cheantair shonraithe.

Déanann an ÚNM cur síos ar chuspóirí na Conaire Bus Lárnaí chun seirbhísí iontaofa, atá níos gasta agus níos minice, a bhaint amach ar bhealaí éagsúla, comhtháthaithe gan uaim le cineálacha eile iompair.

San aighneacht a rinne sé, anuas ar chomhairle ar cuireadh ar fáil in 2018, mhol an ÚNM go bhféadfadh an NTA agus an coiste comhairleoireachta a bhí molta athbhreithniú a dhéanamh ar an limistéar a bheadh clúdaithe leis an Tionscnamh Mórlána Bus agus leis an Tionscadal Naisc Bus chun cinneadh a dhéanamh an bhfuil an na ceantair sin mór go leor chun freastal ar sheirbhísí iompair phoiblí comhtháite atá ar aon dul leis an dearadh uilíoch. Mhol an ÚNM freisin go mbeadh gá le cur chuige trasrannach idir an NTA, na soláthraithe seirbhíse iompair phoiblí, ranna rialtais ábhartha agus gníomhaireachtaí gaolmhara chun forbairt agus feidhmiú éifeachtach an Tionscnaimh Chonair Bhus Lárnaigh agus an Tionscadal Nasc Bus a éascú le bheith deartha go huilíoch, tionscnaimh lena soláthrófaí seirbhísí iompair phoiblí comhtháite.

An Ceardlann um Stadanna Bus

Chomhoibrigh an ÚNM leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun Ceardlann um Stadanna Bus a chur ar siúl an 25 Meán Fómhair 2019. Ba é cuspóir na Ceardlainne um Stadanna Bus ná athbhreithniú a dhéanamh ar na roghanna dearaidh a bhaineann leis an leagan amach timpeall ar shuímh stadanna bus agus an cleachtas is fearr maidir le sreabhadh na n-úsáideoirí. D'fhreastail dearthóirí iompair agus ionadaithe ó ghrúpaí rothaithe ar an gceardlann, chomh maith le húsáideoirí seirbhíse atá faoi mhíchumas agus coisithe. Bhí an plé de chuidiú chun príomhbhacainní ar an inrochtaineacht a nochtadh a féadfar aghaidh a thabhairt orthu leis an dearadh éifeachtach ceart.

Cur i bhfeidhm agus tionchar straitéisí agus beartas náisiúnta a mheas agus monatóireacht a dhéanamh orthu

Tugadh faoi roinnt gníomhaíochtaí le linn 2019 mar ullmhúchán don chéad tuarascáil monatóireachta in Éirinn i ndáil leis an UNCRPD. Reáchtáladh cleachtadh mapála chun scrúdú a dhéanamh ar an méid a tá gníomhartha agus táscairí reatha NDIS agus obair leanúnach eile tar éis teacht le forálacha Airteagail an UNCRPD. Chabhraigh an cleachtadh seo le bearnaí atá san fhaisnéis a bhí ar fáil a shainaithint. Leanfaidh an ÚNM ar aghaidh ag obair i gcomhar le ranna agus le comhlachtaí poiblí le linn 2020 chun réimsí gníomhaíochta eile a shainaithint lasmuigh den NDIS a bheadh ábhartha maidir leis an fheidhmíocht in Éirinn i ndáil leis an UNCRPD.

Ag ionchorprú an Dearadh Uilíoch agus an méid a bhfoghlaímítear ó fhorbairtí ábhartha i gcaighdeáin, i dtreoirínte agus i sraitheanna straitéisí

Aighneacht maidir le “Teimpléad conartha achoimre do sholáthraithe seirbhíse na cumarsáide leictreonaí”

Mar chuid den Chód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (Treoir), lena rialaítear margadh an AE do tháirgí agus seirbhísí teileachumarsáide, d’eisigh an Coimisiún Eorpach glao ar aighneachtaí le haghaidh dhearadh teimpléad AE do chonarthaí a sholáthraíonn gach oibreoir teileachumarsáide, dála sholáthraithe fón póca agus leathanbhanda, dá gcuid custaiméirí ar go léir. Chuir an ÚNM, i gcomhairle le ComReg, barúlacha mionsonraithe isteach maidir le dearadh na dteimpléad ‘Conartha’ Achoimre’ arna moladh. Bhí an trácht a bhí déanta ag an ÚNM dírithe ar an dearadh, go príomhúil, chomh maith leis ar an leagan amach agus ar na formáidí inrochtana ina bhfuil an Conradh Achomair le soláthar. Tá an teimpléad le haghaidh “Conartha Achoimre” le bheith curtha i mbun feidhme faoi 2021.

Caighdeáin Náisiúnta um Sheirbhísí Sóisialta do Leanaí.

Tá an ÚNM ar Ghrúpa Comhairleach maidir le forbairt na gCaighdeán Náisiúnta do Sheirbhísí Sóisialta Leanaí, atá á fhorbairt ag HIQA. Tá sé beartaithe go mbainfidh na caighdeáin nua atá le forbairt le gach seirbhís tacaíochta agus cosanta leanaí a sholáthraíonn Tusla. Nuair a bheidh siad críochnaithe, tiocfaidh na caighdeáin nua isteach in ionad na gcaighdeán atá ann cheana féin maidir le Cosaint agus Leas Leanaí, an Cúram Altrama, Aonaid Cúraim Speisialta agus Ionaid Chónaithe do Leanaí. Tá athbhreithniú déanta ag foireann an ÚNM ar aiseolas a fuarthas i ndáil le roinnt dréachtaí in 2019.

Dréacht-Treoirínte ar an tSábháilteacht i Linnte Snámha

Rinne an ÚNM aighneacht chuig Sábháilteacht Uisce Éireann ar a ndr éacht-Threoirínte um Shábháilteacht Linnte Snámha i mí na Samhna 2019, mar fhreagairt ar chomhairliúchán poiblí a thionóladh. Bhí an aighneacht dírithe ar ghnéithe de na treoirínte atá ábhartha do n dearadh uilíoch agus do dhaoine faoi mhíchumas. Rinneadh suntas de san aighneacht, ós rud é go bhfuil thart ar 1 as 7 duine in Éirinn faoi mhíchumas, gur cheart glacadh leis go mbeidh daoine faoi mhíchumas i bhformhór na ngníomhaíochtaí cláraithe i linn snámha agus go bhfuil sé tábhachtach go dtugtar aitheantas dó sin sna treoirínte go sainráite. Bhí comhairle curtha san aighneacht freisin ar úsáid na teanga chuimsithí.

Ionad Raftaithe Bhánuisce Dhugaí Bhaile Átha Cliath

Rinne an ÚNM aighneacht chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2019 maidir lena mholtaí maidir le hionad Raftaithe Bhánuisce ag coirnéal Dhuga Sheoirse agus Cé an Chustaim, mar chuid de nós imeachta pleanála Chuid 8 na Comhairle. Luadh san aighneacht go bhfuil an cumas ag an bhforbairt a bheith ina dea-eiseamláir don spóirt uisce uilechuimsitheacha in Éirinn, ach prionsabail an Dearaidh Uilíoch a chur leis an dearadh. Tugann an t-ionad atá beartaithe rogha de

ghníomhaíochtaí uisce reatha agus uisce socair agus mar thoradh air sin is leathan an raon daoine ar féidir freastal orthu leis ó thaobh spéiseanna, roghanna agus cumais. Anuas air sin, ós rud é gur saoráid de dhéantús an duine é an t-ionad atá beartaithe, go bunúsach, ba cheart go mbeifí in ann a chinntiú, ach phrionsabail an dearaidh uilíocha a chur i bhfeidhm, go bhfuil rochtain éasca, agus tuiscint ag gach aon duine air, agus go bhfuil siad in ann é a úsáid gan deacracht, an oiread is gur féidir, beag beann ar aois an duine, ar cé chomh beag nó chomh mór is atá sé, ar a chumas nó fiú ar a mhíchumas. Áiríodh san aighneacht tráchtairacht mhionsonraithe faoi na háiseanna athraithe éadaí agus faoi na leithris atá beartaithe, faoin rochtain ar an uisce agus amach as an uisce, agus aghaidh tugtha ann ar riachtanais inrochtaineachta agus caomhnaithe ar bhealach comhtháite agus cothrom chomh maith leis an gá atá le húsáideoirí a bheith rannpháirteach sa phróiseas dearaidh.

Tosaíocht Straitéiseach 4

Tosaíocht Straitéiseach 4:

“Leanúint ar aghaidh ag cur leis an feasacht atá ann in Éirinn faoin Dearadh Uilíoch agus ag cuidiú leis an méid a ghlactar leis ar fud shochaí na hÉireann”.

Lean an ÚNM de bheith ag déanamh idirtheagmháil i gcomhar le páirtithe leasmhara lárthábhachtacha i rith 2019 san earnáil phoiblí agus le comhlachtaí oideachais agus gairmiúla maidir le caighdeán nua Eorpacha agus náisiúnta atá le forbairt chun tacú leis an obair atá le déanamh chun cur leis feasacht atá ann faoin Dearadh Uilíoch agus chun cur leis an oiread a bhfuiltear tar éis an Dearadh Uilíoch a chur i gcrích.

Comhairle agus cúnamh a thabhairt i ndáil le forbairt caighdeán, treoirlínte agus sraitheanna straitéisí náisiúnta agus idirnáisiúnta faoin Dearadh Uilíoch agus é a chur chun cinn go nglacann geallsealbhóirí náisiúnta leo

Athsheoladh na Sraithe Straitéisí do Chustaiméirí

Rinne an ÚNM tuilleadh obair i gcomhar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) ar thionscadal chun an tSraith Straitéisí Cumarsáide do Chustaiméirí don tSeirbhís Phoiblí a nuashonrú. Tá ag éirí go han-mhaith le Shraith Straitéisí 2017 le glacadh agus tionchar thar raon leathan comhlachtaí poiblí. Seoladh an leagan nua den tSraith Straitéisí i mí na Nollag 2019 ag comhdháil Quality Customer Services leis an RCPA.

An Chaighdeán Éireannach sa Dearadh Uilíoch - (IS) 374

Tá Caighdeán Éireannach nua, I.S. 374:2019 ‘Cumarsáid do Chustaiméirí Fónais- Cur Chuige ar an Dearadh Uilíoch’, tar éis a bheith faofa le foilsiú ag an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta Éireann (NSAI) i Meán Fómhair 2019. Ba iad an Coimisiún um Rialáil Fónais (CRU) agus Ionad Barr Feabhais sa Dearadh Uilíoch (CEUD) a rinne chomhchathaoirleacht ar fhorbairt an chaighdeáin nua.

An Caighdeán Eorpach - An Dearadh do Chách - I.S. EN 17161: 2019

Bhí seoladh Éireannach de chuid Caighdeáin Eorpaigh nua, ‘I.S. EN 17161:2019 An Dearadh do Chách - Inrochtaineacht ar aon dul le cur chuige ar an Dearadh do Chách i dtáirgí, in earraí agus seirbhísí- Ag leathnú an raon úsáideoirí’ ar siúl ag an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta (NSAI), Baile Átha Cliath i mí an Mheithimh 2019. Tá an caighdeán ailínithe le tionscnaimh inrochtaineachta gaolmhara de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.

Tá an caighdeán próisis seo bunaithe ar Chur Chuige an Dearaidh Uilíoch/an Dearaidh do Chách. Leagtha amach ann, tá ceanglais a chuireann ar chumas eagraíochta táirgí, earraí agus seirbhísí a dhearadh, a fhorbairt agus a sholáthar ar féidir leis an raon is leithne úsáideoirí rochtain a fháil orthu, iad a thuiscint agus a úsáid. Tá na ceanglais sa chaighdeán cineálach agus tá sé beartaithe go mbeidh siad infheidhme maidir le gach aon chuid ábhartha de gach uile eagraíocht, beag beann ar an gcineál eagraíochta atá ann, ar chomh beag is chomh mór atá sí, nó ar na táirgí, na hearraí nó na seirbhísí a sholáthraítear inti. San fhoilseachán seo, tá cur chuige chaighdeánaithe d’eagraíochtaí chun an inrochtaineacht a bhaint amach i ndáil le táirgí, earraí agus seirbhísí príomhshrutha, agus ar an idir-inoibritheacht le teicneolaíochtaí cunta ina leith.

Caighdeán Nua CEN agus Measúnú Comhréireachta ar an Timpeallacht Tógtha a Dhréachtú

Tá ionadaí ón ÚNM ina bhall ar choiste scátháin náisiúnta tríd an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta Éireann (NSAI) a dhéanann athbhreithniú, trácht agus vótáil ar Inrochtaineacht agus inúsáidteacht an mheasúnaithe comhréireachta sa timpeallacht tógtha. D'ullmhaigh an Comhchoiste Teicniúil CEN-CENELEC / JTC 11 an dréachtcháipéis (Is eagraíocht um chaighdeán phoiblí é CEN- An Coiste Eorpach um Chaighdeánú) "An inrochtaineacht sa timpeallacht tógtha". Ullmhaíodh an doiciméad seo faoi Sainordú M/420 a thug an Coimisiún Eorpach agus Cumann Saorthrádála na hEorpa do CEN, CENELEC agus ETSI mar thacaíocht i ndáil le riachtanais inrochtaineachta na hEorpa maidir leis an soláthar poiblí sa timpeallacht tógtha. Tá sé beartaithe go gcuirfear an caighdeán nua seo i gcrích go déanach i 2020.

Coiste comhairleach um Chaighdeán UD an NSAI (UDSCC)

Tháinig coiste comhairleach um Chaighdeán UD an NSAI le chéile dhá uair le linn 2019 chun caighdeán náisiúnta maidir leis an Dearadh Uilíoch a mheas. Cuireadh fochoiste nua le chéile chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt caighdeán nua ar leibhéal Eorpach maidir le creidiúnú oiliúna madraí treorach ar fud an AE agus chun páirt a ghlacadh leis. Chuir foireann CEUD comhairle ar an NSAI maidir leis na comhaltaí ar an gcoiste seo, chomh maith leis an tacaíocht a d'fhéadfadh CEUD a thabhairt ina leith seo. Tá an obair seo ag leanúint ar aghaidh in 2020.

Creat r-Inniúlachta CEN TC 428

D'fhreastail an ÚNM ar chruinniú den choiste Eorpach, CEN TC 428, atá freagrach as caighdeán a fhorbairt don Chreat r-Inniúlachta (eCF) a tionóladh in Milano an 16 Aibreán. Tá sé mar aidhm ag an eCF teanga agus struchtúr comónta a fhorbairt ar fud na hEorpa chun aitheantas a thabhairt do na ról agus inniúlachtaí atá san earnáil TFC. Tá an ÚNM i gceannas ar fhorbairt Sonraíocht Theicniúil lena ndéanfar cur síos ar na hinniúlachtaí, ar an eolas agus ar na scileanna ar an Dearadh Uilíoch ba cheart a bheith áirithe san oiliúint forbartha gairmiúil leanúnaí (FGL) do ról ghairmiúla sa TF (m.sh. tástálaí, forbróir srl.). Ailíníonn sé seo leis an obair atá a déanamh in Ionad Barr Feabhais sa Dearadh Uilíoch an ÚNM i gcomhar le Cumann Ríomhaireachta na hÉireann chun an FGL a fhorbairt sa Dearadh Uilíoch do ghairmithe TF in Éirinn

Forbairt bhreise ar chúrsaí a chur chun cinn agus suim a mhúscailt in ábhar curaclaim a chuimsíonn an Dearadh Uilíoch, agus é sin a sholáthar le cur chuige Foghlamtha ar an Dearadh Uilíoch, ag cur leis an mbuntraenáil ghairmiúil ábhartha, leis an oideachas agus leis an fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL)

An Dearadh Uilíoch agus Junior Achievement Ireland

Le linn 2019, lean an ÚNM le tionscadal comhpháirtíochta a dhéanamh i gcomhar le Junior Achievement Ireland (JAI) agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC) trína bhfuil modúl sa Dearadh Uilíoch á sheachadadh i mbunscoileanna mar chuid den Chlár ar Chumhacht an Dearaidh a thionscain JAI agus DCC sna blianta roimhe seo.

Úsáideann an modúl ar Chumhacht an Dearaidh foghlaim trí mhodheolaíocht a dhéanamh chun tionchar dearfach an dearaidh ar an saol sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch a thaispeáint do dhaltai bunscoile agus do dhaltai dara leibhéal. Tionscnaíodh an clár in 2015 mar chuid d'aighneacht Pivot Dublin de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus ghlac níos mó ná 3,000 dalta páirt i ndobharcheantair Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Ní amháin go gcuirtear na mic léinn agus na scoileanna ar an eolas faoin Dearadh Uilíoch, ach ardaíonn sé an fheasacht atá ann i measc raon d'oibrithe deonacha rannpháirteacha sa tionscal chomh maith. Is cur chuige éifeachtach é an t-idirghníomhú díreach le daltaí i scoileanna, agus an obair á déanamh leis na múinteoirí agus phríomhoidí, chun an Dearadh Uilíoch a chur chun cinn.

Tugadh Céim 1 chun críche in 2019 agus tar éis athbhreithnithe a bheith déanta ar an rath ar baineadh amach leis, aontaíodh leis dul ar aghaidh go Céim 2, ag a ndéanfaí an modúl ar an Dearadh Uilíoch a chomhtháthú agus a rolladh amach i níos mó scoileanna. Táthar ag súil leis gur féidir samhail inbhuanaithe níos fadtéarmaí a bhunú ina dhiaidh sin.

An 28 Feabhra 2019, ghlac an ÚNM páirt in imeacht a ndearna ceiliúradh ar luach an dearaidh sa saol laethúil, áit ar léirigh Junior Achievement Ireland (JAI) an chaoi a bhfuil siad ag cur lena chlár Cumhacht an Dearaidh i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC) agus an Ionad Barr Feabhais sa Dearadh Uilíoch (CEUD).

Dearadh Scoile do Chách ó Chur Chuige ar an Dearadh Uilíoch

In 2019, lean an Chomhairle Náisiúnta um an Oideachas Speisialta (NCSE) ar aghaidh leis an obair atá déanta acu chun comhairle a fhorbairt don Aire Oideachais agus Scileanna faoin oideachas uilechuimsitheach. D'aontaigh an ÚNM le tabhairt faoi obair chun treoir a thabhairt ar chúinsí dearaidh d'fhoirgnimh scoile agus ranganna cuimsitheacha chun na críche sin. Le linn 2019, rinneadh páipéar faisnéise a fhorbairt mar chuid den obair seo. Bhuail ionadaithe ó Ionad Barr Feabhais sa Dearadh Uilíoch an ÚNM le hionadaithe ón Roinn Oideachais i gCúige New Brunswick Cheanada chun a dtaithí ar an bpríomhshruthú scoileanna a phlé agus ar conas a d'fhéadfadh an t-eolas atá acusan cuidiú leis an obair thionscadail seo a chur chun cinn. Beidh an páipéar faisnéise críochnaithe go luath in 2020.

Athbhreithniú ar Doiciméid Teicniúla Gan Treoir (TGD) na Roinne Oideachais (TGDanna)

Baineann athbhreithniú ar Dhoiciméid Treorach Teicniúla (TGDanna) na Roinne Oideachais & Scileanna (ROS) le Beart 40 an NDIS maidir le hiarratas a dhéanamh leis an Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar a TGDanna trí phrionsabail an Dearaidh Uilíoch a chur i bhfeidhm.

I mí Mheán Fómhair 2019, bhuail an ÚNM le foireann Aonad Foirgníochta na Roinne Oideachais chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh an obair seo a bheith curtha ar aghaidh agus ina dhiaidh sin rinne siad athbhreithniú ar theimpléid dearaidh agus Doiciméid Treorach Teicniúla na Roinne Oideachais. Dhírigh an ÚNM go speisialta ar TGD 20 do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna, chun príomhghnéithe an chur chuige ar an dearadh uilíoch a aithint i gcomhthéacs scoileanna. Cuireadh aiseolas ar fáil don Roinn go déanach in 2019 agus cuirfidh an ÚNM níos mó le fáil in 2020.

FGL sa Dearadh Uilíoch do ghairmithe TFC

Chuaigh an tIonad i mbun na mbeart molta a tháinig as an gcéad chéim den taighde ar an Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach um an Dearadh Uilíoch do ghairmithe TFC. Reáchtáladh ceardlann le Cumann Ríomhaireachta na hÉireann (ICS) chun féachaint ar phlean oibre a chun cúrsaí FGL a sholáthar. Mar chéad chéim, chuir ICS cur chuige beartaithe i láthair le haghaidh sraith oiliúna ar inrochtaineacht doiciméad leictreonach, bunaithe ar na moltaí ón gcéad chéim den taighde, a bhí dírithe ar bhaill foirne na hearnála príobháidí agus poiblí araon, agus a bhaineann go díreach le hoibleagáidí atá ann sa Treoir Eorpach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin. Tá sé d'aidhm againn dul chun cinn a bhaint amach sa chéim seo den tionscadal in 2020.

Leanúint ar aghaidh leis an fheasacht agus tuiscint a chur chun cinn maidir leis an Dearadh Uilíoch sa timpeallacht thógtha, i dtáirgí, i seirbhísí, agus sna teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide trí dhámhachtainí, ceardlanna agus comhdhálacha a chur chun cinn agus páirt a ghlacadh iontu

Timpeallachtaí Luathbhlianta ó Dhearcadh an Dearaidh Uilíoch

Sheol an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Dr. Katherine Zappone, na Treoirlínte um Dhearcadh Uilíoch do Treoirlínte don Dearadh Uilíoch le haghaidh Timpeallachtaí Luathfhoghlaime agus Luathchúraim (ELC) an 10 Meitheamh 2019. Is í an t-ailtire a bhfuil cáil idirnáisiúnta air, an tUasal Takaharu Tezuka, an spreagchainteoir a bhí ag an seoladh. Bronnadh gradam an dearaidh idirnáisiúnta ar dhearcadh a rinne an tUasal Tezuka ar naíolanna i dTóiceo, Naíolann Fuji. Is céim thábhachtach iad na treoirlínte chun gach uile sheirbhís ELC a réiteach le bheith inrochtana do gach uile leanbh. San fhoilseachán seo, cuirfear treoir ar fáil maidir le conas ionaid Luathfhoghlaime agus Cúraim a athchóiriú, a athmhaisiú agus a thógáil in Éirinn.

DRinne Luath-Óige Éireann agus Trinity Haus (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath) an obair thar ceann na Roinne Gnóthaí Leanaí agus Óige agus Ionad Barr Feabhais sa Dearadh Uilíoch an Údarás Náisiúnta Míchumais, agus is éard a bhí i gceist leis ná:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an dea-chleachtas, ar thaighde agus ar threoir náisiúnta agus idirnáisiúnta ar dhearcadh suíomh luathbhlianta ó dhearcadh an Dearaidh Uilíoch;
- Comhairle a dhéanamh le raon éagsúil geallsealbhóirí, lena n-áirítear cleachtóirí luathbhlianta, tuismitheoirí agus leanaí; agus
- Treoir maidir leis an Dearadh Uilíoch do Thimpeallachtaí Luathbhlianta a fhorbairt, lena gcuimseofar uirlis féin-iniúchta, a bhfuil sé mar aidhm aici tacú le hearnáil na luathbhliana spásanna atá deartha go huilíoch a chruthú do na páirtithe leasmhara go léir, i dtimpeallachtaí nua agus iarfheistithe araon.

Beidh an Treoir maidir leis an Dearadh áisiúil do ghairmithe dearaidh timpeallachta tógtha sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí atá ag obair ar dhearcadh foirgneamh nua agus iarfheistithe timpeallachtaí Luathfhoghlaime agus Cúraim freisin.

Tá na treoirlínte ar fáil le híoslódáil ag www.aim.gov.ie

Uirlis Iniúchta ar an Dearadh Uilíoch um an Insiúltacht

I mí na Nollag 2018, tháinig an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNM), CEUD, Aoisbhá Éireann agus An Taisce le chéile chun plé a dhéanamh maidir le forbairt Uirlis Iniúchta ar an Dearadh Uilíoch um an Insiúltacht. Tá an togra a rinne an ÚNM chun an Uirlis Iniúchta ar an Dearadh Uilíoch um an Insiúltacht a fhorbairt bunaithe ar an obair atá déanta roimhe seo le CEUD agus le hAoisbhá Éireann ar an tuarascáil ‘How Walkable is Your Town?’, Chomh maith le hiniúchtaí a rinneadh mar chuid de Chlár Scoileanna Glasa le An Taisce.

I mí Dheireadh Fómhair 2019, rinne an CEUD triail phíolótach, i gcomhpháirtíocht le hAoisbhá Éireann, de dhréacht-Uirlis Iniúchta ar an Dearadh Uilíoch um an Insiúltacht. Is i gCill Rois, Co. an Chláir, a cuireadh an triail phíolótach ar siúl. Tá na hathbhreithnithe a mhol an ÚNM á n-ionchorprú anois in uirlis iniúchta leasaithe ag an NTA agus tá sé mar aidhm aige é a fhoilsiú go luath in 2020.

Tithe sa Dearadh Uilíoch, Áras an tSáirséalaigh, Baile Átha Cliath

Thug Rannóg Pleanála Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath cuireadh do CEUD comhairle a chur ar fáil maidir le Tithe ar an Dearadh Uilíoch in Áras an tSáirséalaigh, Baile Formaid, Baile Átha Cliath. D'fhreastail an ÚNM ar cheithre chruinniú chun tithe ilghlúine UD a phlé ar an láithreán seo. Tá an pháirc 3.8 acra in aice le Bóthar an tSáirséalaigh i mBaile Formaid Íochtarach amach ar léas faoi láthair ag The Sons of Divine Providence (TSDP) ar chonradh léasa fadtéarmaigh ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tá Grúpa Oibre curtha ar bun anois chun an tithíocht ilghlúine a phlé ó dhearc chur chuige an UD agus chun aiseolas atá faighte ó gheallsealbhóirí a thabhairt d'fhoireann Ailtirí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. I measc an aiseolais agus na comhairle a thug CEUD, luadh go mbíonn tairbhe ann do gach uile dhuine nuair a bhíonn timpeallachtaí cónaithe déanta sa dearadh atá dírithe ar an duine, agus atá áisiúil agus deas le húsáid. Is féidir leis an Dearadh Uilíoch freastal ar riachtanais gach uile dhuine trí thithe solúbtha atá deartha chun oiriúnú do nósanna saoil agus stíl mhaireachtála an duine de réir mar a athraíonn siad le himeacht na blianta. Táthar chun leanúint ar aghaidh leis an obair seo in 2020.

Comhairliúchán Poiblí 2030 Oidhreacht Éireann

Rinne an Roinn Oidhreachta, Cultúir agus na Gaeltachta Oidhreacht Éireann 2030 a fhoilsiú, dréachtphlean oidhreachta náisiúnta, le comhairliúchán poiblí a bheith déanta ina leith. Tá an dréachtcháipéis bunaithe ar thrí théama, agus cuspóirí ardleibhéil faoi gach aon téama díobh. Rinne an ÚNM aighneacht ina leith seo, inar luadh go rabhthas sásta go gcuireann an dréachtcháipéis béim ar thábhacht na hoidhreachta mar shaoráid ar féidir le gach duine rochtain a fháil uirthi agus taitneamh a bhaint aisti. Chuir an ÚNM in iúl gur cheart go dtabharfar aitheantas ann go sainráite ar an ngá atá le hinrochtaineacht suíomhanna oidhreachta a fheabhsú, trí aghaidh a thabhairt ar riachtanais chaomhnaithe agus inrochtaineachta ar bhealach comtháite agus cothrom.

Bronnadh Gradam Nuálaíochta NSAI 2019 ar an CEUD

An 16 Deireadh Fómhair 2019, chuir an NSAI raon dámhachtainí i láthair chun an gnóthachtáil a aithint i dtionscnaimh éagsúla a bhaineann leis an gcaighdeánú i rith na bliana. In 2019, bronnadh an Gradam Nuálaíochta ar an CEUD as an ról atá glactha aige chun an caighdeán nua I.S. a thabhairt ar aghaidh, is é sin I.S. 374: 2019 'An Chumarsáid Custaiméirí do chomhlachtaí Fónais- Cur chuige ar an Dearadh Uilíoch'. D'fhógair an NSAI freisin gur éirigh go geall leis an ceapachán a rinne siad agus an CEUD ainmnithe acu le haghaidh "Dámhachtainí Oifigeach Comhlachtaí Teicniúla agus Rúnaithe" na hEagraíochta um Chaighdeán Eorpacha CEN-CENELEC. Thaistil CEUD chun na Bruiséile an 12 Nollaig chun dámhachtain a fháil as ionchur suntasach mar Chathaoirleach ar an gcoiste caighdeán a d'fhorbair EN 17161: 2019.

Gradam NALA don Sraith Straitéisí Cumarsáide do Chustaiméirí

I mí Feabhra 2019, bhuaigh an "Sraith Straitéisí Cumarsáide do Chustaiméirí don tSeirbhís Phoiblí- Cur Chuige ar an Dearadh Uilíoch" an phríomhdhuais ag Gradaim an Ghnáth-Bhéarla Soiléir NALA, sa chatagóir, "An úsáid is fearr a bhain aon eagraíocht as an nGnáth-Bhéarla simplí". Bhuaigh an Sraith Straitéisí, a rinne an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an ÚNM í a fhorbairt i gcomhar le chéile, mar gheall ar, mar a luaigh an giúiré; "... go dtaispeánann sé d'oibrithe sa tSeirbhís Phoiblí conas an chumarsáid a dhéanamh ar bhealach ar féidir le daoine den phobal iad a thuiscint go deas éasca. Tá tacar treoirilínte atá an-soiléir agus éasca le leanúint curtha ar fáil ann maidir le conas an chumarsáid scríofa, labhartha agus digiteach a fheabhsú. Tá an cháipéis bunaithe ar an gcur chuige ar an Dearadh Uilíoch agus tá samplaí úsáideacha ann den chumarsáid roimh agus tar éis don Bhéarla simplí a bheith glactha."

Is féidir féachaint ar an Sraith Straitéisí ag <http://universaldesign.ie/Products-Services/Customer-Communications-Toolkit-for-the-Public-Service-A-Universal-Design-Approach/>

Cur i láthair don Choimisiún um Rialáil Fónais ar an Dearadh Uilíoch agus an IS 374 nua

Chuir an ÚNM an Caighdeán Éireannach nua IS 374: 2019 ‘Cumarsáid Custaiméirí le haghaidh Fónais - Cur chuige um Dhearadh Uilíoch’ faoi bhráid an Choimisiúin um Rialáil Fónais (CRU), chomh maith leis na soláthraithe a dhéanann sé rialáil orthu i leith na Sraithe Straitéisí um an Dearadh Uilíoch le haghaidh cumarsáide i Lúnasa 2019, ar iarratas ó POF an Choimisiúin um Rialú Fónais. Cuireadh tuilleadh díospóireachtaí ar aghaidh le linn 2019 maidir leis an mbealach is fearr chun an earnáil a chreidiúnú chun cur i bhfeidhm an chaighdeáin náisiúnta nua a ghríosadh tuilleadh.

Comhairle Tógála Glaise na hÉireann (IGBC)

Le foirgneamh beagnach beodrach ó thaobh fuinnimh (nZEB) ag teacht i bhfeidhm de bhun Chuid L de na rialacháin tógála an 1 Samhain 2019, tá deis tugtha anois do cheannaitheoirí tí tithe a cheannach atá níos tíosaí ar fhuinneamh. Bhí CEUD ag dul i dteagmháil leis an IGBC maidir lena n-Innéacs Feidhmíochta Baile (HPI) Leagan 2.0 athbhreithnithe a chuimsíonn riachtanais Dearaidh Uilíoch do thithe nua, agus seoladh é ag an gcomhdháil i mí na Samhna. Is é an tInnéacs Feidhmíochta Baile (HPI) an chéad chóras náisiúnta measúnaithe cáilíochta agus inbhuanaitheachta in Éirinn le haghaidh foirgnimh nua. Chuir CEUD le leagan 1.0 cheana féin in 2015-16 trí chomhairle agus téacs a chur ar fáil ar na Príomhghnéithe de Thithe ar an Dearadh Uilíoch. Chuaigh CEUD i dteagmháil arís leis an IGBC maidir leis an innéacs athbhreithnithe seo chun a chinntiú go bhfuil an UD daingnithe sa HPI 2.0. Tá an obair seo ar aon dul le **Roghanna Tithíochta le haghaidh ár Ráiteas Beartais maidir le Daoine ag Dul in Aois**

Rialtas na hÉireann - Roghanna Tithíochta le haghaidh ár Ráiteas Beartais maidir le Daoine ag Dul in Aois - Beart 3.4 an rátáil dearaidh tí molta ‘Dearadh don saol’

Tá ionadaíocht ag an ÚNM ar ghrúpa oibre arna chomhordú ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, agus le hionadaíocht ann ag Aoisbhá Éireann, Comhairle Foirgníochta Glas na hÉireann (IGBC) & foireann Tithíochta na nÚdarás Áitiúil chun scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir Príomhghnéithe an Dearaidh Uilíoch a áireamh sa chóras rátála seo. In 2019, lean an ÚNM ag tabhairt comhairle don Roinn chun machnamh a dhéanamh ar chóras rátála don ‘Dearadh Uilíoch’ do thithe nua a ndéanfaí iad a dhearadh agus a thógáil ar an Dearadh Uilíoch. Beidh an córas rátála seo bunaithe ar an Innéacs Feidhmíochta Baile athbhreithnithe 2.0 nua a d’fhoilsigh an IGBC.

Ceardlann agus Faisnéisiú Feidhmiúcháin ar an Dearadh Uilíoch i Seirbhísí Baintéireachta le Banc na hÉireann.

I mí Feabhra 2019, reáchtáil an ÚNM ceardlann lae le 24 ball foirne ó Bhanc na hÉireann.

Rinne baill foirne ón Ionad cur i láthair ar an Dearadh Uilíoch i seirbhísí do chustaiméirí, i seirbhísí digiteacha agus an sa timpeallacht tógtha. I measc na n-aoichainteoirí a bhí ann, bhí Liam McMunn, Stiúrthóir Saoráidí le Banc Ceannais na hÉireann, agus buaiteoir dámhachtana Zero 2018 as an inrochtaineacht san áitreabh nua atá ag an mBanc Ceannais. Dhírigh an cheardlann ar theoiric agus ar chleachtas an Dearaidh Uilíoch i réimse seirbhíse éagsúla atá ann sa bhanc. Dhírigh an t-ábhar a cuireadh i láthair ar ábhair threorach agus ar chaighdeán an ÚNM a forbraíodh ar an mbonn Eorpach. Chuir foireann Bhanc na hÉireann sraith de bhearta i láthair a cuireadh faoi bhráid na bainistíochta sinsearaí a d’fhreastail ar an seisiún faisnéise feidhmiúcháin ag deireadh na ceardlainne. Reáchtáladh an cheardlann i gcomhthéacs straitéis agus tiomantais Inrochtaineachta agus Cuimsitheachta an bhainc. Ullmhaíodh seisiún faisnéisithe ar an gceardlann agus cuireadh ar aghaidh chuig an mBanc Ceannais é chun iad a nuashonrú faoin obair atá déanta ag an CEUD san earnáil seo.

Meastóireacht ar an mBaincéireacht Phobail agus ar an Soláthar Áitiúil d'Sheirbhísí Baincéireachta agus Airgeadais in Éirinn

Chuir an ÚNM barúlacha isteach maidir le “Meastóireacht ar an mBaincéireacht Phobail agus ar an Soláthar Áitiúil d'Sheirbhísí Baincéireachta agus Airgeadais in Éirinn” a rinne, comhlacht comhairleoireacht eacnamaíoch, thar ceann na Roinne Airgeadais i mí Iúil 2019. Chlúdaigh aighneacht an ÚNM saincheistanna a bhaineann le hinrochtaineacht seirbhísí baincéireachta agus airgeadais agus leis an Dearadh Uilíoch i seirbhísí baincéireachta agus airgeadais, an tábhacht a bhaineann leis an ioncuimsiú sóisialta agus le rannpháirtíocht an phobail chomh maith leis an riachtanas tacú le daoine a bhféadfadh saincheistanna acmhainne a bheith ag baint leo maidir leis an gcinnteoireacht airgeadais, de réir an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015 agus an de réir an Chóid Chleachtais do Ghairmithe Airgeadais.

Painéal Comhairleach Tomhaltóirí - ComReg

Tá ionadaíocht ag an ÚNM ar an bPainéal Comhairleach do Thomhaltóirí (CAP) leis an rialtóir teileachumarsáide, ComReg. Is coiste reachtúil é an CAP ar cuireadh i mbun é faoi Alt 12 den Acht Cumarsáide 2002. Is é an aidhm atá leis an gcomhairle seo, a thagann le chéile uair sa ráithe, ná comhairle a thabhairt do ComReg maidir le hábhair inní do thomhaltóirí atá gaolmhar leis na trí phríomhréimse de bheartas tomhaltóirí atá ag ComReg: leas an tomhaltóra a uasmhéadú, tomhaltóirí a chosaint, agus feasacht tomhaltóirí a ardú.

Le linn 2019, thug ComReg le fios go bhfuil Eir, a sholáthraíonn Seirbhís Leaschraolacháin Téacs na hÉireann (ITRS), tar éis infhaighteacht an ITRS a ghearradh siar go suntasach ó sheirbhís 24/7 go dtí thart ar 12 uair an chloig in aghaidh an lae. Chuir an ÚNM comhairle ar fáil maidir leis na himpleachtaí a bhaineann leis seo, ag cur san áireamh go raibh iarracht suntasach de dhíth chun an ITRS a bhunú gurbh í Éire an tír dheireanach san AE inar cuireadh seirbhís dá leithéid i bhfeidhm. Mar gheall ar chomh mall is atáthar chun an tseirbhís a nuashonrú, leanfaidh Eir ar aghaidh ag laghdú líon na n-uaireanta, agus cuirfear ciorruithe breise ar infhaighteacht na seirbhíse dá bharr.

Mórdhúshlán an Dearaidh Uilíoch 2019

Is éard is cuspóir Mhórdhúshlán an Dearaidh Uilíoch (UDGC) ná feasacht agus tuiscint ar Dhearadh Uilíoch a ghineadh le tionscadail phraiticiúla ar féidir leo dul san iomaíocht le haghaidh dámhachtainí. Ba in 2019 a bhhí an líon is mó iontrálacha (70) go dtí seo thar shaolré an chlár dámhachtana seo. Is é Peter Crowley, ailtire MRIA, ó PAC Studio agus an meastóir ar an gclár de chuid RTÉ ‘Home of the Year’ a thug an phríomhóráid.

I mí na Bealtaine 2019, chuir mic léinn ó choláistí tríú leibhéal ar fud na hÉireann a gcuid tionscadal dearaidh i láthair ag an gcúigiú searmanas bliantúil Dámhachtainí Mhórdhúshlán an Dearaidh Uilíoch in Óstán Radisson Blu, Baile Átha Cliath.

Fuair Gerry Triyadi ó Choláiste Griffith an Gradam Rogha na Meastóirí don Timpeallacht Tógtha Is Fearr as “An Dearadh Uilíoch don Daonra Aosaithe” - coincheap athdheartha nuálach do na Stáblaí Dearga, Páirc Naomh Áine, Baile Átha Cliath mar fhoirgneamh cónaithe agus árasáin ann do dhaoine scothaosta agus teaghlaigh óga.



Gradam Rogha na Moltóirí don Timpeallacht Thógtha 2019 á bhronnadh ar Gerry Triyadi.

Chuaigh Gradam Rogha na Meastóirí do Tháirgí agus Sheirbhísí le Cónall Lane, Laura Lardner, Aaron McLoughlin Sutherland agus Aisling Kearney ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath as “UrTake”-dearadh nuálach lena n-éascaítear samplaí a bhailiú le haghaidh an fualánaithe ar bhealach níos éasca atá níos maorga le haghaidh raon leathan daoine.



Gradam Rogha na Moltóirí do Tháirgí agus Seirbhísí 2019 á bhronnadh ar Conall Lane, Laura Lardner, Aaron McLoughlin Sutherland agus Ailing Kearney ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Chuaigh Gradam Rogha na Meastóirí don Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide le hOisín McGrath ó OÉ Gaillimh as “Galenband” - dearadh nua do ghléasanna inchaite a dhíríonn ar ualach na fibriliuithe aitriamacha eatramhacha neamh-dhiagnóisithe (AF), mínormáltacht rithim croí contúirteach atá ar níos mó ná 20 milliún duine ar fud an domhain.

Chuaigh “Gradam Tráchtálaíochta Dearaidh Uilíoch” Fhiontraíocht Éireann le Muireann Hickey, Kevin Hayes, Cian O’Leary agus Jonathan Mullane ó Chorcaí IT as a ndearadh “StrydeTech”, réiteach a chuireann ar chumas daoine a dteastaíonn cúnamh uathu seasamh suas chun é sin a dhéanamh dóibh féin.



Taispeántas StrydeTech, na daoine ar bronnadh “Gradam Tráchtálaíochta Dearaidh Uilíoch” Fhiontraíocht Éireann orthu.

Margaíocht a Dhéanamh ar Mhórdhúslán an Dearaidh Uilíoch agus é a Chur Chun Cinn

Tá sainchomhairleoirí coimisiúnaithe ag an ÚNM chun cúnamh a thabhairt margaíocht a dhéanamh ar Mhórdhúslán an Dearaidh Uilíoch 2020, agus é chur chun cinn agus a bhainistiú. Cé go bhfuil fás fós ag teacht san earnáil ardoideachais maidir leis an Dearadh Uilíoch, tá líon na léachtóirí a spreagann iontrálacha go gníomhach tagtha chun buaicphointe mar gheall ar easpa feasachta agus faisnéise bheith ann faoin UDGC. Is í an aidhm ná feachtas margaíochta agus meán sóisialta a reáchtáil chun teacht níos fearr a fháil ar an spriocghrúpa UDGC mac léinn agus léachtóirí. Tá sé beartaithe chomh maith go spreagfaidh sé seo níos mó léachtóirí chun an UD a theagasc de réir fheidhm an Ionaid chun tacú leis an fhorbairt oideachasúil.

Ceardlann le hOifig Soláthair an Rialtais

I mí an Mheithimh 2019, reáchtáil an ÚNM ceardlann ar an Dearadh Uilíoch d’Oifig Soláthair an Rialtais leis an dá chonraitheoir a raibh baint acu leis an tionscadal um Thaighde Nuálaíochta do Ghnólaigh Beaga (SBIR) chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir an Intleacht Shaorga (AI) a chur i bhfeidhm mar sheirbhís dhigiteach cúnta chun cabhrú le daoine teacht éasca a fháil ar sheirbhísí poiblí ar líne a fhreastalaíonn ar a riachtanais, nó ar riachtanais daoine atá faoina gcúram, agus a iad úsáid gan deacracht. Is éard is aidhm leis an taighde seo ná scrúdú a dhéanamh ar bhealaí nuálacha chun an méid is mó rannpháirtíochta a éascú agus a chumasú maidir le húsáideoirí Thairseach Sheirbhísí Digiteacha an Rialtais, www.gov.ie agus chun níos mó daoine a threorú agus cabhrú leo chun seirbhísí poiblí digiteacha a úsáid.

(Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag cómhaoiniú an taighde seo i gcomhpháirtíocht le Fiontraíocht Éireann, trí Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO). Cuireann clár Taighde Nuálaíochta Gnóthas Beag (SBIR) atá déanta ag Fiontraíocht Éireann ar chumas comhlachtaí na hearnála poiblí oibriú le cuid de na gnólachtaí teicneolaíochta is forásaí in Éirinn chun réitigh nuálacha a sholáthar do na dúshlán agus na riachtanais ar leith atá le fáil san earnáil phoiblí.)

Cur i láthair do Chomhlacht na Rialtóirí Eorpacha um an gCumarsáid Leictreonach (BEREC) ar dhearcadh an úsáideora agus ar Dhearadh Uilíoch táirgí agus seirbhísí teileachumarsáide

Thug BEREC agus ComReg, rialtóir teileachumarsáide náisiúnta na hÉireann cuireadh do CEUD caint a thabhairt ag ceardlann ar “Tuiscint a Fáil ar Imní agus ar Dhearcaí Thomhaltóirí” an 12 Meitheamh i Ghent na Beilge. Ba í an cheardlann seo an chéad cheann dá leithéid a reáchtáladh le comhlachas rialtóirí Eorpacha. Clúdaíodh na ceanglais inrochtaineachta atá sa reachtaíocht lena n-áirítear an tAcht Eorpach Inrochtaineachta agus an cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach sa chur i láthair a thug an CEUD, ag glacadh leis an gcur chuige UD maidir le forbairt táirgí agus seirbhísí teileachumarsáide.

Ceardlann ar dhoiciméid leictreonacha inrochtana

Reáchtáil an CEUD ceardlann i mí Iúil 2019 don Institiúid Taighde Sóisialta Eacnamaíochta agus do Choimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas na hÉireann chomh maith le foireann taighde an ÚNM maidir le conas tuarascálacha taighde inrochtana a chruthú. D’fhreastail 22 taighdeoir agus oifigeach cumarsáide ó na heagraíochtaí seo ar an gceardlann agus dhírigh siad ar na teicnící, na tástálacha agus na huirlisí atá de dhíth chun tuarascálacha taighde inrochtana a údarú, a thiontú agus a fhoilsiú i leaganacha Word agus PDF.

Leanúint ar aghaidh ag cur leis an líonra de Laochra sa Dearadh Uilíoch i réimsí éagsúla tionsclaíochta, rialtais, oideachais agus pobail chun an bonn eolais dea-chleachtais atá leis an Dearadh Uilíoch a leathnú amach

Inrochtaineacht ar an idirlíon

Tá sé tugtha le fios ag an ÚNM nach bhfuil Treoir Inrochtaineachta Gréasáin an CE maidir le láithreáin ghréasáin na hearnála poiblí agus na struchtúir chun monatóireacht a dhéanamh orthu ar an mbonn náisiúnta trasuithe sa dlí in Éirinn go fóill. Fuair an ÚNM níos mó fiosruithe maidir le hinrochtaineacht gréasáin ó chomhlachtaí poiblí eile, de réir a chéile in 2019, go háirithe maidir le forbairtí nua láithreáin ghréasáin. Fuair an ÚNM iarratais ar chomhairle agus athbhreithnithe ar láithreáin ghréasáin ó ComReg, ón QQI, ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, ón Údarás Póilíneachta agus ón FSS, gan ach cúpla comhlacht a lua. Tugann an ÚNM dá aire, áfach, an gá atá ann le comhlachtaí poiblí a bheith níos airdeallaí faoina gcuid oibleagáidí de réir na Treorach.

Ag Tacú le Poist Phoiblí agus OGCIÓ maidir le hinrochtaineacht gréasáin

D’iarr an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (Public Jobs) agus Oifig Phríomhoifigigh Faisnéise an Rialtais araon, ar chúnamh a fháil chun feabhas a bheith curtha leis an inrochtaineacht na próisis iarratais agus forbartha láithreán gréasáin atá acu. Tá CEUD ag forbairt ‘plean tástála inrochtaineachta’ i gcomhar leis an aonad um Build to Share san OGCIÓ a fhorbraíonn feidhmchláir na Státseirbhíse. Déanfaidh na forbróirí an plean tástála a thriail agus a ionchorprú sa phróiseas forbartha feidhmchlár Build to Share. Tá Public Jobs ag tabhairt faoi athstruchtúrú ar a n-ardáin TF agus ar a bpróisis forbartha, agus d’iarr siad ar chomhairle a fháil maidir le hiarratais ar líne a fháil, a phleanáil, a fhorbairt agus a thástáil maidir lena suíomh gréasáin, chomh maith le hiarratais ar phoist agus feachtas fostaíochta.

Ceardlann le ComReg ar Chóid nua Chumarsáide Leictreonaí Eorpaí (Treoir 2018/1972 (AE))

Reáchtáil CEUD ceardlann inmheánach i mí Iúil 2019 le baill foirne shinsearach dlí, cosanta tomhaltóirí agus rialála i ComReg chun bearta praiticiúla is féidir le ComReg a iniúchadh agus Treoir (AE) 2018/1972 á chur i bhfeidhm, ar a dtugtar Cóid Eorpacha Cumarsáide Leictreonaí, a chaithfear a thrasú faoin 11ú Nollaig 2020. Tá na Cóid nua curtha isteach in ionad chreat teileachumarsáide an AE a bhí ann roimhe seo agus tá 6 réimse ann a rialaítear leo: (1) líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (“ECN” agus “ECS”), (2) saoráidí agus seirbhísí atá gaolmhar leo siúd, (3) údarú líonraí agus seirbhísí, (4) úsáid speictrim raidió agus acmhainní uimhrithe, (5) rochtain ar líonraí cumarsáide leictreonacha agus saoráidí gaolmhara agus idirnasc leo, agus (6) cosaint don úsáideoir deiridh. I measc na n-airteagal sna Cóid nua a bhfuil oibleagáidí inrochtaineachta nó an Dearaidh Uilíoch iontu tá:

- Art. 102 ar inrochtaineacht na faisnéise atá i gconarthaí agus ar fhaisnéis faoi ghnéithe inrochtaineachta táirgí (sásanna láimhe, m.sh.) agus seirbhísí;
- Art. 109 maidir le cumarsáid éigeandála le haghaidh na rochtana d’úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas, lena n-áirítear an rochtain ar sheirbhísí sealaíochta;
- Art. 111 maidir leis an gcoibhéis rochtana agus an rogha don úsáideoir deiridh atá faoi mhíchumas agus maidir le táirgí agus seirbhísí teileachumarsáide don úsáideoir deiridh atá faoi mhíchumas.

Cuirfidh na cóid nua bonn eolais leis an gcur chuige atá ag ComReg maidir leis an inrochtaineacht agus an Dearadh Uilíoch san earnáil teileachumarsáide amach anseo. Cé go bhfuil oibleagáidí inrochtaineachta níos mionsonraithe sna cóid nua ná an creat teileachumarsáide roimhe seo, fágann sé go bhfuil go leor spáis ann fós le haghaidh léirmhínte agus an chur chun feidhme. Tá ról fós ag an ÚNM comhairle a thabhairt do ComReg ar ábhair dá leithéid.

Treoirínte do B00 maidir leis an Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim

Le linn 2019, lean an CEUD ar aghaidh leis ag déanamh ionadaíochta ar an ÚNM ar Choiste Comhairleach um an Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim le haghaidh an Bhreiseoideachais agus Oiliúna chun comhairle a chur ar fáil i ndáil le treoirínte chun an cur chuige seo a chur i bhfeidhm. Tá SOLAS ina óstach ar an gCoiste chun comhairle a thabhairt don tionscadal treoirínte atá á sheoladh ag AHEAD.

Téacsleabhar 3ú leibhéal ar an Dearadh Uilíoch

Tá an tlonad ag leathnú amach na féidearthachtaí agus na próisis atá ann chun téacsleabhar a chur amach ar an Dearadh Uilíoch le haghaidh staidéir ar an eolaíocht ríomhaireachta. Is é an cur chuige atá ann faoi láthair ná cuireadh a thabhairt do roinnt léachtóirí caibidil a scríobh ar ábhar ar leith (idir an UX agus an AI). Tá foilsitheoirí acadúla chun seirbhísí eagarthóireachta a sholáthar chun leabhar a thairgeadh. Bhunaigh an tlonad bord eagarthóireachta i mí na Samhna 2019 agus tá dul chun cinn á dhéanamh aige ar fhorbairt an téacsleabhair i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara acadúla Éireannacha agus idirnáisiúnta.

Dírigh ar earnálacha áirithe maidir le cleachtas an Dearaidh Uilíoch a chur chun cinn i gcomhpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara ábhartha dála na n-earnálacha fónais, baincéireachta agus iompair

Príomhóráid ag comhdháil Ollscoil Napier Dhún Éideann ar an Múinteoireacht agus an Fhoghlaim.

Tugadh cuireadh don ÚNM an cur i láthair príomhúil a thabhairt ar an Dearadh Uilíoch san Ardoideachas, in Ollscoil Napier Dhún Éideann an 20 Meitheamh. D’fhreastail ionadaithe thar ceann

Ollscoil Napier ar an gComhdháil um an Dearadh Uilíoch san Ardoideachas agus sa Chlaochlú i mí na Samhna 2018, deis iontach a bhí ann chun níos mó a fhoghlaim faoin gcaoi a bhfuil an institiúid seo ag tabhairt aghaidh ar an teagasc agus ar an fhoghlaím i gcomhthéacs an lucht éagsúil mac léinn atá acu. Chlúdaigh cur i láthair CEUD an méid atá foghlamtha againn ó Chomhdháil UD HEIT faoin Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim, faoin Dhearadh Uilíoch i bhfoirgneamh, i seirbhísí agus i teicneolaíochtaí ardoideachais agus faoi conas an Dearadh Uilíoch a áireamh i gcuraclam cúrsaí ábhartha leithéidí na ailtireachta, an dearaidh, na hinnealtóireachta agus na teicneolaíochta.

Searmanas Gradam Bliantúil Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI) - An Tógáil do Chách / Catagóir an Dearaidh Uilíoch

Bhí ball foirne de chuid an CEUD ar phainéal Breithiúna an RIAI a rinne athbhreithniú ar na hiontrálacha sa chatagóir dámhachtana seo a raibh i gceist leo cuairt a thabhairt ar rogha de na suíomhanna ar an ngearrliosta. Ba é an buaiteoir, a fuair an dámhachtain an 7 Meitheamh 2019, Ionad Pobail agus Tithíochta Brickworks, in Islington, Londain, a dhear Brady Malalieu Architects é. Moladh é mar fhorbairt uirbeach inrochtana agus uilechuimsitheach agus mar phointe fócasach don eastáit tithíochta mór ina bhfuil sé lonnaithe agus don timpeallacht mhór i dtuaisceart Londain mórtimpeall air. Tugadh faoi deara go ndearnadh mionchoigeartú ar gach uile ghné den fhoirgneamh, ón leagan amach go dtí an chomharthaíocht, ionas go mbeadh gach uile dhuine ina ann úsáid agus taitneamh a bhaint as, agus léirigh sé buntáistí an chomhairliúcháin agus teagmháil a dhéanamh le muintir na háite.

24ú Gradam Bliantúil Spider

Bhí an 24ú Dámhachtain Spider bliantúil ar siúl i gCeoláras an RDS, Baile Átha Cliath, Déardaoin, an 21 Samhain 2019. Le linn an tsearmanais bhronnta, thug ceannairí na tionsclaíochta na gradaim íocónacha Spicer abhaile. I measc na mbuaiteoirí ar an oíche bhí Kooba le Mobility MOJO a fuair an gradam don Dearadh Is Fearr ar an Dearadh Uilíoch. Tacaíonn an tseirbhís Mobility MOJO le hóstáin chun gnéithe agus seirbhísí inrochtaineachta ina n-óstáin a mheas agus a sholáthar. Is dea-eiseamláir den dearadh inrochtana é suíomh gréasáin Mobility MOJO atá tarraingteach agus éasca do gach aon duine é a úsáid.

Gradaim r-Rialtais

Bhí gradaim r-Rialtais 2019 ar siúl i halla na Cathrach, Baile Átha Cliath Dé Céadaoin, an 11 Meán Fómhair 2019. Rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais urraíocht ar chatagóir na Dámhachtana Dearaidh Uilíche. Ar an ngearrliosta sa chatagóir seo bhí Oifig an Ombudsman, Suíomh Gréasáin & Aip Nua Met Éireann, BBC Gaeilge Digiteach, an tSeirbhís Athnuachana Pas Ar Líne agus Tionscnamh Inrochtaineachta Treochomharthaíochta Fingal.ie. Chuaigh buaiteoir na dámhachtana chun Suíomh Gréasáin & Aip nua Met Éireann- Met.ie.

Leanúint le glacadh an Dearaidh Uilíoch a chur chun cinn sa chleachtas i réimsí táirgí, seirbhísí agus Teicneolaíochtaí Cumarsáide Faisnéise

Cruinniú Rochtana Bliantúil ar sholáthar seirbhísí rochtana ag an gcrailtóir náisiúnta.

D'fhreastail an ÚNM ar an gCruinniú Rochtana bliantúil ag RTÉ ar sholáthar seirbhísí rochtana ag an gcrailtóir náisiúnta. Freastalaíonn an rialtóir, BAI, agus eagraíochtaí míchumais ar an gcruinniú bliantúil seo. I measc na bhforbairtí nua a thuairiscigh RTÉ, tá iPlayer nua agus feabhsaithe a thugann rochtain níos fearr ar fhotheidil do dhaoine atá bodhar agus lagéisteachta. Saincheist leanúnach a thuairiscítear ag na cruinnithe is ea an briseadh síos ar chaighdeán na bhfotheideal a sholáthraíonn craoltóirí dála RTÉ nuair a bhíonn soláthraithe teilifíse dála Virgin Media agus Sky ag craoladh an clár. Tuairiscíonn síntiúsóirí ar na seirbhísí seo go mbíonn an fotheidealú uaineach agus ar drochchaighdeán. Thug an BAI le fios go ndéanann siad monatóireacht faoina sainchúram go soláthraíonn craoltóirí an oiread fotheideal is atá riachtanach, agus go bhfuil soláthraithe seirbhíse teilifíse dála Sky

agus Virgin Media freagrach as rialú cáilíochta na bhfotheideal a thaispeántar ar a gcuid seirbhísí. Thug eagraíochtaí míchumais chun suntais gur fadhb leanúnach í seo don lucht féachana agus go bhféadfadh siad a bheith teoranta sa rogha agus sa luach is féidir leo a fháil óna bpacáistí síntiúis teilifíse mar gheall ar na difríochtaí i gcáilíocht na seirbhísí rochtana atá curtha ar fáil ag soláthraithe teilifíse éagsúla. Leanfaidh an ÚNM de bheith ag plé le páirtithe leasmhara ábhartha in 2020 chun fáil amach an bhfuil tuilleadh taighde nó teorach ann a d'fhéadfadh forbairtí sa réimse seo a threorú.

Duaiseanna Bliantúla an IDI 2018

Leanadh ar aghaidh leis an gcomhpháirtíocht idir CEUD agus Institiúid Dearthóirí in Éirinn (IDI) chun ómós a thabhairt do dhearthóirí Éireannacha atá ag cruthú dearraí ar aon dul leis an Dearadh Uilíoch. Bhí an 20ú Dámhachtain IDI ar siúl ag CHQ, Baile Átha Cliath, an 24 Eanáir 2019. Ba é Una Healy Design an buaiteoir sa chatagóir An Dearadh Uilíoch as an dearadh brandála a rinne siad 'Getting the Messages- Dementia Inclusive Shopping'. Ba ar maithe le tacaíocht a thabhairt do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu chun an tsiopadóireacht a dhéanamh ina gceantar féin a ndearnadh an dearadh.

Dámhachtainí larchéime an IDI 2019

Bhí Dámhachtainí larchéime 2019 an IDI ar siúl i mí na Samhna 2019. Bhí 59 iontráil sa chatagóir An Dearadh Uilíoch. Ba é Paul Roper, ó IT Sligo, buaiteoir na catagóire ar an Dearadh Uilíoch as a dearadh a rinne sé 'MagPin', athdhearadh ar an bpionna éadaí traidisiúnta.

Aitheantas ar an mBarr-Fheabhas sa Dearadh Uilíoch - Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

In Aibreán 2019, bhronn an ÚNM trófaí ar an Ollamh David Fitzpatrick, Uachtarán na hOllscoile Teicneolaíochta nua i mBaile Átha Cliath, mar aitheantas agus ceiliúradh ar an gcomhoibriú a bhí ar siúl idir na hInstitiúidí bunaithe le deich mbliain anuas, (DIT, IT Bhaile Bhlainséir agus IT Thamhlachta) agus na hOllscoile nua tiomantas maidir leis an Dearadh Uilíoch a chur i bhfeidhm. Ba é seo an chéad uair ar thug CEUD aitheantas dá leithéid as sármhaitheas sa Dearadh Uilíoch in institiúid. Ba é Cathaoirleach an ÚNM agus Príomhoifigeach CEUD a chuir an rinne an duais a bhronnadh, agus d'fhreastail an tAire Stáit Ardoideachais, Mary Mitchell O'Connor, foireann agus mic léinn de chuid TU Bhaile Átha Cliath, agus ionadaithe ón ÚNM agus ó Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin. Le trófaí Aitheantas ar an mBarr-Fheabhas, tugtar aitheantas do tiomantas na hOllscoile do roinnt cholún den Dearadh Uilíoch, lena n-áirítear an tiomantas atá déanta ann an campas Ghráinseach Ghormáin a dhéanamh inrochtana, an Dearadh Uilíoch a áireamh i gcuid dá chúrsaí agus an Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim a chur chun cinn mar phríomh-mhodheolaíocht le haghaidh an oideachais uilechuimsithigh.



Tosaíocht Straitéiseach 5

Tosaíocht Straitéiseach 5

“Leanúint ar aghaidh le bheith éifeachtach agus réamhghníomhach mar eagraíocht, agus díograiseach faoi go mbainfear amach na tosaíochtaí straitéiseacha atá againn agus go gcuirfear in iúl don phobal an obair atá á déanamh againn”

In 2019, leanaimid ar aghaidh san ÚNM lenár dtiomantas ár dtosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach ar bhealach éifeachtach agus i gcomhlíonadh lenár n-oibleagáidí reachtúla, rialála agus rialachais go léir. Le linn na bliana, leanamar ar aghaidh ag déanamh teagmháil ghníomhach lenár ngeallsealbhóirí ar bhealaí éagsúla, trínár bhfoireann, le haighneachtaí, leis an gcomhairliúcháin, lenár láithreáin ghréasáin agus ár nuachtlitir.

Rialachas agus Tuarisiciú Airgeadais

Tá an tÚdarás Náisiúnta Míchumais tiomanta an caighdeán rialachais chorparáidigh is airde a bhaint amach laistigh den eagraíocht. Bhí sé mar chuid lárnach den chlár oibre a rinne an tÚdarás agus an Fheidhmeannacht in 2019 leanúint ar aghaidh le cultúr a fhorbairt a thacaíonn ardchaighdeán agus a spreagann ardchaighdeán.

Tá an ÚNM ar chomhalta de chuid fhóram rialachais Institiúid Riaracháin Phoiblí na hÉireann, a chuireann rochtain ar fáil do chomhaltaí agus d’fhoireann an Údaráis chun leas a bhaint as an oiliúint agus forbairt maidir le saincheistanna rialachais. Déantar an creat foriomlán rialachais agus rialaithe laistigh den Údarás Náisiúnta Míchumais a threorú trí chomhlíonadh fhorálacha an Chóid Chleachtais Chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), de réir mar is iomchuí.

Rinneadh Comhaontú maidir leis an gCreat um Mhaoirseacht agus Feidhmíocht idir an Údarás Náisiúnta Míchumais agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais don tréimhse 2019. Rinne an Comhaontú seo ról agus freagrachtaí an ÚNM agus na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais a shainiú agus a shoiléiriú agus rinneadh na haidhmeanna agus na cuspóirí ardleibhéil, chomh maith leis an bpríomhchlár gníomhaíochta a gheall an ÚNM do 2019, a shoiléiriú agus a mhionsonrú ann. Bhí cur síos ar thiomantas an ÚNM chun comhlíonadh le riachtanais ábhartha an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Chomhlachtaí Stáit (2016) sa Chomhaontú chomh maith. Bhí cruinnithe ag an ÚNM leis an Aonad Rialachais sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, chun é seo agus cúrsaí rialachais eile a phlé in 2019.

Cuireadh tuarascálacha airgeadais faoi bhráid an Údaráis agus an Choiste Airgeadais lena n-athbhreithniú uair gach dhá mhí (trí chuntais bhainistíochta agus tuairiscálacha chun dáta) a thaispeáin sonraí caiteachais i gcoinne an bhuiséid comhaontaithe. Rinneadh na cuntais bhainistíochta a roinnt leis an gCoiste Iniúcháireachta freisin, de réir mar is cuí, i rith na bliana.

Ar aon dul leis an Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999, d’ullmhaigh an ÚNM dréachtchuntais airgeadais don bhliain 2018 agus chuir sé faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste é. Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais an ÚNM don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 faoi FRS102, an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais i bhfeidhm sa RA agus in Éirinn a d’eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais. Chuir an ÚNM na cuntais airgeadais faofa agus an Tuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2018 faoi bhráid an Aire an 27 Meitheamh 2019.

An Iniúchadh Inmheánach

Lean an ÚNM ar aghaidh ag baint leasa as seirbhísí neamhspleácha Aonad Iniúchta Inmheánaigh na Roinne Díl agus Cirt agus Comhionannais chun a fheidhm iniúchta inmheánaigh a chomhlíonadh le linn 2019, chun monatóireacht a dhéanamh ar an riosca agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht shocruithe an ÚNM maidir leis an rialachas, an bhainistíocht riosca agus an rialú inmheánach. Rinneadh dhá iniúchadh inmheánach ag deireadh 2018/2019, lena n-áirítear athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha agus athbhreithniú ar nósanna imeachta airgeadais doiciméadaithe nach raibh aon imní ábhartha aitheanta agus nár aithníodh aon rioscaí arda ina leith.

Údarás 2019

Tá Cathaoirleach agus 12 ghnáthchomhaltaí ar Údarás an ÚNM. Tháinig an tÚdarás le chéile 6 huairé le linn 2019, agus bhí dhá chruinniú 2 lá ann. Tá sceideal tinrimh, táillí agus caiteachais 2019 leagtha amach sa Ráiteas Rialachais (Ich. xx). Fuair comhaltaí an údaráis Oiliúint sa Nochtadh Cosanta i Meán Fómhair 2019 agus ghlac siad páirt freisin i gceardlann éascaithe ar an mbainistíocht riosca chun tacú le forbairt Ráiteas Inghlacthachta Riosca an ÚNM i mí na Samhna 2019. D'fhreastail ionadaithe ón ÚNM ar roinnt seimineáir a d'éagraigh Fóram Rialachais an Fhorais Riaracháin i rith 2019. Rinne an tÚdarás féin-mheasúnú ar a fheidhmiú in 2019 ar aon dul leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Táthar chun bonn eolais a chur leis an fheabhas leis seo in 2020.

Lean an tÚdarás ar aghaidh glacadh leis an gcóras gan pháipéar le haghaidh cruinnithe an Údaráis in 2019. Éascaíodh é seo trí úsáid a bhaint as Sharefile (córas stórála comhaid bunaithe sa néal). Bhí cóipeanna crua de pháipéir ar fáil freisin ach iad a iarradh.

An Bhainistíocht Riosca

Éilíonn an bhainistíocht éifeachtach ar an riosca eagraíochta próisis rialaithe láidre a bheith ann chun tacú leis an Údarás agus leis an bhFeidhmeannacht cuspóirí an ÚNM a bhaint amach agus éifeachtúlacht agus éifeachtacht na n-oibríochtaí a chinntiú. Tá feidhmeanna riosca agus rialaithe curtha i mbun anois go bhfuil ról an Choiste Iniúcháireachta ann arna cheapadh ag an Údarás, oifigeach a dhéanann athbhreithniú ar an fheidhmíocht agus ar ábhair riosca lena n-áirítear beartas agus cleachtas.

Cuimsíonn Coiste Bainistíochta Riosca an ÚNM an grúpa bainistíochta sinsearaí agus beirt bhall neamhspleácha, duine acu ina Chathaoirleach (agus ina bhall de chuid an Choiste Iniúcháireachta). Tacaíonn sé leis an bhFeidhmeannas le Clár Riosca agus gníomhaíochtaí riosca a fhorbairt. Tháinig an Coiste le chéile trí huairé le linn 2019. Tá Clár Riosca bunaithe ag an ÚNM a dhéanann an Coiste Iniúcháireachta agus an tÚdarás a athbhreithniú agus a fhaomhadh go rialta agus tá Oifigeach Riosca ceaptha aige.

Thacaigh an Coiste Bainistíochta Riosca le forbairt Ráiteas Inghlacthachta Riosca le bheith breithnithe ag an gCoiste Iniúcháireachta chun glacadh agus don Údarás ina dhiaidh sin le bheith comhshocraithe. Rinne an tÚdarás an Ráiteas a fhaomhadh i mí na Samhna 2019.

Déanann an Grúpa Ardbhainistíochta an timpeallacht riosca a mheas, chomh maith le haon cheisteanna atá ann don ÚNM uair gach dhá mhí agus is mír bhuan é ar an gclár oibre i ngach uile chruinniú de chuid an Údaráis. Cuirtear cúinsí riosca san áireamh i gcóras bainistíochta tionscadail an ÚNM freisin.

Ar aon dul leis an riachtanas atá ann na príomhrioscaí a fhoilsiú faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, agus ag cuimhneamh ar phríomhthosaíochtaí na heagraíochta, is iad seo a

leanas na rioscaí féideartha atá sainaitheanta don tréimhse 2019 a d'fhéadfadh drochtionchar a bheith acu ar an ÚNM:

1. Tá dúshlán ann maidir le haschuir seasmhacha atá d'ardchaighdeán a sholáthar chun feidhmeanna reachtúla trí shaineolas inmheánach agus seachtrach a sheachadadh. É seo i bhfianaise an éilimh mhéadaithe ar thaighde agus ar threoir, mar aon le méadú ar shoghluaiseacht i measc saineolaithe, agus deacrachtaí conraitheoirí leis an gcáilíocht chuí acu a mhealladh le haghaidh tionscadal coimisiúnaithe;
2. An dúshlán atá i gceist chun freastal ar a lán éileamh chun bainistíocht a dhéanamh ar an gcomhlíonadh éifeachtach le riachtanais rialachais agus reachtacha laistigh de na frámaí ama riachtanacha;
3. Tá dúshlán ann feasacht agus tuiscint níos doimhne agus níos leithne a bhaint amach maidir le ról agus aschuir an ÚNM i measc réimse leathan de ghrúpaí leasmhara.

Le linn 2019, chuir an ÚNM pleananna agus gníomhaíochtaí i bhfeidhm chun na rioscaí seo a mhaolú.

De réir alt 7.2 den Chód Cleachtais Chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), choimisiúnaigh an ÚNM athbhreithniú seachtrach ar chreat bainistíochta riosca an ÚNM in 2019, chomh maith le comórtas soláthair. Beidh an t-athbhreithniú de chuidiú don ÚNM chun meastóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas, na nósanna imeachta agus na cáipéisí a úsáidtear chun an riosca a bhainistíú chun aon réimsí seirbhíse gur cheart iad a fheabhsú a shainaithint. Táthar ag súil leis an tuarascáil ar an athbhreithniú sin go luath in 2020. Breithneoidh na Coistí ábhartha aon mholtaí a dhéanfar agus cuirfear i bhfeidhm iad de réir mar is cuí.

An Cód Iompair, an Eitic san Oifig Phoiblí, Comhaltaí an Údaráis do Nochtadh Leasanna Breise agus an Nochtadh Cosanta

Maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2019, is féidir leis an ÚNM a dhearbhu go raibh Cód Iompair don Údarás agus do na baill foirne i bhfeidhm agus gur cloíodh leis, de réir an Chóid Chleachtais Chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Anuas air sin, chomhlíon comhaltaí go léir an Údaráis chomh maith leis na ball foirne ábhartha go léir a gcuid dualgas reachtúil faoin reachtaíocht um Eitic san Oifig Phoiblí go huile is go hiomlán.

Mar chomhlacht poiblí, ceanglaítear ar an ÚNM faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú i ndáil le líon na nochtaithe cosanta a rinneadh leis an bhliain roimhe, agus na bearta ar ghlacadh leo mar fhreagairt ar aon chosaint do nochtadh cosanta dá leithéid.

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta don ÚNM sa tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2019. Rinne an ÚNM a Bheartas um Nochtadh Cosanta a nuashonrú le linn 2019 chun nósanna imeachta tuairiscithe mionsonraithe a chur san áireamh, agus d'fhormheas an tÚdarás agus a Choiste Iniúchóireachta é i Meán Fómhair 2019. Chuir Transparency International Ireland seisiúin faisnéisithe faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ar fáil do chomhaltaí an Údaráis agus don fhoireann i mí na Samhna 2019. Tá seisiúin bhreise le sceidealaithe le bheith curtha ar siúl le linn 2020.

An Chosaint Sonraí/an tSaoráil Faisnéise

Le linn 2019, lean an ÚNM ar aghaidh le clár oibre chun bheith cinnte go gcomhlíonann sé i gcónaí an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (2018) (RGCS) agus go maolaítear na rioscaí atá gaolmhar leis. Mar chuid de sin, rinneadh na bearta agus na nósanna imeachta príomhúla a nuashonrú agus a fhorbairt i bhfianaise an Rialacháin. Rinne an ÚNM idirchaidreamh le hOifig Tacaíochta agus Comhlíonta Cosanta Sonraí na Roinne agus leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí ar an Rialachán mar a


bhí ábhartha don ÚNM de réir mar a tháinig cúrsaí chun cinn le linn 2019.

Ina theannta sin, d'aithin an ÚNM an gá atá ann feabhas a chur leis an mbainistiú doiciméad, chun dearbhú go bhfuil creat cuimsitheach um an bainistiú doiciméad ann, le bheith úsáidte go leanúnach ar fud na heagraíochta chun cabhrú leis comhlíonadh leis an RGCS. D'fhostaigh an ÚNM seirbhísí chun tacú le creat dá leithéid a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar shainiú doiciméad / taifead; ar choinneáil; stóráil doiciméad agus gnéithe dlíthiúla atá gaolmhar leis sin, de réir GDPR agus an Achta um Shaoráil Faisnéise le linn 2019. Rinneadh scrúdú ar na beartais agus ar na nósanna imeachta agus táthar ag súil leis go bhfuiltear chun na moltaí a chur i bhfeidhm le linn 2020, agus go gcuirfear ar aghaidh iad ina dhiaidh sin.

Fuair an ÚNM trí iarratas ar an SF in 2019. Deonaíodh dhá cheann de na hiarrataí go páirteach agus roinnt foluile curtha leo, agus tugadh freagra leo laistigh den chreat ama reachtúil. Bhain an tríú iarraidh le faisnéis nach bhfuil á coimeád san ÚNM.

Dualgas na hEarnála Poiblí

Ceanglaítear le hAcht um Choimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas na hÉireann (2014) go ndéanfaidh an ÚNM measúnú ar na saincheistanna a bhaineann le cearta an duine agus an comhionannas a mheasann sé go bhfuil siad ábhartha d'fheidhmeanna agus do chuspóir an ÚNM; na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó atá beartaithe le bheith curtha i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna sin a leagan amach; agus tuairisciú ar fhorbairtí agus ar éachtaí maidir le Dleacht na hEarnála Poiblí ina thuarascáil bhliantúil.:



Tar éis oiliúint feasachta a bheith tugtha don fhoireann ar fad an 5 Meán Fómhair 2019, cuireadh Grúpa Oibre ar Dhualgas Earnála Poiblí i mbun ar a raibh ionadaithe foirne thar ceann na feidhmeanna go léir chun saincheistanna a bhaineann le cearta an duine agus an comhionannas a shainaithint trí shraith ghearr ceardlanna. Forbraíodh plean gníomhaíochta molta a bhí bunaithe ar thorthaí na gceardlann i mí na Nollag 2019 chun feabhsúcháin a threorú le linn 2020.

An Soláthar Foirne san UNM

Is de réir alt 27 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999, atá an ÚNM ina fhostóir dá chomhaltaí foirne. Cuireann an Feidhmeannas, faoi stiúir an Stiúrthóra, straitéis, plean oibre bliantúil agus beartais an Údaráis Náisiúnta Míchumais i bhfeidhm ó lá go lá.

Amhail an 31 Nollaig 2019, bhí 37 mball foirne san Údarás Náisiúnta Míchumais. Is é Ionad Sheirbhísí Comhroinnte Párolla na Roinne Caiteachais agus Athchóirithe a chuireann seirbhísí próiseála

párolla, pinsin agus taistil agus maireachtála ar fáil don ÚNM. Éascaíonn an ÚNM an chumarsáid ar phríomhcheisteanna idir an bhainisteoireacht agus ceardchumann aitheanta a dhéanann ionadaíocht ar leasanna fhoireann an ÚNM.

Tá trí rannóg san Choiste Feidhmiúcháin:

- Beartas, Gnóthaí Poiblí agus Taighde
- Ionad Barr Feabhais sa Dearadh Uilíoch
- Seirbhísí Corparáideacha

Is ionann ceannairí na trí rannán seo, a oibríonn faoin Stiúrthóir agus an grúpa ardbhainistíochta.

An Grúpa Ardbhainistíochta amhail an 31 Nollaig 2019

Stiúrthóir	Siobhan Barron
An Ceannaire Beartais, Gnóthaí Poiblí agus Taighde	Dr Aideen Hartney
An Príomhoifigeach, An tIonad Barr Feabhais sa Dearadh Uilíoch	Dr Ger Craddock
Bainisteoir na Seirbhísí Corparáideacha	Suzanne Lambe

Oiliúint agus Forbairt

Lean an ÚNM le plan oiliúna agus forbartha don fhoireann a chur i bhfeidhm bunaithe ar an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta mar aon le riachtanais fostaithe aonair, lena n-áirítear an tinreamh ar sheimineáir, seisiúin oiliúna agus rochtain ar tacaíochtaí cóitseála, mar shampla. Ag seo a leanas, sampla de chuid de na deiseanna oiliúna agus forbartha a bhí ann in 2019.

- Teanga Chomharthaíochta na hÉireann;
- Ceardlann ar Dhualgais na hEarnála Poiblí;
- Oiliúint um Chóras Bainistíochta Inneachair Suímh Gréasáin
- Tuarascálacha a scríobh;
- Máistir-Rang Intí ar an gComhairleoireacht An Chosaint Sonraí & Rialacháin NIS;
- An Smaointeoireacht Eiticiúil agus an Chinnteoireacht sa Chleachtas
- An RGCS & na Rialacháin maidir le Taighde Sláinte;
- Ceardlanna Bliantúla um Thaighde ar Scoileanna;
- Forghníomhú Straitéise Ceannaireachta;
- An RGCS Bliain Amháin Níos Déanaí- Mórforbairtí sa Chosaint Sonraí d'Fhostóirí;
- Clár Bainistíochta Deontas- Bainistiú Maoinithe Stáit agus Bainsitiú Maoinithe an AE;
- An Cód Cleachtais a Chur i bhFeidhm agus Todhchaí an Rialachais do Chomhlachtaí Stáit;
- Ag Tacú le d'Fhorbairt Cheannaireachta;
- An Dlí Fostaíochta Atá Riachtanach d'Fhostóirí Éireannacha;
- An teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn, na meáin shóisialta agus polaitíocht an algartaim;
- Teastas sna hAcmhainní Daonna;
- Measúnú Tionchair ar an gCosaint Sonraí;
- Miontuairiscí a thógáil i gCruinnithe;
- An Chinnteoireacht Cheannaireachta;
- Teastas san Fhoghlaim & Fhorbairt.

D'fhreastail baill foirne ar comhdhálacha a bhain le téamaí oibre ábhartha freisin, lena n-áirítear:

- Fóram um Chuimsiú Sóisialta 2019 Comhoibriú ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta;
- An 15ú Cruinniú Mullaigh Náisiúnta ar an tSláinte;
- Comhdháil um an tSheirbhís Phoiblí a Athrú ó Bhonn;
- Comhdháil um Bainistiú Práinnfhreagartha;
- Comhdháil Eorpach ar an Iompar 2019;
- Comhdháil um Cheartas Táirgiúil Re(al);
- Comhdháil ar an gCleachtas Trámabhunaithe;
- Comhdháil ar an Ionracas san Ionad Oibre 2019;
- Comhdháil Tithíochta 2019;
- Comhdháil Um Ag Fás Aníos in Éirinn.

Folláine san Áit Oibre

Lean an ÚNM leis an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe a chur ar fáil dá fhoireann i rith 2019. Soláthraíonn an tseirbhís ghairmiúil, rúnda, saor in aisce seo raon de thacaíochtaí agus den chomhairle ar fáil don fhoireann ar ábhair imní pearsanta nó oibre, a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar fholláine an duine agus ar a fheidhmíocht san ionad oibre. Rinneadh measúnú eirgeanamaíochta don fhoireann agus cuireadh i bhfeidhm na moltaí a rinneadh ann.

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an ÚNM tiomanta do leas a fhostaithe a chinntiú trí áit oibre a chothabháil atá sábháilte agus a chinntiú go gcomhlíontar na ceanglais go léir atá ann de bhun an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (arna leasú). Lean Coiste um Shábháilteacht agus Sláinte an ÚNM air ag tacú le monatóireacht agus treoir a thabhairt ar chúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta i rith 2019. I measc na ngníomhartha a bhí ann, bhí Oiliúint Maor Dóiteáin & Múchtóra Dóiteáin, Oiliúint um Evac+Chair, Oiliúint Ar Líne d'Ionadaithe Sábháilteachta, Oiliúint Athnuachana d'Fhreagróirí Garchabhrach agus Oiliúint d'Fhreagróirí Garchabhrach.

An tAcht um Míchumas 2005

Faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005, ceanglaítear ar chomhlachtaí san earnáil phoiblí tuairisciú ar an méid fostaíocht a chuirtear ar fáil ann do dhaoine faoi mhíchumas. Tá sé léirithe i dtorthaí Dhaonáireamh Foirne féintuairiscithe a rinneadh trí fhoirm um athrú stádais in Aibreán 2019 gur sháraigh an ÚNM an sprioc 3% maidir le leibhéal fostaíochta daoine faoi mhíchumas in 2018 agus agus 11.76% bainte amach.

Seirbhísí Comhroinnte

Lean an ÚNM le leas a bhaint as seirbhísí comhroinnte airgeadais agus as seirbhís tacaíochta TFC agus Priontála Bainistithe ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Bhí dhá chruinniú ag an ÚNM leis an rannóg TFC maidir leis an tseirbhís seo in 2019.

Cuireann an Roinn seirbhís iniúchta inmheánaigh ar fáil don ÚNM freisin. Mar atá luaite thuas, is é Ionad Sheirbhísí Comhroinnte Párolla ón Roinn Caiteachais agus Athchóirithe a chuireann ar fáil próiseálú párolla, pinsin agus taistil & maireachtála don ÚNM.

Acmhainní Leabharlainne agus Faisnéise

Lean Leabharlann an ÚNM ar aghaidh ag cur seirbhís ar fáil don fhoireann trí chuardach litríochta a dhéanamh don fhoireann chun tacú le forbairt chomhairle fianaise-bhunaithe an ÚNM agus chun ábhar a aimsiú le húsáid in athbhreithnithe litríochta agus in ailt.

I measc na seirbhísí eile atá a chuireann conraitheoir na Leabharlainne ar fáil don fhoireann, áirítear:

- treoir a thabhairt don fhoireann faoi conas acmhainní ar líne a úsáid
- teagmháil a dhéanamh leis an fhoireann chun treoir a thabhairt dóibh ar conas freagairt fheabhsaithe a dhéanamh chun freastal ar riachtanais
- comhoibriú a dhéanamh leis an fhoireann chun feabhas a chur le tionscadail éagsúla
- freagraí a thabhairt le ceistanna ón bhfoireann agus ón bpobal i gcoitinne.

Leanadh ar aghaidh leis gur nglacadh le cuairteanna ón bpobal i gcoitinne ar an Déardaoin sa leabharlann, mar leabharlann tagartha amháin. Tá bailiúcháin chuimsitheacha ag an leabharlann ar an míchumas agus téamaí ábhartha, téamaí a bhaineann leis an dearadh uilíoch, chomh maith le leabhair, rLeabhair, rIrisleabhair, nuachtlitreacha agus ábhar eile.

Cóiríocht agus Saoráidí

Tá Rannóg Seirbhísí Corparáideach an ÚNM freagrach as áitribh shábháilte agus éifeachtúil a choimeád agus as cruinnuithe agus imeachtaí sceidealaithe eile a eagrú don úsáid inmheánach agus do pháirtithe leasmhara.

I rith 2019, rinne an ÚNM oibreacha a choimisiúnú chun a chinntiú go mbainfí úsáid éifeachtach as na háitribh agus go ndéanfaí iad a chothabháil. Áiríodh leis seo roinnt iniúchtaí lena n-áirítear iniúchadh leictreach, iniúchadh sábháilteachta, iniúchadh pluiméireachta agus iniúchadh slándála. Suiteáladh geataí nua i gcarrchlós na foirne, agus suiteáladh córas aláraim nua agus an CTI áirithe leis. Rinneadh an soilsiú a uasghrádú freisin i roinnt limistéar, ar an taobh istigh agus ar an taobh amuigh araon, agus rinneadh an Fáiltiú a uasghrádú chun cur leis an inrochtaineacht ann.

Ón 1 Iúil 2015 amach tá comhaontú léasa ag an ÚNM le tionóntaí le haghaidh roinnt oifigí, a fhabhraítear an t-ioncam a ndéantar as mar Leithreasaithe i gCabhair chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Aistríodh ioncam don Roinn mar is cuí in 2019.

An Fuinneamh

Cláraíonn agus coimeádann Foireann Fuinnimh & Timpeallachta an ÚNM taifid an Údaráis Náisiúnta Míchumais le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

Tá achar iomlán urláir de 2,633 m² ag an Údarás Náisiúnta Míchumais ina gcuimsítear Foirgnimh Victeoiriach (x2) dhá stór thar leibhéal gairdín, agus foirgneamh nasctha a cuireadh i gcrích in 2006 agus foirgneamh trí stór agus áiléir cóngarach dó a críochnaíodh i dtús na 1980idí. Is iad seo a leanas na príomhúsáideoirí fuinnimh:

- Fuinneamh Leictreach: Soilsíú, TFC & Oifigí, Aerchóiriú agus Seirbhísí Ginearálta
- An Fuinneamh Teirmeach (An Gás Nádúrtha): Téamh Spáis (ciorcaid radaitheoirí LTHW agus téamh faoin talamh) agus Uisce Te (HWS)

Chun críche tuairisceán reachtúil a dhéanamh le haghaidh 2019, bhí 94% den fhuinneamh leictreach a úsáideadh sna foirgnimh inchurtha i leith an Údaráis Náisiúnta Míchumais. Maidir le fuinneamh teirmeach, bhí 82% den ghás nádúrtha a úsáideadh inchurtha i leith an ÚNM.

Ón 1 Meitheamh 2015 i leith, tá an chéad urlár san Fhoirgneamh Cúil curtha amach ar léas agus cuideachta phríobháideach lonnaithe ann. Tá méadar leictreachais ar leith ag an gcuideachta sin cé nach bhfuil méadar gás ar leith aige.

In 2019, d'ídigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais 356,593 kWh d'fhuinneamh, comhdhéanta de:

- 117,594 kWh de leictreachas;
- 238,999 kWh de bhreoslaí iontaise;
- 0 kWh de bhreoslaí inathnuaite.

The NDA can report a:

- Coigilteas costais 30.1% ón mbonnlíne;
- Ídiú de 34.9% níos ísle ón mbonnlíne.

Gníomhartha a rinneadh in 2019

In 2019, thug an ÚNM faoi raon tionscnamh a phleanáil agus a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh, lena n-áirítear:

- Iniúchadh leictreachais agus feabhas leanúnach a chur ar fheidhmíocht fuinnimh a chóra(i)s solais;
- Oiliúint faoin Fhuinneamh;
- Feasacht Leanúnach ar an Fhuinneamh

Leis na bearta sin, chomh maith le bearta coigilte fuinnimh eile, sábháladh 7,000kWh don ÚNM.

Gníomhartha atá beartaithe do 2020

In 2020, tá sé beartaithe ag an ÚNM feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh trí na tionscnaimh seo a leanas a dhéanamh:

- An tAthbhreithniú agus an Mheasúnacht

Oifigeach Rochtana

Ceapadh Oifigeach Rochtana an ÚNM ar aon dul leis an Acht um Mhíchumas 2005 agus bhí sé ar fáil chun treoir a thabhairt nuair a bhí cúnamh ag teastáil ó dhaoine faoi mhíchumas a bhí ag lorg rochtana ar shaoráidí, ar imeachtaí agus ar shuíomh gréasáin ÚNM in 2019. Tá sonraí teagmhála an Oifigigh le fáil ar leathanach baile shuíomh ghréasáin ÚNM.

Fiosrúcháin chomhaltaí an Oireachtais

Ar aon dul le Ciorclán 24/2016 RCPA, chuir an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ríomhsheoladh tiomnaithe d'fhiosruithe, OireachtasReps@nda.ie, ar fáil do chomhaltaí an Oireachtais atá ag lorg faisnéise ar ábhair a bhaineann leis an obair a dhéantar san ÚNM.

Chuir an tÚdarás faisnéis ar fáil don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais freisin mar fhreagairt ar 12 Cheist Pharlaiminteacha.

Nochtuithe Cosanta Saoráil Faisnéise

Fuair an UNM trí iarratas ar an SF in 2019. Tháinig iarratas amháin ó iriseoir maidir le hábhair Acmhainní Daonna nach raibh aon taifid ag an ÚNM ina leith. Fuarthas an dá iarraidh eile ó dhaoine den phobal agus bhain siad le comhfhreagras idir an ÚNM agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Freagraíodh an dá iarraidh sin laistigh den chreat ama reachtúil.



Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

An Rialachas

Bunaíodh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (UNM) faoin Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999. Tá dualgais ar an ÚNM na feidhmeanna atá leagtha amach in alt 8 den Acht a chomhlíonadh, agus féadfar dó cóid chleachtais a chruthú de réir alt 10 den Acht. Bronntar feidhmeanna breise ar an ÚNM faoin Acht um Míchumas, 2005 agus faoin mBille um Míchumas (Forálacha Ilghnéitheacha), 2016. Tá na feidhmeanna breise a bhronntar sa Bhille imithe i léig ar dhíscaoileadh na Dála agus an tSeanaid dheireanaigh. Meastar go ndéanfar na feidhmeanna seo a athbhronnadh ar bhunú an Rialtais reatha. Tá an ÚNM neamhspleách i bhfeidhmiú na feidhmeanna atá sannta air, de réir alt 7 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999. Tá Bord neamhspleách an ÚNM (an tÚdarás) cuntasach don Aire Cirt agus Comhionannais agus tá sé freagrach as cinnte a dhéanamh de go bhfuil dea-rialachas ann. Baineann sé an fheidhm seo amach trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach ceist ghnó.

Is faoi chúram an Stiúrthóra agus an ghrúpa ardbhainistíochta atá an ghnáthbhainistíocht rialta, agus rialú agus treoir an Údaráis Náisiúnta Míchumais. Ní mór don Stiúrthóir agus don ghrúpa bainistíochta sinsearach an treo straitéiseach ginearálta atá leagtha síos ag an Údarás a leanúint, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach ball den Údarás i dtaobh na bpríomhghníomhaíochtaí agus na gcinntí a bhaineann leis an eintiteas, mar aon leis na rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an Stiúrthóir mar theagmháil dhíreach idir an tÚdarás agus lucht bainistíochta an Údaráis Náisiúnta Míchumais.

Freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis

Tá obair agus freagrachtaí an Údaráis leagtha síos san Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999 agus san Acht um Míchumas 2005. Tá sceideal foirmiúil ag an Údarás de nithe atá coimeádta go sonrach dó i gcomhair cinnidh lena chinntiú go gcoinnítear treo agus smacht an Údaráis. Áirítear an méid seo a leanas sa sceideal sin:

- fáltais shuntasacha, diúscairtí agus scor sócmhainní an Údaráis;
- infheistíochtaí ollmhóra (níos mó ná €50,000) agus tionscadail chaipitil, conarthaí agus infheistíochtaí;
- leibhéil údaráis tarmiligthe agus beartais bainistíochta riosca (mír bhuan);
- Struchtúir agus téarmaí tagartha choiste an Údaráis;
- deimhnithe gur comhlíonadh ceanglais reachtúla agus riaracháin maidir le ceapachán, líon, grádú agus coinníollacha na foirne go léir a cheadú (lena n-áireofar freisin luach saothair agus aoisliúntas);
- buiséid bhliantúla agus pleananna corparáideacha a cheadú;
- tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais a cheadú;
- ceapadh, luach saothair agus measúnú ar fheidhmíocht an Stiúrthóra.

Ceanglaítear in Alt 17 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999 gach leabhar cuí cuntais ar

ioncam agus caiteachas uile an Údaráis a choimeád i cibé foirm a fhaomhann an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais Anuas air sin, luaitear in Alt 16 den Acht gur féidir leis an Oireachtas airgead a sholáthar, an tsuim sin a dheonú a cheadaíonn an tAire Aire agus Cirt agus Comhionannais, le comhthoiliú an Aire Airgeadais, i dtreo chostais an Údaráis i dtabhairt faoina fheidhmeanna.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta atá oiriúnach a roghnú agus iad sin a chur i bhfeidhm i gcónaí;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn atá ar siúl, ach amháin más rud é go mbeadh sé neamhoiriúnach go gceapfaí go leanfaidh sé ar aghaidh ag feidhmiú, agus;
- a lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuntasaíochta sásúil a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an Údaráis, agus a chuireann ar a chumas cinnte a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 17 d'Acht UNM. Is é an tÚdarás atá freagrach as cothabháil agus as iomláine an eolais chorpáraídaigh agus airgeadais ar shuíomh gréasáin an UNM.

Tá an tÚdarás freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinne an tÚdarás measúnú ar bhonn leanúnach i rith 2019 ar fheidhmiú an phlean agus an bhuiséid bhliantúil. Áirítear leis seo athbhreithniú ar na cuntais bhainistíochta míosúla, tuarascálacha ón gCoiste Airgeadais agus athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bhliantúla. Cheadaíonn an tÚdarás freisin pleananna oibre bliantúla agus déanann sé athbhreithniú ar dhul chun cinn suas le 4 huairé in aghaidh na bliana. Déanann an grúpa ardbhainistíochta mar aon leis an gCoiste Airgeadais athbhreithniú freisin ar an mbuiséad agus ar fheidhmiú mar atá leagtha amach sna cuntais bhainistíochta mhíosúla. Faigheann an Coiste Iniúchóireachta na cuntais bhainistíochta míosúla freisin.

Tá an tÚdarás freagrach as a chuid sócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an tÚdarás go dtugann ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Míchumais léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar an staid airgeadais an 31 Nollaig 2019.

Struchtúr an Bhoird

Is éard a gcuimsítear leis an Údarás (is é sin le rá Bord UNM) ná an Cathaoirleach in éineacht le 12 ghnáthbhall, agus is é an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a cheapann iad go léir. As na 12 ghnáthbhall, roghnaítear duine amháin díobh trí bhallóid na foirne agus is é an tAire a dhéanann iad a cheapadh. Tá duine eile díobh ina oifigeach de chuid an Aire Cirt agus Comhionannais agus déanann an tAire tríú ball de chuid an Údaráis a cheapadh thar ceann na Roinne Sláinte.

Is le téarma oifige ceithre bliana a cheaptar baill an Údaráis agus bíonn cruinniú acu uair gach dhá mhí. Faoi fhorálacha an Achta, is féidir comhaltáí an Údaráis a cheapadh don dara téarma. Sa tábla ag seo, thíos, tá mionsonraí faoin tréimhse ceapacháin i ndáil leis na baill reatha le feiceáil:

Ainm:	Ról:	Dáta an Cheapacháin:	Dáta Athcheapacháin
Helen Guinan	Cathaoirleach	Iúil 2014*	Lúnasa 2018
Ruthann La Malfa	Comhalta	Iúil 2014*	Lúnasa 2018
Teresa McDonnell	Comhalta	Iúil 2014*	Lúnasa 2018
Deaglán Ó Briain	Comhalta	Nollaig 2014*	Nollaig 2018
Aisling Glynn	Comhalta	Meitheamh 2017*	Lúnasa 2018
Jack Kavanagh	Comhalta	Lúnasa 2018	
Cathal Morgan	Comhalta	Lúnasa 2018	
Kathryn O'Donoghue	Comhalta	Lúnasa 2018	
Martha Griffin	Comhalta	Lúnasa 2018	
Deirdre O'Connor	Comhalta	Iúil 2014*	Lúnasa 2018
Damian Gordon	Comhalta	Lúnasa 2018	
Brian Callanan	Comhalta	Lúnasa 2018	
Grainne Collins	Comhalta	Lúnasa 2018	

*Baill den Údarás atá ag fónamh ar dhara téarma faoi láthair.

Rinne an tÚdarás féin-mheasúnú ar a fheidhmiú in 2019 ar aon dul leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Cuireadh moltaí ón bpróiseas meastóireachta ar aghaidh i rith na bliana.

Bhí ceithre choiste san Údarás in 2019, agus seo iad, ag seo a leanas:

1. An Coiste Iniúcháireachta

Ar an gCoiste Iniúcháireachta tá triúr baill de chuid an Údaráis agus ceathrar baill neamhspleách, agus duine díobhsan ina Chathaoirleach ar an gCoiste agus duine eile díobh ina Chathaoirleach ar an gCoiste Riosca. Is é ról an Choiste, mar chuid den athbhreithniú córasach leanúnach ar nósanna imeachta rialachais ghnó agus chorpóraidigh an Údaráis, maoirseacht agus comhairle a chur ar fáil don Údarás agus don Stiúrthóir ar cheisteanna a bhaineann:

- Leis na próisis cuntasáochta airgeadais agus tuairiscithe bliantúil;
- Le héifeachtach na rialuithe inmheánacha agus leis an timpeallacht bainistíochta riosca;
- Le hoibríochtaí agus forbairtí fheidhm an Iniúchta Inmheánaigh;
- Le héifeachtach an Iniúchta sheachtraigh agus an caidreamh leis; agus
- Leis an luach ar airgead agus saincheisteanna eile a bhaineann leis an rialachas corparáideach.

Tuairiscíonn an Coiste Iniúcháireachta don Údarás tar éis gach cruinniú, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain. Sa tábla ag seo thíos tá sonraí maidir le tréimhse ceapacháin bhaill reatha an Choiste Iniúcháireachta:

Ainm:	Ról:	Dáta an Cheapacháin:	Dáta Athcheapacháin
John Fitzgerald	Cathaoirleach	Márta 2017*	
Teresa McDonnell	Comhalta	Iúil 2014*	Lúnasa 2018
Tony Fitzpatrick	Comhalta	Meitheamh 2017*	
Cathal Morgan	Comhalta	Lúnasa 2018	
Kathryn O'Donoghue	Comhalta	Lúnasa 2018	
Tim Maverley	Comhalta	Lúnasa 2018	
John Maher	Comhalta	Lúnasa 2018	

*Baill den Choiste Iniúchóireachta atá ag fónamh ar a ndara téarma faoi láthair.

Bhí 4 chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta in 2019. Rinne an Coiste Iniúchóireachta féin-mheasúnú ar a fheidhmiú in 2019 ar aon dul leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

2. An Coiste Airgeadais

Cuimsítear leis an gCoiste Airgeadais ceathrar comhaltaí den Údarás agus beirt chomhaltaí neamhspleácha. Ag seo a leanas, dualgais an Choiste:

- an próifíl caiteachais bhliantúil a scrúdú agus moltaí a dhéanamh don Údarás maidir leis;
- athbhreithniú a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm i rith na bliana nuair a cheadaítear an buiséad oibríochta bliantúil;
- cuntais bainistíochta an Údaráis a scrúdú ar bhonn rialta go leanúnach;
- na cuntais reachtúla bliantúla a chur faoi bhráid an Údaráis lena gceadú i ndiaidh moltaí ón gCoiste Iniúchóireachta;
- machnamh a dhéanamh ar thograí ón gCoiste Iniúchóireachta nuair is iomchuí; agus
- athbhreithniú a dhéanamh ar fhormaid chuntais an Údaráis

Sa tábla ag seo thíos, tá sonraí maidir le tréimhse ceapacháin bhaill reatha an Choiste Airgeadais:

Ainm:	Ról:	Dáta an Cheapacháin:	Dáta Athcheapacháin
Kathryn O'Donoghue	Cathaoirleach	Lúnasa 2018	
Ruthann LaMalfa	Comhalta	Iúil 2014*	Lúnasa 2018
Pat Fitzsimons	Comhalta	Iúil 2014*	Lúnasa 2018
Harry McGeary	Comhalta	Lúnasa 2018	
Damian Gordon	Comhalta	Lúnasa 2018	
Brian Callanan	Comhalta	Lúnasa 2018	

*Baill den Choiste Airgeadais atá ag fónamh ar dhara téarma faoi láthair.

Tá sé mar cheanglas ar an gCoiste Airgeadais ceithre chruinniú ar a laghad a thionól gach bliain, agus caithfidh ceann acu sin a bheith ar chomhcheim leis an moladh i gcomhair fhaomhadh na gcuntas reachtúil bliantúil ón Údarás. Bhí seacht gcrúinniú ag an gCoiste Airgeadais ann in 2019. Rinne an Coiste Airgeadais a théarmaí tagartha a athbhreithniú agus a uasdátú i mí na Samhna 2019 agus d'fhaomh an tÚdarás iad ina dhiaidh sin. Rinne an Coiste féin-mheasúnú ar a fheidhmiú in 2019 ar aon dul leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

3. Coiste um Fheidhmiú an Stiúrthóra

Cuireadh an Coiste um Athbhreithniú ar Fheidhmiú an Stiúrthóra (fochoiste den Údarás) i mbun chun freagrachtaí agus gníomhartha an Stiúrthóra a leagan síos ar aon dul le clár oibre an UNM mar atá leagtha síos sa Phlean Straitéise agus sa Phlean Oibre Bliantúil. Ina theannta sin, oibríonn an Coiste ar son an Údaráis, chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an Stiúrthóra i dtaca le freagrachtaí agus gníomhartha atá comhaontaithe. Tuairiscíonn an Coiste don Údarás agus coimeádann sé an Stiúrthóir ar an eolas maidir le tuairimí agus moltaí an Údaráis.

Tháinig an grúpa le chéile aon uair amháin in 2019.

Ainm:	Ról:	Dáta an Cheapacháin:	Dáta Athcheapacháin
Helen Guinan	Cathaoirleach	Iúil 2014*	Lúnasa 2018
Deirdre O'Connor	Comhalta de chuid an Údaráis	Iúil 2014*	Lúnasa 2018
Jack Kavanagh	Comhalta de chuid an Údaráis	Lúnasa 2018	

*Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus Ball den Choiste atá ag fónamh ar dhara téarma faoi láthair.

4. An Coiste Bainistíochta Riosca

Déanann Coiste Bainistíochta Riosca atáthar tar éis a bhunú, agus atá neamhspleách ó na Coistí atá ceaptha ag an Údarás, tuairisc don Choiste Iniúchóireachta ar ábhair riosca agus is éard atá ann ná Cathaoirleach neamhspleách i.e. comhalta neamhspleách de chuid Choiste Iniúchóireachta an Údaráis Náisiúnta Míchumais arna ainmniú ag an gCoiste sin, agus cuimsítear air grúpa na bainistíocht sinsearaí, agus ionadaí ainmnithe ó Choiste Airgeadais an Údaráis.

Ag seo a leanas, dualgais an Choiste:

- An beartas maidir le bainistiú rioscaí ar fud an Údaráis a shainiú agus a athbhreithniú;
- Maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bheartais bainistíochta riosca;
- Tacú leis an Údarás agus leis an mBainistíocht Shinsearach a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh trí chreat agus próisis a sholáthar chun rioscaí a bhainistiú;
- An fheasacht maidir ar an mbainistíocht riosca a chur chun cinn agus a chinntiú go bhfuil próiseas cuimsitheach ann chun riosca laistigh den Údarás a shainaithint, a mheas, a bhainistiú, a fhaire agus tuairisciú orthu
- Athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar rioscaí an Údaráis ar bhonn bliantúil;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha stádais tréimhsiúla, ina dtugtar achoimre ar stádas na dtionscnamh agus ar shaincheisteanna comhlíontachta;
- Monatóireacht a dhéanamh ar an mbainistiú riosca ar fud an Údaráis agus tuairisc a thabhairt don Choiste Iniúchóireachta agus don Údarás, lena n-áirítear tuarascáil bhliantúil an fhórait do na coistí a luadh roimhe seo.

Sa tábla ag seo thíos, tá sonraí leagtha amach maidir le tréimhse ceapacháin bhaill reatha an Choiste Riosca:

Ainm:	Ról:	Dáta an Cheapacháin:	Dáta Athcheapacháin
Tim Maverley	Cathaoirleach	Lúnasa 2018	
Pat Fitzsimons*	Comhalta	Iúil 2014*	Nollaig 2018
Grúpa Bainistíochta Sinsearach			

*Ball den Choiste um Mheasúnú Riosca atá ag fónamh ar dhara téarma faoi láthair

Tháinig an Coiste Bainistíochta Riosca le chéile trí huaire le linn 2019. Déanann an Coiste an Clár Rioscaí a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn leanúnach i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Le linn 2019, choimisiúnaigh an ÚNM athbhreithniú seachtrach ar an gcreat bainistíochta riosca atá i bhfeidhm san eagraíocht. Táthar chun moltaí ón athbhreithnithe a chur ar aghaidh le linn 2020. Tháinig an Coiste Riosca ar chomhaontú faoi Ráiteas Inghlacthachta Riosca an ÚNM, agus rinne an tÚdarás é a fhaomhadh ag an gcruinniú a tionóladh i mí na Samhna 2019.

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansais

Tá sceideal freastail ag cruinnithe den Údarás agus na Coistí le haghaidh 2019 leagtha amach thíos lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach ball. Ní íoctar táillí le cúigear comhaltaí an Údaráis mar thoradh ar an bprionsabal “Duine Amháin Tuarastal Amháin” (OPOS):

Comhalta de chuid an Údaráis	Dáta an Cheapacháin	Táillí an Údaráis	Costais Fabhráithe	Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu
Helen Guinan (Cathaoirleach)	Athcheaptha mí Lúnasa 2018	8,978	1,739	8/8
Aisling Glynn	Athcheaptha mí Lúnasa 2018	5,985	1,218	6/8
Ruthann La Malfa	Athcheaptha mí Lúnasa 2018	5,985	167	7/8
Teresa McDonnell	Athcheaptha mí Lúnasa 2018	5,985	259	4/8
Deaglán Ó Briain	Athcheapadh Nollaig 2018	-	-	8/8
Deirdre O'Connor	Athcheaptha mí Lúnasa 2018	5,985	161	7/8
Jack Kavanagh	Ceaptha Lúnasa 2018	5,985	-	7/8
Cathal Morgan	Ceaptha Lúnasa 2018	-	-	7/8
Kathryn O'Donoghue	Ceaptha Lúnasa 2018	5,985	-	7/8
Martha Griffin	Ceaptha Lúnasa 2018	-	-	3/8
Damian Gordon	Ceaptha Lúnasa 2018	-	-	4/8
Brian Callanan	Ceaptha Lúnasa 2018	5,985	-	6/8
Grainne Collins	Ceaptha Lúnasa 2018	-	220	8/8

An Coiste Iniúcháireachta	Dáta an Cheapacháin	Táillí an Údaráis	Costais Fabhraithe	Líon na gcuinnithe ar freastalaíodh orthu
John Fitzgerald (Cathaoirleach)	Ceaptha Lúnasa 2018	2,565	-	4/4
Teresa McDonnell	Athcheaptha mí Lúnasa 2018	-	-	1/4
Tony Fitzpatrick	Athcheaptha mí Lúnasa 2018	-	-	3/4
Cathal Morgan	Ceaptha Lúnasa 2018	-	-	4/4
Kathryn O'Donoghue	Ceaptha Lúnasa 2018	-	-	4/4
Tim Maverley	Ceaptha Lúnasa 2018	-	-	4/4
John Maher	Ceaptha Lúnasa 2018	-	-	3/4

An Coiste Iniúcháireachta	Dáta an Cheapacháin	Táillí an Údaráis	Costais Fabhraithe	Líon na gcuinnithe ar freastalaíodh orthu
Kathryn O'Donoghue (Cathaoirleach)	Ceaptha Lúnasa 2018	-	-	7/7
Pat Fitzsimons	Athcheaptha mí Lúnasa 2018	-	-	6/7
Ruthann La Malfa	Athcheaptha mí Lúnasa 2018	-	-	6/7
Harry Geary	Ceaptha Lúnasa 2018	-	-	6/7
Damian Gordon	Ceaptha Lúnasa 2018	-	-	5/7
Brian Callanan	Ceaptha Lúnasa 2018	-	-	6/7

An Coiste Iniúcháireachta	Dáta an Cheapacháin	Táillí an Údaráis	Costais Fabhraithe	Líon na gcuinnithe ar freastalaíodh orthu
Helen Guinan (Cathaoirleach)	Athcheaptha mí Lúnasa 2018	-	-	2/2
Deirdre O'Connor	Athcheaptha mí Lúnasa 2018	-	-	2/2
Jack Kavanagh	Ceaptha Lúnasa 2018	-	-	2/2

An Coiste Iniúcháireachta	Dáta an Cheapacháin	Táillí an Údaráis	Costais Fabhraithe	Líon na gcuinnithe ar freastalaíodh orthu
Tim Maverley (Cathaoirleach)	Ceaptha Nollaig 2018	-	-	3/3
Pat Fitzsimons	Athcheapadh Nollaig 2018	-	-	3/3
Grúpa Bainistíochta Sinsearach		-	-	3/3
		53,438	3,764	

Ceapacháin Comhaltaí de chuid an Údaráis

Rachaidh an téarma ceithre bliana reatha in éag in 2022 agus ní dhearnadh aon cheapacháin don Údarás in 2019 dá bharr.

Nochtadh atá de dhíth faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an tÚdarás freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an tÚdarás Náisiúnta Míchumais le ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (“an Cód”), mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. De réir an Chóid, ní mór na rudaí seo a leanas a nochtadh:

(a) Miondealú ar na sochair ghearrthéarmacha d’fhostaithe

Tá tábla ina dtaispeántar miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaí san áireamh i Nóta 6(a)-Luach Saothair agus Costais Phá Eile, leis na ráitis airgeadais.

(b) Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear le costais sainchomhairleoireachta an costas a bhíonn ar chomhairle sheachtrach a chur ar an mbainistíocht agus ní áirítear feidhmeanna “gnó mar is gnách” a seachfhóinsíodh leo.

	2019 €	2018 €
Comhairle dlí	27,429	12,000
Tionscadail straitéiseacha agus rialachais	40,283	31,190
Costais Sainchomhairleoireachta iomlána a ghearrtar ar an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coimeáda	67,712	43,190

(c) Costais agus socraíochtaí dlí

Níor tabhaíodh aon chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe, maidir le costais dlí, socraíochtaí agus idir-réiteach agus imeachtaí eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe (2018- €0).

(d) Costais Taistil agus Chothabhála

Tá an taisteal agus cothabháil rangaithe mar seo a leanas:

	2019 €	2018 €
Intíre		
- Costais dhíreacha an Údaráis (An Bord)	5,769	7,091
- Costais indíreacha an Údaráis	6,402	-
- Fostaithe	13,877	17,237
Idirnáisiúnta		
- An tÚdarás (an Bord)	-	-
- Fostaithe	9,027	8,645
Costais iomlána Taistil agus Cothaithe	35,075	32,973

Áirítear leis na costais taistil agus chothabhála a thabhaigh comhaltaí an Údaráis €2,005 a íocadh le hiarchomhalta maidir le costais na bliana roimhe seo.

(e) Caiteachas Fáilteachais

Níor tabhaíodh aon chaiteachas maidir le fáilteachas cliant sa tréimhse thuairiscithe (2018- €0).

	2019 €	2018 €
Fáilteachas san Údarás	-	810
Ceardlann ar fholláine na foirne	-	337
Costais Fáilteachais iomlána	-	1,147

Ráiteas Comhlíonta

Ghlac an tÚdarás leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige lena chinntiú go gcomhlíontar an Cód. Chomhlíon an tÚdarás Náisiúnta Míchumais an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú go hiomlán sa bhliain 2019.



Helen Guinan
Cathaoirleach
17 Meán Fómhair 2020



Kathryn O' Donoghue
Ball de chuid an Údaráis
18 Meán Fómhair 2020



Dr Aideen Hartney
Stiúrthóir
17 Meán Fómhair 2020

Ráiteas maidir leis an Rialú Inmheánach 2019 – le hÚdarás an ÚNM

Raon feidhme na freagrachta

Thar ceann Údarás an Údaráis Náisiúnta Míchumais, deimhnímh go bhfuil freagracht fhoriomlán ar an Údarás as a chinntiú go mbeidh córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh ann agus go n-oibrítear é, agus chun a éifeachtacht a athbhreithniú. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht seo na ceangaltais faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Trí struchtúr an Stiúrthóra agus an Ghrúpa Bainistíochta Sinsearaí, tá an Coiste Feidhmiúcháin freagrach don Údarás as rialuithe inmheánacha a chur i bhfeidhm agus a chothabháil thar gach feidhm.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú chuig leibhéal infhulaingthe seachas deireadh a chur leis. Dá bharr sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, go ndéanfar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéanfar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú in am trátha. Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

An cumas riosca a bhainistiú

Tá bainistíocht riosca lárnach don chaoi a n-oibríonn an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, agus cuirtear i bhfeidhm é agus déantar monatóireacht air trí struchtúir a bhfuil cur síos déanta orthu mar seo a leanas.

Rinne an tÚdarás Coiste Iniúcháireachta an ÚNM a cheapadh i mí Dheireadh Fómhair 2018 agus tá triúr comhaltaí de chuid an Údaráis agus ceathrar comhaltaí neamhspleácha ann lena n-áirítear Cathaoirleach neamhspleách a bhfuil an saineolas airgeadais agus iniúchta riachtanach aige. Is é ról an Choiste Iniúcháireachta, mar chuid den athbhreithniú córasach leanúnach ar nósanna imeachta rialachais gnó agus corparáidí an Údaráis, maoirseacht agus comhairle a thabhairt don Údarás agus don Stiúrthóir maidir le hábhair a bhaineann le héifeachtacht rialuithe inmheánacha agus leis an timpeallacht bainistíochta riosca. Tá an Coiste freagrach as an gClár Riosca a mholadh go foirmiúil don Údarás lena cheadú ag amanna socraithe i rith na bliana. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huairé in 2019 agus cuireadh tuarascáil bhlíantúil chuig an Údarás, thar ceann an Chathaoirligh, an 27 Samhain 2019.

Tá Coiste Bainistíochta Riosca i bhfeidhm freisin san ÚNM a bhfuil comhalta neamhspleách de chuid an Choiste Iniúcháireachta ina chathaoirleach air. Áirítear le ballraíocht an choiste sin ball seachtrach de Choiste Airgeadais an Údaráis Náisiúnta Míchumais agus den Ghrúpa Bainistíochta Sinsearaí freisin. Déanann an Cathaoirleach tuairisc díreach leis an Coiste Iniúcháireachta ar chúrsaí riosca agus polasaí riosca, ar threoirlinnte agus ar an gclár riosca. Déanann an Coiste Iniúcháireachta na rudaí seo a mholadh lena bhfaomhadh ag an Údarás. Tháinig an Coiste Bainistíochta Riosca le chéile trí huairé le linn 2019.

Rinne an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú roimhe seo ar Pholasaí, Treoirlinnte agus Creat Riosca an ÚNM agus cheadaigh an tÚdarás iad in Iúil 2018. Leag siad amach acmhainneacht an UNM déileáil le riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm, struchtúir monatóireachta don bhainistiú riosca chomh maith leis na ról agus na freagrachtaí atá ag an bhfoireann maidir le riosca. Le linn an

dara leath de 2019, choimisiúnaigh an ÚNM athbhreithniú seachtrach ar an mbainistíocht riosca sa ÚNM, de réir Alt 7.2 den Chód Cleachtais maidir le Comhlachtaí Stáit a Rialú. Cuirfear moltaí maidir le deiseanna feabhsúcháin ón athbhreithniú sin i bhfeidhm le linn 2020.

Tá Coiste Airgeadais ag an Údarás chun athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas agus ar phleanáil buiséid. Tá baill ón Údarás ar an gcoiste mar aon le comhaltaí neamhspleácha agus buaileann sé le chéile 4 huaire in aghaidh na bliana, ar a laghad. Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile 7 n-uaire in 2019.

Baineann an tÚdarás úsáid as seirbhísí iniúchóireachta ón Aonad Iniúchóireachta Inmheánach faoin Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus tá clár oibre á fheidhmiú aige atá comhaontaithe leis an gCoiste Iniúchóireachta agus atá faofa ag an Údarás UNM.

Is ball é an UNM freisin den fóram rialaithe IPA agus cuireadh oiliúint air tríd an IPA i réimsí éagsúla lena n-áirítear an bhainistíocht riosca i rith 2019.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an ÚNM a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí mar aon leis na gníomhartha bainistíochta chun dul i ngleic leo, agus más féidir, iad a mhaolú. I mí na Samhna 2019, cheadaigh an tÚdarás Ráiteas Inghlacthachta Riosca an ÚNM, arna chomhaontú ag an gCoiste Iniúchóireachta, agus sonraithe ann an leibhéal riosca atá an ÚNM sásta a ghlacadh leis chun a chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Feidhmíonn an ráiteas seo chun an bhainistíocht a threorú maidir le spriocanna a leagadh síos agus cinntí a dhéanamh ionas gur mó an seans go mbainfidh an ÚNM a chuspóirí amach agus go leanfar lena chuid oibríochtaí.

Tá clár riosca i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá os comhair an ÚNM agus táthar tar éis iad a aithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir na tábhachta a bhaineann leo. Déanann an Grúpa Ardbhainistíochta, atá freagrach as an gclár a chur i bhfeidhm, an clár a athbhreithniú agus a uasdátú. Tacaíonn an Coiste Bainistíochta Riosca leis an dréachtchlár agus le hathbhreithnithe ar an dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm gníomhaíochtaí. Tugann Cathaoirleach an Choiste tuairisc don Choiste Iniúchóireachta agus déanann siad rioscaí agus an dul chun cinn a mheas. Is é an Coiste Iniúchóireachta a mholann an clár le bheith cheadaithe ag an Údarás.

Úsáidtear torthaí na measúnachtaí riosca seo chun pleanáil a dhéanamh agus acmhainní a leithdháileadh chun a chinntiú go bhfuil rioscaí á mbainistiú go dtí leibhéal atá inghlactha. Tá na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú mionsonraithe sa chlár rioscaí, chomh maith leis an fhreagracht as rialuithe a oibriú atá sannta do fhoireann shonrach laistigh de frámaí ama luaite. Ina theannta sin, tá córas bainistíochta tionscadail i bhfeidhm ag an ÚNM a aithníonn na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le tionscadail aonair go luath sa togra mar aon leis na gníomhartha chun déileáil leo. Rinne an tÚdarás beartas bainistíochta tionscadail an ÚNM a fhaomhadh, ar dearadh é chun na heilimintí riachtanacha sa bhainistíocht tionscadal lena n-áirítear an measúnú ar rioscaí tionscadail a chur i bhfeidhm, agus cuireadh i bhfeidhm é le linn 2019. Tá creat Bainistíochta Tionscadail i bhfeidhm ag an ÚNM ó bhí 2014 ann.

Déantar próifíl ar bhuiséad an ÚNM ag tús na bliana agus déantar é a leithdháileadh i measc na míreanna ábhartha mar atá faofa ag an Údarás, lena n-áirítear párolla, seirbhísí lárnacha agus

oibreacha coimisiúnaithe. Déantar athbhreithniú ar an bpróifíl chaiteachais agus feidhmíochta mionsonraithe go rialta tríd na cuntais bhainistíochta míosúla, trí chruinnithe den Ghrúpa Bainistíochta Sinseartha, tríd na Coistí Airgeadais agus Iniúchóireachta, agus trí tuarascálacha a thugtar don Údarás mar mhíreanna seasta ar an gclár oibre. Réitítear na cuntais bhainistíochta míosúla le tuarascálacha ar chaiteachas a fuarthas ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus tuarascálacha ón Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla faoin Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá tuarascálacha ardchaighdeán ó ionaid sheirbhísí comhroinnte tábhachtach chun bonn eolais a chur faoin mhonatóireacht éifeachtach ar an rialú.

Córais TFC agus Sócmhainní TFC

Baineann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais leas as seirbhísí tacaíochta comhroinnte TFC ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an tseirbhís chomhroinnte bainistíochta clódóireachta trí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Bunaíodh Comhaontú Leibhéal Seirbhíse ar feadh tréimhse 3 bliana eile i mí na Samhna 2019 leis an Roinn maidir leis an tseirbhís TFC agus tá socruithe i bhfeidhm chun córais ÚNM a chúltaca.

Is ábhar misnigh í an litir agus an ráiteas dearbhaithe ó Cheannasaí TFC sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ina ndeirtear go bhfuil rialú TF dóthanach i bhfeidhm agus go bhfuil sé ag obair go héifeachtach. Tá ráiteas dearbhuithe mar aguisín leis an litir, ag cumhdach bainistíochta faisnéise lena n-áirítear slándáil agus príobháideacht; athshlánú ó thubaistí TFC; socruithe SLA; slándáil bonneagair TFC; bainistíocht sócmhainní TFC; Cosaint Sonraí; Slándáil Sócmhainní Soghluaiste; Líonraí Cumarsáide; Rialachas TFC agus cleachtais Bainistíochta Tionscadal.

Déantar sócmhainní TF a thaifeadadh ar Chlár Sócmhainní na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus seiceáiltear iad go rialta. Déantar gach sócmhainn eile a thaifeadadh ar Chlár Sócmhainní an Údaráis agus seiceáiltear iad sin freisin go rialta. Caitear le sócmhainní sna ráitis airgeadais ag teacht leis na rátaí dímheasa iomchuí.

Seirbhísí Airgeadais Comhroinnte

dtaca le rialuithe na Seirbhíse Comhroinnte Airgeadais. Faigheann an ÚNM tuairisc uair sa mhí ón Roinn maidir leis an gcaiteachas agus déantar iad a réiteach gach uile mhí le sonraí an ÚNM ar an gcaiteachas agus ar phróifíl bhuiséid. Faigheann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais deimhniú ón gcóras rialaithe laistigh den Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi mar a thuairiscíonn Rúnaí Cúnta na Roinne Seirbhísí Corparáideacha.

Cuireann an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Párolla (an ISCP) seirbhísí comhroinnte ar fáil don ÚNM freisin faoin Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (an ONSC) na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an tseirbhís cumhdaithe ag Comhaontú Seirbhíse (CS) idir an ISCP agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Bunaíodh Meabhrán Tuisceana chun an tseirbhís seo a sholáthar in Aibreán 2020 go díreach idir an ONSC agus an tÚdarás Náisiúnta Míchumais.

Cuireann an ISCP tuairiscí párolla ar fáil don ÚNM gach coicís. Cumhdaíodh na rialuithe a oibríonn an ÚNM maidir le párolla nuair a bhí iniúchadh inmheánach á dhéanamh ar Rialuithe Inmheánacha a rinneadh sa chéad ráithe in 2020. Anuas air sin, bhí na nósanna imeachta párolla mar chuid de Phróiseas Athbhreithnithe ar leith ar na Ráitis Airgeadais a críochnaíodh in 2018.

An Chalaois agus Neamhrialtachtaí

Níl aon cheisteanna calaoise nó neamhrialtachtaí le tabhairt le fios don bhliain 2019.

Tá Beartas um Nochtadh Cosanta ag an Údarás agus nósanna imeachta chun nochtaí cosanta agus aon teagmhais nó neamhrialtachtaí calaoise líomhnaithe a fhógairt. Rinneadh an beartas seo, ina bhfuil leagtha amach na struchtúir agus na próisis chun nochtaí a fháil agus a láimhseáil, agus chun tuairiscí a dhéanamh ar bhonn bliantúil maidir le haon nochtadh, a nuashonrú agus a fhaomhadh i mí na Samhna 2019.

Is iad seo a leanas na páirtithe a gheobhaidh fógra maidir le teagmhais dá leithéid sin:

An Coiste Iniúcháireachta
Comhaltaí an Údaráis
Ceannasaí na Seirbhíse Iniúchta Inmheánaigh
Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais
An tAire (mar is iomchuí)
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
An Garda Síochána, mar is cuí

Níor tuairiscíodh aon Nochtadh Cosanta in 2019. Coinníonn an tÚdarás Náisiúnta Míchumais clár um Nochtadh Cosanta agus teagmhais calaoise a líomhnaítear. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás Náisiúnta Míchumais lena chinntiú go ndéantar imscrúdú orthu. Le linn 2019, fuair baill agus baill foirne an Údaráis oiliúint nuashonraithe um Nochtadh Cosanta, arna seachadadh ag Transparency International. De réir alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, d'fhoilsigh an ÚNM a Thuarascáil Bhliantúil ar Nochtadh Cosanta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 an 2 Iúil 2020.

Comhlíontacht Cánach

Déantar an chuid is mó d'íocaíochtaí an UNM a phróiseáil trí sheirbhísí airgeadais comhroinnte, agus ina measc siúd áirítear:

- Sonraisc a íoc trí Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais faoin Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais atá lonnaithe i gCill Áirne, Co. Chiarraí.
- Íoctar tuarastail, pinsin, cnapshuimeanna pinsin agus taisteal agus cothabháil tríd an Lárionad na Seirbhísí Párolla Comhroinnte faoin Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déantar caiteachas i dtaca le cáin faoi CBL agus uimhreacha cánach na Fhostóirí de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Cloíonn an tÚdarás le riachtanais chun Cáin Shiarchoinneálach um Sheirbhísí Gairmiúla a chur i bhfeidhm.

An Chuntasacht

Ullmhaíonn an tÚdarás Plean Straitéiseach gach 3 bliana faoin Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, a chuirtear isteach chuig an Aire Dlí agus Cirt lena fhaomhadh. Cheadaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an plean reatha don tréimhse ó 2019 go 2021 i rith 2018 agus cuireadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais é. Tá na pleananna oibre bliantúla ar aon dul le tosaíochtaí straitéiseacha agus tugann an bhainistíocht shinsearach tuairiscí don Údarás go rialta maidir le dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na bpleananna.

Tá forbairt, cothabháil agus monatóireacht leanúnach á déanamh ar an gcóras rialaithe inmheánaigh atá dinimiciúil ar aon nós agus sin á dhéanamh mar fhreagra ar na riachtanais atá ag teacht chun cinn san eagraíocht. I measc na bpríomhghnéithe, na bpróiseas agus nósanna imeachta atá ann, áirítear iad seo a leanas:

- Deighilt shoiléir idir ról an Chathaoirligh agus an Stiúrthóra mar atá leagtha amach i lámhleabhar rialachais UNM;
- Doiciméadú déanta ar nósanna imeachta do phríomhphróisis gnó; freagrachtaí airgeadais sannaithe ag leibhéal na bainistíochta agus cuntasacht chuig ag gabháil leo;
- Próiseas tuairiscithe rialta i bhfeidhm agus creat nósanna imeachta riaracháin a chuimsíonn deighilt dualgais, córas tarmligin agus cuntasáíochta, agus córas chun an caiteachas a údarú.
- Tá polasaithe agus nósanna imeachta i bhfeidhm atá deartha chun cur leis an gcomhlíonadh maidir le riachtanais pá agus taistil de réir chiorclán na Roinne Airgeadais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Tá comhaontú curtha i bhfeidhm ag an eagraíocht leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le seachadadh na feidhmíochta, agus tá cruinnithe rialachais rialta aici leis an Roinn sin maidir leis an seachadadh atá bainte amach san eagraíocht.
- Ag gach Coiste den Údarás, i.e. na Coistí Iniúchóireachta, Airgeadais, Riosca agus Athbhreithnithe ar Fheidhmiú an Stiúrthóra, tá a dtéarmaí tagartha féin atá faoi réir athbhreithnithe ag an Údarás. Rinne an tÚdarás agus a Choistí Airgeadais agus Iniúchóireachta athbhreithniú ar a bhfeidhmíocht i rith Ráithe 2 2019 maidir leis an tréimhse 12 mhí roimhe sin;
- Rinne an Coiste Iniúchóireachta machnamh ar cibé an leanfaidh an Coiste Riosca ar leith ar aghaidh agus measadh gur chuir sé sin luach le hobair an Choiste Iniúchóireachta a dhéanann maoirseacht ar an mbainistiú riosca. Cheadaigh an tÚdarás an cur chuige seo. Bhí athbhreithniú riosca a coimisiúnaíodh ag deireadh 2019 eolasach ina leith seo freisin;
- Tháinig an Coiste um Athbhreithniú ar Fheidhmiú an Stiúrthóra le chéile in 2019 chun teacht ar chomhaontú maidir le freagrachtaí agus gníomhartha an Stiúrthóra ar aon dul le clár oibre an UNM mar atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach agus sa Phlean Oibre Bliantúil. Déanann an Coiste tuairisc don Údarás agus coimeádann sé an Stiúrthóir ar an eolas maidir le tuairimí agus moltaí an Údaráis.
- Chuir an tÚdarás tús le pleanáil comharbais do ról Stiúrthóir an ÚNM i Meán Fómhair 2019, chun na hullmhúcháin riachtanacha a dhéanamh roimh scor an téarma reatha. Críochnaíodh é seo in Iúil 2020 ar stiúrthóir nua a cheapadh agus rinneadh i gcomhréir leis an sceideal ceistenna nach féidir ach leis an Údarás cinneadh a dhéanamh fúthu agus leag sé freagracht as maoirseacht a dhéanamh ar earcaíocht ar an gCoiste Feidhmíochta;

- Tá córais ann atá ann chun a chinntiú go gcoimeádfar na córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide slán. Tá Comhaontú Seirbhíse i bhfeidhm ag an UNM maidir leis an tseirbhís tacaíochta TFC a chomhroinnt, i.e. an tseirbhís a úsáideann sé faoin Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais;
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint agus chun iad a thairisciú.
- Oibríonn Feidhmeannas an ÚNM go leanúnach chun feabhas a chur ar chórais rialaithe agus chun tuairisc a chur ina leith faoi bhráid na gCoistí Iniúchóireachta agus Airgeadais;
- Cuirtear an Tuarascáil Bhliantúil le chéile leis na ráitis airgeadais agus foilsíonn an UNM í tar éis í a bheith curtha faoi bhráid an Oireachtais.

Tá lámhleabhar an UNM maidir le Rialachas Corparáideach ailínithe leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Tá leagtha amach sa lámhleabhar an ról atá ag baill an Údaráis agus an Fheidhmeannais, agus nósanna imeachta chun údarás a tharmligeán, cinntí a dhéanamh, coimhlint leasa agus cúrsaí eile.

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí, Oifigeach um Shaoráil Faisnéise agus Oifigeach Riosca san Údarás Náisiúnta Míchumais. Ar aon dul leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, tá an ÚNM ag obair chun comhlíonadh an Rialacháin a choinneáil trína ghníomhaíochtaí oibríochta ó lá go lá.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha i mbun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe, agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh sna réimsí iomchuí, le forálacha chun an bhainistíocht, an tÚdarás agus a choistí a chur ar an eolas, nuair is iomchuí, ar bhonn caoithiúil.

Deimhním go bhfuil an córais mhonatóireachta leanúnacha ag seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a thugtar le fios a shainithnítear, ina gcasann an Coiste Bainistíochta Riosca ar a chéile ar a laghad dhá uair sa bhliain, agus casann an Coiste Iniúchóireachta ar a chéile ar a laghad gach ráithe;
- Tuairiscíonn an Stiúrthóir don Údarás gach dhá mhí ar nithe maidir leis an eagraíocht, rialachas, pleananna gnó agus tionscadail, ag cur aon nithe óna dteastaíonn cead faoi bhráid an Údaráis;
- Déanann an Stiúrthóir monatóireacht ar fheidhmíocht chaiteachais agus cinntíonn sé go bhfuil ndéanann an ardbhainistíocht athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil maidir le cur i bhfeidhm buiséid agus tionscadal. Áirítear leis sin athbhreithniú ar chuntais bainistíochta míosúla agus ar riaradh an chórais bainistíochta tionscadal, a thacaíonn le tomhas feidhmíochta i gcoinne tiomantais agus buiséid/réamhaisnéisí sa phlean oibre.
- Is mír bhuan é an bhainistíocht riosca ar chlár oibre an Údaráis;
- Leagadh síos socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal áit ina bhfuil freagracht do bhainistíocht airgeadais sannta. Tuairiscíonn an tOifigeach Airgeadais don Bhainisteoir Seirbhísí Corparáideacha agus cuireann sé cuntais mhíosúla ar fáil i gcomhair athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach, an Coise Airgeadais agus an tÚdarás. Déanann an Coiste Airgeadais machnamh ar an anailís airgeadais a chuireann an grúpa bainistíochta sinsearaí le chéile agus tuairiscíonn don Údarás maidir le feidhmíocht. Tagann an Coiste Airgeadais le chéile 4- 6 huair in aghaidh na bliana chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht caiteachais agus ar bhainistiú buiséid;

- Tá éifeachtacht na rialuithe faoi réir iniúchtaí neamhspleácha atá á dtreorú ag clár iniúchta arna chinneadh ag an gCoiste Iniúcháireachta. Le haghaidh 2019 áiríodh leis sin athbhreithniú ar nósanna imeachta airgeadais an Údaráis Náisiúnta Míchumais mar aon le hathbhreithniú ar rialuithe inmheánacha. Déanann an coiste iniúcháireachta machnamh ar thuarascálacha iniúchtaí agus cuirtear faoi bhráid an Údaráis iad;
- Tá staidéar déanta ag an Údarás ar na tuarascálacha iniúchta atá déanta in 2018, lena n-áirítear an t-athbhreithniú ar an rialú inmheánach agus an t-athbhreithniú ar ullmhúchán na gcuntas, agus tá sé sásta go bhfuil rialú éifeachtach i bhfeidhm.

An Soláthar

Deimhnímh go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an ÚNM le comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirilínte reatha soláthair agus gur chomhlíon an ÚNM na nósanna imeachta siúd i rith 2019, seachas i gcás amháin inar tabhaíodh caiteachas €18,785 chun conradh nua le haghaidh slándála a bhunú. B'éard ba chúis leis an moill ná gur ghá comórtas tairisceana a chur ar siúl arís eile chun conraitheoir a roghnú. I ndiaidh gur cuireadh an dara comórtas tairisceana ar siúl i mí na Nollag 2018, sainithníodh socrú nua seirbhíse agus cuireadh conradh i bhfeidhm in Aibreán 2019.

Tá polasaí doiciméadaithe i bhfeidhm ag an UNM mar aon le córais chun conarthaí a mheas agus a bhronnadh, agus torthaí soláthair a chur faoi bhráid an Údaráis. Lean an UNM air ag cur le nósanna imeachta agus cleachtadh soláthair reatha i rith na bliana.

Athbhreithniú ar an Éifeachtúlacht

Deimhnímh go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás Náisiúnta Míchumais chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh á dtreorú ag obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúcháireachta a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Údarás atá freagrach as forbairt agus as cothabháil a chreata rialaithe inmheánaigh.

Tugadh faoin athbhreithniú neamhspleách bliantúil ar rialuithe inmheánacha go luath in 2020. Measadh go gcuireann Iniúcháireacht Inmheánach meastóireacht agus tuairim oibiachtúil ar fáil ar éifeachtacht chreat rialachais, bhainistíocht riosca agus rialú an ÚNM. Is é an tátal a baineadh ón iniúchadh seo, go mór mór, ná go bhfuil rialuithe inmheánacha éifeachtacha i bhfeidhm. Rinne an Coiste Iniúcháireachta tuairisc an iniúchta seo a bhreithniú agus a fhaomhadh an 19 Márta 2020 agus cuireadh faoi bhráid an Údaráis í chun breithniú a dhéanamh uirthi agus chun suntas a thabhairt di ag an gcruinniú a thionóil sé an 26 Márta 2020. Thug an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí faoi athbhreithniú freisin ar Lámhleabhar Nósanna Imeachta Airgeadais an ÚNM i Samhain 2019 agus eisíodh an tuarascáil in Iúil 2020. Déanfaidh na Coistí Iniúcháireachta agus Airgeadais agus an tÚdarás breithniú ar an tuarascáil agus tá súil leis go gcuirfear moltaí i bhfeidhm faoi dheireadh 2020.

Rinne an Coiste Iniúcháireachta machnamh ar chur i bhfeidhm mholtaí agus torthaí iniúchta (iniúcháireachta inmheánacha agus seachtracha araon) a bhí déanta roimhe seo agus tugadh dearbhú maidir leo sin ina dtuarascáil bhliantúil don Údarás i mí na Samhna 2019 maidir leis sin.

Ghlac an tÚdarás leis an ráiteas maidir le rialú inmheánach anuas ar phlé agus machnamh ar gach deimhniú a tugadh.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2019, seachas an mhoill a bhí ar an gconradh seirbhíse slándála nua a sholáthar.



Helen Guinan,
Cathaoirleach
17 Meán Fómhair 2020



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais - An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Míchumais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 17 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, achoimre ina measc ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis Náisiúnta Míchumais an 31 Nollaig 2019 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2019 i gcomhréir le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 – *an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús na tuairime

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht (CIIanna) faoi mar a d'fhógair an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin siúd san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ón Údarás agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eiticiúil i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúcháireachta a fuair mé chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

Tuairisciú ar fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar cheisteanna eile

Chuir an tÚdarás faisnéis áirithe eile i láthair, sa mhullach ar na ráitis airgeadais. Cuimsítear ann seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí chun tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis siúd, agus ar cheisteanna áirithe eile ar a dtuairiscím mar eisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tabhairt le fios agam ina leith sin.

Orla Duane

**Le haghaidh agus thar ceann An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
An 22 Meán Fómhair 2020**

Aguisín leis an tuarascáil Freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis

Faoi mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Údaráis, tá comhaltaí an Údaráis freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 17 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999
- a chinntiú go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid an ghnóthais leantaigh chuntasaíochta cuí, agus
- an rialú inmheánach sin a dheimhníonn siad is gá lena chumasú ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 17 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999 chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis agus chun tuairisciú a dhéanamh orthu le Tithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus mé ag tabhairt faoin iniúchadh dearbhú réasúnta a fháil faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais, ina n-iomláine, saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal de dhearbhu, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithfidh iniúchadh faoina dtugtar i gcomhréir leis na Cllanna i gcónaí míshonrú ábhartha nuair is ann dó. Féadfaidh míshonruithe eascairt ó chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más féidir súil réasúnta a bheith leis go n-imreoidh siad tionchar ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhunús na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Cllanna, déanaim breithiúnas gairmiúil agus leanann amhras gairmiúil a bheith orm i gcaitheamh an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh agam,

- Sainaitnínm agus measúnaím na rioscaí i leith mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis, dearaim agus tugaim faoi nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn ar na rioscaí siúd, agus faighim fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí í le bunús a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca a chruthaítear nuair nach mbraitear míshonrú ábhartha a eascraíonn as calaois níos airde ná riosca a eascraíonn as earráid, mar gheall go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, míléiriú, nó gabháil i dtreis ar rialú inmheánach.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá cuí faoi na cúinsí, ach nach bhfuil cuí ar mhaithe le tuairim a léiriú faoi éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta ghaolmhair.
- Bainim tátal a bhaint as oiriúnacht na húsáide a bhaintear an bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, cé acu arb ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh cumas an Údaráis a chur faoi amhras suntasach chun leanúint mar ghnóthas leantach. Má bhainim an tátal as gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a thabhairt i mo thuarascáil ar an nochtheadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura cuí an nochtheadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a bhunathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas a fhad le dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh go mbeadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo mar chúis leis, áfach, go gcuirfidh an tÚdarás deireadh le leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, an nochtheadh san áireamh, agus cé acu an léirítear nó nach léirítear sna ráitis airgeadais na bun-idirbhearta agus imeachtaí ar bhealach a bhaineann cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas i ndáil le, i measc ceisteanna eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, aon easnaimh i rialú inmheánach ina measc a shainaithnímid i rith m'iniúchta.

Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis siúd agus ní léiríonn aon fhoirm de chonclúid dearbhaithe faoi.

I dtaobh m'iniúchta ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Cllanna chun an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, nuair atá amhlaidh á dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó an t-eolas a fuair mé san iniúchadh, nó más dealraitheach, ar bhealach eile, go ndearnadh an fhaisnéis eile a mhíshonrú go hábhartha. Má bhainim an tátal as, bunaithe ar an obair a rinne mé, go ndearnadh an fhaisnéis eile seo a mhíshonrú go hábhartha, tá orm sin a thabhairt le fios.

Tuairisciú ar cheisteanna eile

Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithniúcháin speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím má shainaithním ceisteanna ábhartha lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Lorgaím fianaise a fháil faoi rialacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta. Tuairiscím más shainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú.

Tuairiscím, trí eisceacht, chomh maith, sna cásanna seo a leanas:

- Ní bhfuair mé, i mo thuairim, an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- I mo thuairim, níor leor na taifid

chuntasaíochta lena ligean dom na ráitis airgeadais a léamh gan stró agus a iniúchadh i gceart, nó

- Níl na ráitis airgeadais, i mo thuairim, i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTE IONCAIM COINNITHE
Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

	Nóta	2019 €	2018 €
Ioncam			
Deontais ón Oireachtas	2	4,275,899	3,939,786
Glan-Mhaoiniú Pinsin larchurtha	3	455,100	401,900
Ioncam Eile	4	200,809	137,266
Aistriú ó/(chuig) an gCuntas Caipitil	7	55,305	36,982
Ioncam Iomlán		4,987,113	4,515,934
Caiteachas			
Tionscadail agus Oibreacha Coimisiúnaithe Iníoctha	5	577,516	561,238
Costais Riaracháin agus Oibriúcháin	6	3,264,407	2,975,414
Costais Sochair Scoir	3	975,100	1,018,700
Laghdú ar luach na sócmhainní seasta	8	75,686	77,651
Caiteachas Iomlán		4,892,709	4,633,003
Barrachas/(Easnamh) don bhliain	9	94,404	(117,069)
Iarmhéid tugtha anonn amhail an 1 Eanáir 2019			
		259,689	376,758
Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig 2019		354,093	259,689

Is cuid dílis de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 16

Thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Míchumais:



Helen Guinan
Cathaoirleach
17 Meán Fómhair 2020



Kathryn O' Donoghue
Ball de chuid an Údaráis
18 Meán Fómhair 2020



Dr Aileen Hartney
Stiúrthóir
17 Meán Fómhair 2020

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
RÁITEAS AR AN IONCAM CUIMSITHEACH
Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

	Nóta	2019 €	2018 €
Barrachas/(Easnamh)		94,404	(117,069)
Gnóthachain / (caillteanas) achtúireach ar oibleagáidí sochair scoir	3	(2,152,700)	2,631,300
Coigeartú ar an maoiniú pinsin iarchurtha		2,152,700	(2,631,300)
Ioncam/(caillteanas) Cuimsitheach Iomlán don bhliain		94,404	(117,069)

Is cuid dílis de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 16.

Thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Míchumais:



Helen Guinan
Cathaoirleach
17 Meán Fómhair 2020



Kathryn O' Donoghue
Ball de chuid an Údaráis
18 Meán Fómhair 2020



Dr Aileen Hartney
Stiúrthóir
17 Meán Fómhair 2020

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
AN RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS
Amhail an 31 Nollaig 2019

	Nóta	2019 €	2018 €
Sócmhainní Seasta			
Maoín, innealra & trealamh	8	2,921,779	2,977,084
Sócmhainní Seasta Iomlána		2,921,779	2,977,084
Sócmhainní Reatha			
Infháltais	10	500,073	388,061
Airgead tirim agus a choibhéis		45,224	53,940
		545,297	442,001
Dliteanais Reatha (Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)			
Suimeanna iníoctha	11	(181,204)	(172,312)
Glansócmhainní Reatha		364,093	269,689
Dliteanais fhadtéarmacha (suimeanna dlite tar éis bliain amháin)			
Éarlais cíosa coinnithe	12	(10,000)	(10,000)
Sochair Scoir			
Sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha	3	(26,742,400)	(24,134,600)
Comaoín um shocair scoir	3	26,742,400	24,134,600
Glansócmhainní Iomlána		3,275,872	3,236,773
Arna léiriú ag			
An cuntas caipitil	7	2,921,779	2,977,084
Cúlchiste ioncaim choinnithe		354,093	259,689
		3,275,872	3,236,773

Is cuid dílis de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 15.

Thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Míchumais:



Helen Guinan
 Cathaoirleach
 17 Meán Fómhair 2020



Kathryn O' Donoghue
 Ball de chuid an Údaráis
 18 Meán Fómhair 2020



Dr Aideen Hartney
 Stiúrthóir
 17 Meán Fómhair 2020

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
RÁITEAS AR AN SREABHADH AIRGID
 Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

	2019 €	2018 €
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas Ioncaim thar Caiteachas	39,099	(154,051)
Dímheas Sócmhainní Seasta	75,686	77,651
(Méadú)/Laghdú ar infháltais	(112,012)	64,169
(Laghdú)/Méadú ar Shuimeanna Iníoctha	8,892	54,539
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	11,665	42,308
Sreafaí Airgid ó Oibriúcháin Infheistithe		
Íocaíochtaí chun Maoin, Gléasra agus Trealamh a shealbhú	(20,381)	(40,669)
Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta	(20,381)	(40,669)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais		
Ús Bainc faighte	-	-
Glanshreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais	-	-
Glan (laghdú)/glanmhéadú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim	(8,716)	1,639
Airgead tirim agus a choibhéis amhail an 1 Eanáir 2019	53,940	52,301
Airgead tirim nó a choibhéis amhail an 31 Nollaig 2019	45,224	53,940

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá bunús na mbeartas cuntasaíochta agus cuntasaíochta suntasach arna nglacadh ag an Údarás Náisiúnta Míchumais (An ÚNM / An tÚdarás) leagtha amach thíos. Táthar tar éis iad go léir a chur i bhfeidhm go seasta ar fad na bliana agus ar fad na bliana a tháinig roimhe sin. Is in Euro (€) atá na ráitis airgeadais curtha i láthair.

a) Faisnéis Ghinearálta

Cuireadh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ar bun faoi alt 6 den Acht Náisiúnta Míchumais 1999, agus a áitreabh ag 25 Bóthar Chluaidh, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4 an 12 Meitheamh 2000 ar dhíscaoileadh an iar-eagraíochta, an Bord Náisiúnta Athshlánúcháin (NRB).

Is é príomhfheidhm an Údaráis Náisiúnta Míchumais (an ÚNM) comhairle a chur ar an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le saincheistanna beartais agus cleachtais atá ábhartha do shaol daoine faoi mhíchumas.

Áirítear ar na feidhmeanna ar leith atá ag an Údarás Náisiúnta Míchumais mar atá leagtha amach in alt 8 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999:

- Gníomhú mar chomhlacht náisiúnta lárnach a chuideoidh leis an Aire i dtaca le comhordú agus forbairt beartais maidir le daoine faoi mhíchumas.
- Tionscadail agus gníomhaíochtaí taighde ar shaincheistanna maidir le míchumas a ghabháil de láimh nó a choimisiúnú, nó comhoibriú iontu, agus cuidiú a thabhairt i dtaca le forbairt faisnéise staidrimh is cuí chun pleanáil, soláthar agus faireachán a dhéanamh maidir le cláir agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.
- Comhairle a thabhairt don Aire maidir le caighdeán chuí le haghaidh clár agus seirbhísí a sholáthraítear nó atá le soláthar do dhaoine faoi mhíchumas agus gníomhú mar chomhlacht comhairleach i leith caighdeán ghinearálta agus caighdeán shonrach a fhorbairt i ndáil leis na cláir agus na seirbhísí sin.
- Faireachán a dhéanamh ar fhorfheidhmiú caighdeán agus cód cleachtais i gcláir agus seirbhísí a sholáthraítear do dhaoine faoi mhíchumas agus tuarascáil a thabhairt don Aire ar an gcéanna.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí eile, idir chomhlachtaí corpraithe agus chomhlachtaí neamhcorpraithe, a bhfuil baint acu le seirbhísí a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas agus éascú agus tacú a dhéanamh maidir le forbairt agus forfheidhmiú caighdeán cuí le haghaidh clár agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.
- Cóid chleachtais a ullmhú arb é is cuspóir dóibh aidhm i leith dea-chaighdeán agus dea-cháilíocht a bhaint amach i dtaca le soláthar clár agus seirbhísí a sholáthraítear nó atá le soláthar do dhaoine faoi mhíchumas.
- Aitheantas a thabhairt do ghnóthú dea-chaighdeán agus dea-cháilíochta le linn cláir agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a sholáthar lena n-áirítear trí chóras dámhachtainí comhionannais míchumais a sholáthar.
- Pleananna straitéiseacha a ullmhú.

Áirítear na nithe seo a leanas le feidhmeanna breise an Údaráis faoin Acht Míchumais, 2005:

- Cóid chleachtais a ullmhú a bhaineann le hinrochtaineacht foirgneamh poiblí, seirbhísí agus acmhainní faisnéise agus láithreáin oidhreacht ar iarraidh an Aire (Cuid 3).
- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh spriocanna reachtúla agus a chinntiú go bhfuil siad á gcur i bhfeidhm maidir le hearcaíocht agus fostaíocht daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí, gníomhartha a mholadh a bheidh le glacadh i gcás nach bhfuil na spriocanna sin á gcomhlíonadh, agus cóid chleachtais a ullmhú nuair a iarrtar sin (Cuid 5).
- Ionad Barr Feabhais sa Dearadh Uilíoch a bhunú agus a fheidhmiú maidir leis an timpeallacht thógtha, táirgí, seirbhísí agus teicneolaíocht na faisnéise a chuirfidh prionsabail an dearadh uilíoch chun cinn ionas go bhféadfaidh daoine faoi mhíchumas gach ceann acu sin a rochtain, a thuiscint agus a úsáid a mhéid is praiticiúil:
- Ar an mbealach is neamhspleáiche agus nádúrtha, agus
- Sa raon is leithne de chásanna gan gá a bheith le hoiriúnú, modhnú, fearais chuiditheacha nó réitigh speisialaithe (Cuid 6).

b) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Míchumais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 i gcomhréir le FRS102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn agus a d'éisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (an CTA), arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

c) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ag úsáid an mhodha fabhrúithe cuntasáíochta, cé is moite den mhéid a thugtar le fios thíos agus de réir FRS 102 faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais a mholann comhlachtaí cuntasáíochta aitheanta de réir mar a bhíonn siad i mbun oibre. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm arna ceadú ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá na beartais chuntasáíochta seo a leanas curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le míreanna, a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Míchumais.

d) An tIoncam Reatha

Deontais ón Oireachtas

Faigheann an tÚdarás deontas gach bliain ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais de réir mar a fhoráiltear san Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999. Aithnítear Deontais ón Oireachtas ar bhonn fáltas airgid thirim.

Ioncam Eile

Is éard a chuimsítear in Ioncam Eile cíós, cistiú FSS agus sochair leasa shóisialaigh agus tuairiscítear é ar bhonn fabhrúithe.

e) Maoin, Gléasra agus Trealamh

Is ar a gcostas lúide an dímheas carnach atá maoin, gléasra agus trealamh léirithe, oiriúnaithe d'aon soláthar le bearnúchán. Soláthraítear dímheas ar an maoin, gléasra agus trealamh go léir ag rátaí a mheastar chun an costas a dhíscríobh lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn líne díri nó ar bhonn na hiarmhéide laghdaithe, ceachtar díobh, thar a saol úsáideach measta, mar seo a leanas:

- | | |
|--|---|
| (i) Réadmhaoin ar ruileas | 2.5% in aghaidh na bliana (Iarmhéid laghdaithe) |
| (ii) Daingneáin agus Feistis, Trealamh | 10% in aghaidh na bliana (Líne dhíreach) |
| (iii) Crua-earraí agus Bogearraí Ríomhaire | 20% in aghaidh na bliana (Líne dhíreach) |

Is éard atá i gceist leis an luach iarmharach ná an luach measta a bhainfear amach ó dhúscairt sócmhainne faoi láthair, tar éis do na costais measta diúscairte a bheith bainte de, de réir mar a bheadh an sócmhainn roimhe seo ar an aois lena mbeifear ag súil leis a bheith mar dheireadh a shaol úsáide, agus an baill sin air.

Má tá fianaise oibiachtúil ann de bhearnú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas bearnaithe sa Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

f) An Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach gan amúchadh an ioncaim a úsáidtear chun críocha caipitil (i.e. éadálacha).

g) Infháltais

Tuairiscítear infháltais ar a luach cóir, lúide soláthar i leith fiacha amhrasacha. Is foráil shonrach an fhoráil d'fhiachais amhrasacha, agus leagtar síos é nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais in ann gach suim atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht i soláthar fiachas amhrasach sa Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

h) Sochair d'fhostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Tuairiscítear sochair ghearrthéarmacha, ar nós pá saoire, mar chostas sa bhliain. Áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Feidhmíonn an ÚNM scéim aoisliúntais sochair sainithe don fhoireann a mhaoínítear go bliantúil ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgead a chuireann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar fáil agus ó ranníocaíochtaí foirne arna sealbhú ag an Roinn thar ceann an Údaráis agus a chuirtear chun sochair cuntais fionraí ar mhórleabhar Vóta na Roinne. Íoctar teidlíochtaí cnapshuime le foireann atá ag dul ar scor amach as an gcuntas fionraí ach íoctar íocaíochtaí pinsin míosúla d'fhoireann ar scor amach as ioncam reatha.

Suas go dtí deireadh na bliana 2019, bhí 11 ball foirne laistigh de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair"), ar scéim sochair shainithe é do státseirbhísigh inphinsin a cheaptar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. ocann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léirítear i gcostais phinsin sochair phinsin a thuilleann fostaithe agus iar-fhostaithe an iar-Bhoird Náisiúnta Athshlánúcháin, ranníocaíochtaí na scéime aonair, nuair is iomchuí, agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne, a bhíonn á sealbhú ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus a íoctar leis an RCPA (i gcás comhaltaí na scéime aonair). Aithnítear suim atá cothrom leis an táille um phinsean mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus seach-churtha ag deontais a fuarthas sa bhliain d'fhoillíocaíochtaí pinsin a scaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ar dhliteanais scéime sa Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim atá inghnóthaithe ó Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a éiríonn ó oibleagáidí pinsin ÚNM agus aon mhaoiniú gaolmhar, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasáíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Tomhaistear dliteanais na scéim sochair scoir ar bhonn achtúireach ag úsáid an mhodha creidmheasa aonaid réamh-mheasta.

i) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Thábhachtacha

Is gá bainistíocht a dhéanamh ar ullmhú na ráiteas airgeadais chun breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a dhéanann difear do na suimeanna a tugadh le fios le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail an dáta tuairiscithe agus na suimeanna a tugadh le fios le haghaidh ioncam agus costas i rith na bliana. Mar sin féin, mar gheall gur meastachán atá i gceist ciallaíonn sé sin go bhféadfadh difear a bheith idir torthaí iarbhair agus na meastacháin sin. Bhí an tionchar is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar mhéideanna a aithníodh sna ráitis airgeadais.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne an feidhmeannas athbhreithniú ar shaoil sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara aicmí na sócmhainní seasta go léir, agus go háirithe, saol eacnamaíoch úsáideach agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus bhain de thátaí as go bhfuil saoil sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na boinn tuisceana atá mar bhonn ag na luachálacha achtúireacha dá gcinntear na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaire, rátaí an mhéadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí i dtreochtaí maidir le costas cúram sláinte) a thabhairt chun dáta gach bliain bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus maidir le haon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis an méid seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

- (i) an ráta lascaire, athruithe ar ráta an toraidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán
- (ii) an leibhéal cúitimh amach anseo, dálaí an mhargaidh saothair amach anseo
- (iii) rátaí treochta i gcostas cúram sláinte, ráta an bhoilscithe sa chostas leighis sa réigiúin ábhartha

2 Deontais ón Oireachtas

Cuimsíodh sna Deontais Oireachtais a vótáladh chuig an Údarás Náisiúnta Míchumais ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais mar a thaispeántar sna ráitis airgeadais:

	Note	2019 €	2018 €
Deontas don chaiteachas reatha	Vóta 24 Focheannteideal D3	4,275,899	3,939,786
		4,275,899	3,939,786

3 Costais Sochair Scoir

(a) Anailís ar na costais iomlána sochar scoir a gearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta

	2019 €	2018 €
Costais seirbhíse reatha	597,300	671,100
Ús ar Dhliteanais um shocair scoir na scéime	482,400	447,800
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(104,600)	(100,200)
	975,100	1,018,700

(b) Inathraitheacht sa ghlandliteanas sochar scoir le linn na bliana airgeadais

	2019 €	2018 €
Oibleagáid sochair scoir glanluachála amhail ar an 1 Eanáir	24,134,600	26,364,000
Costais seirbhíse reatha	597,300	671,100
Costais úis	482,400	447,800
(Gnóthachan)/caillteanas achtúireach	2,152,700	(2,631,300)
Pinsin a íocadh sa bhliain	(624,600)	(717,000)
Glan-oibleagáid sochair scoir amhail an 31 Nollaig	26,742,400	24,134,600

(c) Maoiniúcháin Iarchurtha le haghaidh sochair scoir

Tuairiscíonn an tÚdarás na suimeanna sin mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe i gcomhar sochar scoir bunaithe ar an tsraith toimhdí a bhfuil cur síos déanta orthu thuas agus roinnt teagmhas roimhe seo.

Ar na teagmhais seo, tá an bonn reachtúil leis an scéim sochair scoir a bhunú agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus próiseas na meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag an Údarás nach leanfaidh an beartas maoinithe seo ag freastal do shuímeanna den sórt sin de réir an chleachtais reatha.

Chomh maith leis sin, i gcás comhaltaí na scéime aonair, foráiltear in Alt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 d'íocaíochtaí pinsin a chistiú, de réir mar a bhíonn siad dlite trí íocaíochtaí a dhéanamh as an Lár-Chiste nó ó chistí a chuireann an tOireachtas ar fáil, don chuspóir sin.

Tuairiscítear an glan-mhaoiniú iarchurtha maidir le sochair scoir sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe mar seo a leanas:

	2019 €	2018 €
Cistiú atá inghnóthaithe maidir le costais sochar scoir na bliana reatha	1,079,700	1,118,900
Deontas stáit a úsáideadh chun íoc as sochair scoir	(624,600)	(717,000)
	455,100	401,900

Is ionann an sócmhainn maoiniúcháin iarchurtha le haghaidh sochair scoir amhail ar an 31 Nollaig 2019 agus €26.7 (2018: €24.1m)

(d) Cuir Síos Ginearálta ar an Scéimeanna

Is éard atá sa scéim sochair scoir ná socrú críochnúil faoi thuarastail le sochar sainithe. Dá réir, déantar tairbhíthe agus ranníocaíochtaí a shainiú trí chomparáid a dhéanamh le rialúcháin “múnla” reatha i scéimeanna san earnáil poiblí. Soláthraíonn an scéim pinsean (sin 1/80 in aghaidh gach bliain seirbhíse), aisce nó cnapshuim (sin 3/80 in aghaidh gach bliain seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí. Is í gnáthaois scoir comhalta a mbreithlá 65 bliain, agus tá teidlíocht ag comhaltaí atá ina gcomhaltaí ó thréimhse roimh 2004 dul ar scor gan laghdú achtúireach a chur i bhfeidhm ó aois 60. Tagann méadú ar phinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) ar aon dul le boilsciú tuarastail ginearálta na hearnála poiblí.

Glacann an ÚNM páirt freisin i Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (an scéim aonair). Is é an scéim seo an scéim pinsin le sochar sainithe d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís poiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin i gcomhréir leis an Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déantar soláthar sa scéim do chnapshuim phinsin agus scoir bunaithe ar luach saothair inphinsin meánach gairme, agus pinsin chéile agus leanaí. Is é an aois íosta ag a mbíonn pinsean iníoctha 66 bliain (ag ardú ar aon dul le hathruithe a tháinig ar aois an phinsin Stáit). Áirítear leis saoráid luathscoir a laghdaítear go hachtúireach ó aois 55. Tagann méadú ar phinsin atá á n-íoc ar aon dul leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh i gcomhair nochtadh FRS 102 ar luacháil achtúireach iomlán a rinne achtúire neamhspleách cáilithe i mí an Mhárta 2020, ag cur cheanglais FRS san áireamh d'fhonn dliteanais na scéime a mheas an 31 Nollaig 2019.

Ag seo a leanas, na príomhthoimhdí achtúireacha:

	2019	2018
Ráta an mhéadaithe sna tuarastail	3.4%	3.60%
Méaduithe Pinsin- Scéim aoisliúntais	2.4%	2.60%
Ráta lascaine	1.2%	2.00%
Ráta boilscithe	1.4%	1.60%
Méaduithe sa Phinsean Stáit	1.4%	1.60%
Méaduithe pinsin- SPSPS	1.4%	1.60%

An Ráta Báis

58% de ILT15 d'fhir le feabhsúcháin (féach thíos).

62% de ILT15 do mhná le feabhsúcháin (féach thíos).

Comhfheabhsúcháin bhliantúla ar rátaí blianachta 0.36% sa bhliain (Fir gan pinsean céile), 0.30% sa bhliain (Fir le pinsean céile), 0.30% sa bhliain (Mná gan pinsean céile), 25% sa bhliain (Mná le pinsean céile) do gach bliain idir 2014 agus an bhliain ina dtagann an gnáthdháta scoir aníos.

Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil a nglactar leis do chomhaltaí a bhaineann gnáthaois scoir amach in 2020 agus 2040.

Bliain inar baineadh 65 bliana d'aois amach	2020	2040
Ionchas saoil fear	21.3	22.9
Ionchas saoil ban	23.9	25.4

4. Ioncam Eile

	2019 €	2018 €
Leas Sóisialach	14,791	1,790
Ioncam Cíosa	56,703	56,703
Cistiú ón FSS	103,523	78,773
NEN Funding	25,792	-
	200,809	137,266

Baineann an figiúr 'Ioncam cíosa' €56,703 le hioncam cíosa cíós €38,000 agus €18,703 a bhaineann leis an muirear gaolmhar seirbhíse a d'íoc na tionóntaí a bhfuil urlár ag 25 Bóthar Chluaidh ár cíós acu ón ÚNM.

Faigheann an ÚNM maoiniú ón FSS chun 2 bhall foirne a thacú (1.5 coibhéis lánaimseartha) a oibríonn ar 2 thionscadal taighde ar leith de chuid an FSS.

5. Tionscadail agus Oibreacha Coimisiúnaithe

	2019 €	2018 €
Taighde	175,763	255,490
Acmhainní Faisnéise	11,301	12,694
Chur chun Cinn an Dearthá Uilíoch	51,415	91,919
Caighdeáin agus Treoirínte	156,670	59,395
Comhdháil agus Seimineáir	22,555	9,105
Comhairliúchán	-	1,683
Aistriúchán	2,963	3,788
Clár feasachta i leith an mhíchumais	156,849	127,164
	577,516	561,238

6. Costais Riaracháin agus Oibriúcháin

		2019 €	2018 €
Luach saothair agus costais phá eile	6(a)	2,420,176	2,236,353
Forchostais tógála agus feabhsúcháin		227,098	183,934
Rátaí		53,009	52,400
Seirbhísí glantacháin agus tí		46,131	54,191
Táillí agus costais an Údaráis		69,196	66,518
Postas agus teileachumarsáid		23,432	22,475
Costais oifige		45,983	36,348
Leabharlann		34,647	33,185
Costais TF		134,770	125,931
Táillí gairmiúla		65,776	57,096
Táillí iniúcháireachta		17,600	16,000
Oiliúint foirne		56,222	24,436
Táillí earcaíochta		30,084	34,210
Sainchomhairleoireacht		40,283	31,190
Fáilteachas		-	1,147
		3,264,407	2,975,414

(a) Luach saothair agus Costais Phá Eile

	2019 €	2018 €
Tuarastail foirne (lena n-áirítear fabhrú pá saoire)	2,260,611	2,108,434
Pá Fhoireann Gnómhaireachtaí	136,661	102,036
Costais taistil agus cothabhála foirne	22,904	25,883
	2,420,176	2,236,353

Tá tuarastail foirne tuairiscithe glan ar €50,616 a fhorchúitítear ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine i ndáil le 1 chomhalta foirne amháin atá ar iasacht (2018- €56,998).

Rinneadh conradh maidir le tacaíocht um sheirbhísí airgeadais trí ghnólacht cuntasóirí seachtracha don tréimhse suas go dtí deireadh 2019, nuair a d'éirigh linn daoine a fhostú trí chomórtas earcaíochta. Tá na costais chonartha curtha san áireamh i bPá na Foirne Gníomhaireachta.

Miondealú ar na Sochair Ghearrthéarma d'Fhostaithe

Réimse na sochar gearrthéarmach iomlán d'fhostaithe		Líon na bhFostaithe	
Ó	Go dtí	2019	2018
Níos lú ná	€59,999	21	21
€60,000	- €69,999	3	3
€70,000	- €79,999	3	7
€80,000	- €89,999	6	1
€90,000	- €99,999	1	1
Níos mó ná	€100,000	2	2
Líon iomlán atá fostaithe		36	35

Áirítear tuarastail leis na sochair gearrthéarmacha maidir le seirbhísí a cuireadh ar fáil i rith na tréimhse tuairiscithe, ach ní áirítear ÁSPC fostóra leo. Níor cuireadh aon sochair eile, ar nós pá saoire, san áireamh.

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí le haon chomhaltaí foirne maidir le ragobair nó sochair foirceanta (2018: €0).

Tháinig ball foirne amháin ar ais ó shos gairme in 2019.

Táillí agus Costais Chomhaltaí an Údaráis

	2019	2018
	€	€
Táillí an Údaráis	56,505	59,428
Costais taistil dhíreacha an Údaráis	5,769	7,090
Costais taistil indíreacha an Údaráis	6,402	-
Costais chomhdhála	520	-
	69,196	66,518

Cuimsítear €1,101 i dtáillí an Údaráis a bhaineann le hiarchomhalta agus €1,966 le haghaidh ÁSPC fostóra (2018: €0). Áirítear le costas taistil díreach an Údaráis freisin €2,005 a bhaineann le hiarchomhalta.

Cuimsítear leis na táillí údaráis atá léirithe i Nóta 6 fabhruithe de €245 (2018: €157). Íocadh costais taistil leis an Uasal Donie O'Leary, chomh maith, ar luach €349 (2018: €492) maidir lena théarma feidhme ar an Ghrúpa Páirtithe Leasmhara um Míchumais agus ar a fho-choiste. Íocann an ÚNM na costais sin leis agus tuairiscítear iad faoin teideal Tionscadail agus Oibreacha a Coimisiúnaíodh atá Iníoctha (Nóta 5).

Luach Saothair an Stiúrthóra

Íocadh tuarastal €104,617 leis an stiúrthóir in 2019 (2018: €103,271) ar (Ard-)scála pá Príomhoifigeach Státseirbhíse. Baineann an méadú bliain ar bhliain leis an aischur pá ón 1 Eanáir 2018 faoin Acht um Bearta Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2015 (FEMPI) agus an tAcht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. Ní dhearnadh aon íocaíocht eile sa bhliain leis an Stiúrthóir i dtaobh pá. Is ball de scéim aoisliúntais na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais í an Stiúrthóir agus ní shíneann a cuid teidlíochtaí thar na ngnáth-theidlíochtaí atá ar fáil faoi scéim den sórt sin.

Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais

Asbhaineadh €81,043 (2018: €92,838) ón bhfoireann tríd an ranníocaíocht aoisliúntais bhreise agus choimeád an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais é. Tháinig an Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (an RAB) in ionad 'na hAsbhainte a Bhaineann le Pinsean' (ABP) le héifeacht ón 1 Eanáir 2019 agus ranníocaíocht bhuan í atá bunaithe ar luach saothair inphinsin amháin.

7. An Cuntas Caipitil

	2019 €	2018 €
Iarmhéid tosaigh	2,977,084	3,014,066
Ioncam a cuireadh i bhfeidhm ar cheannach sócmhainní seasta	20,381	40,669
An méid a amúchadh sa bhliain ar aon dul le dímheas sócmhainne	(75,686)	(77,651)
Aistrithe chuig/ó Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim	(55,305)	(36,982)
Iarmhéid deiridh	2,921,779	2,977,084

8. Maoin, Gléasra agus Trealamh

	Crua-Earraí agus Bogearraí Ríomhaire €	Daingneáin agus Feistis, Trealamh €	Réadmhaoin ruilse €	Iomlán €
Costas amhail an 1 Eanáir 2019	28,661	110,476	4,459,907	4,599,044
Breiseanna	-	6,080	14,301	20,381
Díuscairtí	(2,105)	-	-	(2,105)
Amhail an 31 Nollaig 2019	26,556	116,556	4,474,208	4,617,320
 Dímheas amhail an 1 Eanáir 2019	28,661	107,076	1,486,223	1,621,960
Dímheas ar Dhiúscairtí	(2,105)	-	-	(2,105)
Muirear don bhliain	-	986	74,700	75,686
Amhail an 31 Nollaig 2019	26,556	108,062	1,560,923	1,695,541
 Glanluach de réir na leabhar amhail an 1 Eanáir 2019	-	3,400	2,973,684	2,977,084
Glanghluaiseacht don Bhliain	-	5,094	(60,399)	(55,305)
Amhail an 31 Nollaig 2019	-	8,494	2,913,285	2,921,779

Feidhmíonn an tÚdarás a ghnó féin ó áitreabh ag 25 Bóthar Chluaidh, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4, agus is leis féin an t-áitreabh sin. Níl aon réadmhaoin eile ag an Údarás agus níl aon réadmhaoin amach ar léas aige.

9. Easnamh/barrachas don Bhliain

Mar atá luaite sna beartais chuntasaíochta, tuairscítear deontais ón Oireachtas ar bhonn fáltais airgid agus léiríonn sé na hollíocaíochtaí a rinne an Roinn thar ceann an ÚNM arna seach-chur i roinnt cásanna le fáltais ar íocadh iad leis an Roinn. Tuairiscítear ioncam agus caiteachas eile sna ráitis airgeadais seo ar bhonn fabhrúithe. Mar gheall air sin, ní hionann an barrachas/easnamh ar an ráiteas ar ioncam cuimsitheach agus gnáth-bharrachas/easnamh oibriúcháin. Is éard is cúis leis sin, den chuid is mó, ná an athraitheas idir maoiniú bunaithe ar airgead tirim agus caiteachas a ndéantar cuntas air ar bhonn fabhrúithe.

10. Infháltais

	2019 €	2018 €
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais*	415,832	334,903
Réamhíocaíochtaí	48,474	35,257
Féichiúnaithe eile	35,767	17,901
	500,073	388,061

* Íoctar costais chnapshuimeanna pinsin ó chuntas sonrach/fionraí a choimeádann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun na críche sin. Coimeádann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ranníocaíochtaí aoisliúntais ón bhfoireann go léir agus déanann sí iad seo a chur do shochair an chuntais sin gach coicís. Gearrtar íocaíochtaí cnapshuime i rith na bliana ar an gcuntas sin. Is éard atá san iarmhéid anseo an méid atá á choimeád sa chuntas an 31 Nollaig 2019.

11. Suimeanna iníoctha - suimeanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin

	2019 €	2018 €
An Roinn Dlí agus Cirt	57,173	21,800
Fabhrú pá saoire	66,356	52,155
Táille Iniúchóireachta	17,600	16,000
Fabhruithe eile	40,075	82,357
	181,204	172,312

12. Suimeanna iníoctha – méideanna dlite tar éis bliain amháin

Cuimsítear le creidiúnaithe a bhíonn dlite tar éis bliain amháin €10,000 (2018: €10,000) arna shealbhú mar éarlais chíos maidir leis an gcomhaontú léasa i dtaca le cuid den réadmhaoin atá sealbhaithe ag 25 Bóthair Chluaidh.

13. Na Bainisteoirí Príomhúla

Is ionann na phríomhphearsanra bainistíochta agus an Stiúrthóir i gcuideachta le 3 Bainisteoirí Shinsearacha. Is ionann an luach saothair iomlán, seachas PRSI an fhostóra, a íocadh leis an príomhfhoireann bainistíochta agus €384,846 (2018: €389,146). Rinneadh luach saothair na príomhfhoirne bainistíochta a ró-thuairisciú in 2018 mar bhí €25,810 de ÁSPC an Fhostóra curtha san áireamh leis. B'ionann táillí chomhaltaí údaráis agus €53,438 (2018: €59,428). Féach Nóta 6, mura miste, chun teacht ar mhiondealú ar an luach saothair agus na sochair a íocadh leis an bhfoireann go léir, an Stiúrthóir ina measc. Nochtar íocaíochtaí le comhaltaí an Údaráis sa Ráiteas Rialachais.

14. Nochtadh ó Pháirtithe Gaolmhara

Glacann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais le nósanna imeachta de réir na dtreoirilínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chumhdaíonn leasanna pearsanta bhaill an Údaráis. I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh an ÚNM deontais a fhaomhadh nó iontráil isteach i socruithe conarthacha eile le haonáin ina bhfostaítear comhaltaí Údaráis an ÚNM nó ina mbíonn leas acu ar bhealach eile. I gcásanna ina bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ann, ní fhaigheann baill de chuid an Údaráis cáipéisí an Bhoird, agus ní ghlacann siad páirt sa díospóireacht i leith na hidirbhearta i gceist, ná ní fhreastalaíonn siad ar na cruinnithe atá gaolmhar leis. Déantar clár maidir le gach uile eachtra dá leithéid a choimeád agus a chur ar fáil ach iarratas a bheith déanta chuige sin.

Níorbh ann d'aon idirbhearta sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis ina raibh aon leas tairbhiúil ag comhaltaí an Údaráis.

15. Imeachtaí i ndiaidh an Dáta Tuairiscithe

Ag an tráth a fhaomhtar na ráitis airgeadais, bíonn ionchas réasúnta ag an ÚNM go bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu chun leanúint ar aghaidh lena n-oibríochtaí. Ar an gcúis seo, leanann an ÚNM ag glacadh leis an mbonn gnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

D'imir paidéim Covid-19 tionchar ar an mbealach a oibríonn an ÚNM, agus aistríodh an fhoireann go léir amach ón suíomh agus atreoraíodh na hacmhainní chun impleachtaí na paidéime a bhainistiú. Níl súil leis go ndéanfar aon difear do ráitis airgeadais 2019 agus ní thuairimid go n-imreofar tionchar suntasach ar an mbliain 2020. Cuirtear ioncam an ÚNM ar fáil ó chistiú deontais, a leantar lena fháil i rith na paidéime agus, ar an ábhar sin, tá tionchar níos lú á imirt air i dtaobh cúrsaí airgeadais de ná mar atá á imirt ar na tionscail siúd a dúnadh nó a bhfuil aschur teoranta acu.

16. Faomhadh na ráiteas airgeadais

Rinne Bord an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais na ráitis airgeadais a fhaomhadh an 4 Meitheamh 2020.

Faisnéis Ghinearálta

Ceannoifig:	25 Bóthar Chluaidh, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4
Stiúrthóir:	Aideen Hartney (Ceaptha an 13 Iúil 2020) Siobhan Barron
Aturnaetha:	Messrs. Beauchamps, Duga na Canála Móire, Baile Átha Cliath 2
Baincéirí:	Banc na hÉireann, 104 Raghmallach, Baile Átha Cliath 6 Banc na hÉireann, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4
Iniúcháirí:	an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, 3a Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath 1

Aguisín 1: An tÚdarás agus coistí eile in 2019

Ainm:	Ról:	Dáta an Cheapacháin:
Helen Guinan	Cathaoirleach	Iúil 2014*
Ruthann La Malfa	Comhalta	Iúil 2014*
Teresa McDonnell	Comhalta	Iúil 2014*
Deaglan O'Briain	Comhalta	Iúil 2014*
Aisling Glynn	Comhalta	Meitheamh 2017
Jack Kavanagh	Comhalta	Lúnasa 2018
Cathal Morgan	Comhalta	Lúnasa 2018
Kathryn O'Donoghue	Comhalta	Lúnasa 2018
Martha Griffin	Comhalta	Lúnasa 2018
Deirdre O'Connor	Comhalta	Lúnasa 2018
Damian Gordon	Comhalta	Lúnasa 2018
Brian Callanan	Comhalta	Lúnasa 2018
Grainne Collins	Comhalta	Lúnasa 2018

*Baill den Údarás atá ag fónamh ar dhara téarma faoi láthair.

An Coiste Iniúchóireachta

Ainm:	Ról:	Dáta an Cheapacháin:
John Fitzgerald	Cathaoirleach	Márta 2017*
Teresa McDonnell	Comhalta	Iúil 2014*
Tony Fitzpatrick	Comhalta	Meitheamh 2017*
Cathal Morgan	Comhalta	Lúnasa 2018
Kathryn O'Donoghue	Comhalta	Lúnasa 2018
Tim Maverley	Comhalta	Lúnasa 2018
John Maher	Comhalta	Lúnasa 2018

*Baill den Choiste Iniúchóireachta atá ag fónamh ar a ndara téarma faoi láthair.

An Coiste Airgeadais

Ainm:	Ról:	Dáta an Cheapacháin:
Kathryn O'Donoghue	Cathaoirleach	Lúnasa 2018
Ruthann LaMalfa	Comhalta	Iúil 2014*
Pat Fitzsimons	Comhalta	Iúil 2014*
Harry McGeary	Comhalta	Lúnasa 2018
Damian Gordon	Comhalta	Lúnasa 2018
Brian Callanan	Comhalta	Lúnasa 2018

*Baill den Choiste Airgeadais atá ag fónamh ar dhara téarma faoi láthair.

An Coiste Bainistíochta Riosca

Ainm:	Ról:	Dáta an Cheapacháin:
Tim Maverley	Cathaoirleach	Lúnasa 2018
Pat Fitzsimons*	Comhalta	Iúil 2014*
Grúpa Bainistíochta Sinsearach		

*Ball den Choiste um Mheasúnú Riosca atá ag fónamh ar dhara téarma faoi láthair

Coiste um Fheidhmiú an Stiúrthóra

Coiste um Fheidhmiú an Stiúrthóra

Coiste um Fheidhmiú an Stiúrthóra	Role:	Appointment Date:
Helen Guinan	Chairperson	July 2014*
Deirdre O'Connor	Authority Member	July 2014*
Jack Kavanagh	Authority Member	August 2018

*Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus Ball den Choiste atá ag fónamh ar dhara téarma faoi láthair.

Aguisín 2: Ionadaíocht ar chomhlachtaí seachtracha in 2019

- Comhalta de chuid Choiste Stiúrtha an IDS maidir le TILDA (Forlíonadh maidir leis an Míchumais Intleachtúla de chuid an Choiste Stiúrtha um Staidéar Fadaimseartha ar an Aosú).
- Comhalta de chuid Ghrúpa Comhairleach Taighde an tionscadail SaferSpaces i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh

An Roinn Sláinte

- Comhalta de chuid Ghrúpa Forfheidhmithe Náisiúnta an FSS maidir le Treonna Nua
- Comhalta de chuid na Foirne Trípháirtí – Saolta a Bhunathrú chun Feabhais
- Comhalta de chuid an Ghrúpa Maoirseachta um Chur i bhFeidhm Buiséid Phearsantaithe
- Comhalta de chuid Ghrúpa Oibre 2 um Shaolta a Bhunathrú chun Feabhais
- Comhalta de chuid Fhóram Comhairliúcháin Náisiúnta an FSS
- Comhalta de chuid an Fhoghrúpa Cuimsithe Pobail agus Saoránacht Ghníomhach an FSS maidir le Treonna Nua
- Comhalta de chuid an Choiste Comhairliúcháin um Mhíchumas
- Comhalta de chuid Bhord TFC um Míchumais Náisiúnta an FSS
- Comhalta de chuid an Ghrúpa Oiliúna an FSS um Chur Chun Cinn Sheirbhísí Míchumais
- Comhalta de chuid Chreatghrúpa Torthaí Sheirbhísí Míchumais an FSS do Leanaí agus Teaghlaigh
- Coiste Comhairleach um Bunachair Sonraí Míchumais Náisiúnta an Bhoird Taighde Sláinte

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

- Comhalta de chuid Fhoireann Tionscadail AIM
- Comhalta de chuid Ghrúpa Forfheidhmithe Tras-Earnála AIM
- Comhalta de chuid Ghrúpa Oibre na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige ar Eisceachtaí maidir le bheith Ró-Aosta do Leanaí a bhfuil rochtain acu ar chlár Cúraim agus Oideachais Luath-Óige
- Comhalta de chuid TUSLA- Fóram um Chigireacht na Luathbhlianta

An Roinn Oideachais

- Comhalta de chuid Fhóram Comhairliúcháin na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
- Comhalta de chuid Choiste Chomhairleach Straitéiseach um Chearta an Duine an Gharda Síochána

Coistí Comhairleacha na Roinne

Tá 9 gCoiste Comhairleacha Roinne (DCCnna) ann, a bhfuil sé de dhualgas orthu monatóireacht a dhéanamh ar an gcur i bhfeidhm maidir leis an Straitéis Náisiúnta Ionchuimsithe do Dhaoine Faoi Mhíchumas, go háirithe na bearta NDIS ar leithdháileadh ar an Roinn áirithe sin iad. Cuimsítear leo oifigigh roinne/gníomhaireachta, ionadaithe an ÚNM, comhaltaí an DSG, agus ionadaithe eagraíochtaí míchumais go minic, agus tagann siad le chéile 4 huaire sa bhliain (de ghnáth). Seo iad, ag seo a leanas:

- An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
- An Roinn Sláinte
- An Roinn Tithíochta
- An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
- An Roinn Oideachais agus Scileanna
- An Roinn Leanaí
- An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
- An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
- An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (Ní raibh ionadaíocht ag an ÚNM ann in 2019)

Aguisín 3: Foilseacháin 2019

Foilseacháin um an Fhostaíocht

- An Freastal Réasúnta: Constaicí agus Deiseanna chun Daoine faoi Mhíchumas a Fhostú
- Straitéis Fostaíochta Chuimsitheach: 2018: Athbhreithniú deireadh bliana ar an Údarás Náisiúnta Míchumais

An Comhshaol

- Athbhreithniú oibriúcháin ar Alt 25 den Acht um Míchumas, 2005

Straitéis Náisiúnta Ionchuimsithe do Dhaoine Faoi Mhíchumas

- Measúnú Neamhspleách an ÚNM ar an Dul Chun Cinn faoin Straitéis Náisiúnta Ionchuimsithe do Dhaoine Faoi Mhíchumas

An Comhshaol

- Taighde chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt Creata Náisiúnta um an bPleanáil Bunaithe ar an Duine

Aguisín 4: Páipéir ar chomhairle i dtaobh polasaí in 2019

I measc na páipéir ar chomhairle i dtaobh polasaí ar eisíodh in 2019 bhí:

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

- Comhairliúchán ar an Dréachtphean Gníomhaíochta um an gCúram Leanaí
- Comhairliúchán ar Ráiteas Straitéise an RLGÓ 2020 – 2022
- Comhairliúchán ar an Rialáil agus an Feabhsú Cáilíochta do Chúram Leanaí ar Aois Scoile

An Roinn Oideachais & Scileanna

- Comhairliúchán ar Chomhairle an NCSE maidir le Ról Scoileanna Speisialta agus Ranganna Speisialta sa Todhchaí
- Comhairliúchán ar Threoirlínte do Scoileanna faoi conas tráthchláir laghdaithe a úsáid i scoileanna
- Comhairliúchán ar Threoirlínte um Shrianadh Fisiciúil agus Leithlisiú i Scoileanna

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

- Athbhreithniú ar an Acht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha, 1989
- Comhairliúchán Cigireachta an Gharda Síochána maidir le Socruithe Coimeádta

An Roinn Sláinte

- Comhairliúchán ar na Dréacht-Sonraíochtaí Seirbhíse Atá Beartaithe, ar na Critéir Mheasúnaithe agus Próiseas chun an Lárionad don Tráma Tromchúiseach a Ainmniú le bheith áirithe sa Lár-Líonra Tráma
- Comhairliúchán ar an oiriúnú um an athrú aeráide don earnáil sláinte

Roinn an Taoisigh

- Comhairliúchán ar an Straitéis Náisiúnta Dhigiteach



An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
25 Bóthar Chluaidh, Baile Átha
Cliath 4
Teileafón: (01) 608 0400
Facs: (01) 660 9935
www.nda.ie

Is comhlacht stáit neamhspleách é an
tÚdarás Náisiúnta Míchumais a chuireann a
sainchomhairle maidir le polasaí agus cleachtadh
míchumais ar fáil don Aire, agus a chuireann an
Dearadh Uilíoch chun cinn in Éirinn.